



Uimhir 21 de 2014

ACHT NA dTITHE (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2014

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú
2. Tosach feidhme
3. Mínithe (i gcoitinne)
4. Rialacháin
5. Caiteachais an Aire

CUID 2

TIONÓNTACHTAÍ ÚDARÁIS ÁITIÚIL A FHOIRCEANNADH, ETC.

6. Léiriú (*Cuid 2*)
7. Rabhadh tionóntachta a bhaineann le hiompar frithshóisialta, etc.
8. Rabhadh tionóntachta a bhaineann le riaráiste cíosa
9. Rabhadh tionóntachta a bhaineann le sárú eile ar thionóntacht
10. Athbhreithniú ar rabhadh tionóntachta
11. An lá a thiochfaidh rabhadh tionóntachta in éifeacht
12. Imeachtaí maidir le seilbh ar theaghais údaráis áitiúil
13. Imeachtaí maidir le seilbh i gcoinne duine is áititheoir ar theaghais údaráis áitiúil
14. Teaghaisí údaráis áitiúil tréigthe
15. Teaghaisí tréigthe a athshealbhú

16. Iarratas chun na cúirte i leith tionóntacht arna foirceannadh faoi *alt 15*
17. Bás tionónta agus seilbh a aisghabháil i gcásanna áirithe
18. *Cuid 2* agus leasú ar an bPríomh-Acht
19. *Cuid 2* agus leasú ar Acht 1997
20. *Cuid 2* agus leasú ar Acht 2009

CUID 3

TIONÓNTAÍ DO CHEANNACH TITHE

21. Léiriú (*Cuid 3*)
22. An méid a bhaineann *Cuid 3* le tithe áirithe
23. Dícháiliúcháin chun teach a cheannach
24. Ioncam tionónta a ríomh
25. Teach a dhíol le tionónta
26. Ordú muirir
27. Scaoileadh incriminteach a fhionraí
28. Íocaíocht le linn na tréimhse muirearaithe i leith sciar muirearaithe nó scaoileadh incriminteach
29. Rialú ar athdhíol tí
30. Rialacháin (*Cuid 3*)
31. *Cuid 3* agus leasú ar an bPríomh-Acht
32. *Cuid 3* agus leasú ar Acht 1992
33. *Cuid 3* agus leasú ar Acht 1997
34. *Cuid 3* agus leasú ar Acht 2009

CUID 4

CÚNAMH TITHÍOCHTA

35. Léiriú (*Cuid 4*)
36. Srian le feidhm an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004
37. Cúnamh tithíochta faoi *Chuid 4* agus tacaíocht do thithíocht shóisialta faoi Acht 2009
38. Teaghais a bheith á roinnt ag níos mó ná teaghlach amháin
39. Cúnamh tithíochta

40. Níl údarás tithíochta faoi dhliteanas i leith cíos atá dlite do thiarna talún
41. Ceanglais i ndáil le teaghais
42. Ceanglais i ndáil le tiarna talún
43. Íocaíochtaí cúnamh tithíochta
44. Teaghlach cáilithe d'íoc ranníoc cíosa
45. Neamh-incháilitheacht le haghaidh cúnamh tithíochta, etc.
46. Athrú teaghaise
47. Cúnamh tithíochta i leith cóiríocht arna soláthar faoin scéim cúnamh chaipitiúil
48. Athbhreithniú ar bhreitheanna áirithe
49. *Cuid 4* agus leasú ar Acht 2009
50. Feidhm *Chuid 4* maidir le húdaráis tithíochta
51. Caiteachais a thabhóidh údarás tithíochta faoi *Chuid 4*

CUID 5

ILGHNÉITHEACH

52. Míniú (*Cuid 5*)
53. An tAire Coimirce Sóisialaí d'asbhaint cíos údaráis áitiúil, etc.
54. Leasuithe ar Acht 2005
55. Sonraí a roinnt agus a mhalartú
56. Leasú ar alt 31 (scéimeanna cíosa agus muirir) d'Acht 2009
57. Leasú ar an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014
58. Leasú ar an Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981

[Uimh. 21.]

Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014

[2014.]

NA hAchtanna dá dTagraítear

An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 (Uimh. 1)
Na hAchtanna Cánach Gnóchan Caipitiúil
Acht an Bhainc Ceannais, 1971 (Uimh. 24)
Acht na Leanaí, 2001 (Uimh. 24)
An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 (Uimh. 24)
Acht na gCuideachtaí, 1963 (Uimh. 33)
An tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976 (Uimh. 27)
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992 (Uimh. 18)
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 (Uimh. 21)
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002 (Uimh. 9)
Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 (Uimh. 22)
Achtanna na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos), 1982 agus 1983
Acht na dTithe, 1966 (Uimh. 21)
Acht na dTithe, 1988 (Uimh. 28)
Achtanna na dTithe, 1966 go 2014
An tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981 (Uimh. 37)
An tAcht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009 (Uimh. 27)
An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2), 1978 (Uimh. 16)
Na hAchtanna um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí, 1967 go 2008
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)
An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 (Uimh. 1)
An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011 (Uimh. 10)
An tAcht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2013 (Uimh. 29)
Na hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 go 2007
An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (Uimh. 30)
An tAcht um Chlárú Teidil, 1964 (Uimh. 16)
An tAcht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 (Uimh. 27)
Na hAchtanna um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 agus 2009
Na hAchtanna Leasa Shóisialaigh
An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 (Uimh. 26)
An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 (Uimh. 31)
Na hAchtanna Cánach
An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)
Na hAchtanna Cánach Breisluacha



Uimhir 21 de 2014

ACHT NA dTITHE (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2014

[An tiontú oifigiúil]

Acht do dhéanamh socrú breise i ndáil le tithíocht a sholáthraíonn údaráis tithíochta agus chun na críche sin do leasú agus do leathnú Achtanna na dTithe, 1966 go 2014, do dhéanamh socrú maidir le cúnamh airgeadais ag údaráis tithíochta i leith cíos is iníochta ag tionóntaí tithíochta áirithe, do dhéanamh socrú maidir le híocaíochtaí agus liúntais leasa shóisialaigh áirithe is iníochta le duine faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a chur ar aghaidh go díreach chuig údarás tithíochta i leith cíosa nó i leith oibleagáidí a bhaineann le cíos agus chun na críche sin do leasú an dlí a bhaineann le híocaíochtaí den sórt sin, do leasú an Achta um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981 agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe comhghaolmhara.

[23 Iúil, 2014]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú

1. (1) Féadfar Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 a ghairm den Acht seo.
(2) Léifear an tAcht seo agus Achtanna na dTithe, 1966 go 2014 le chéile mar aon ní amháin agus folófar iad sa chomhlua “Achtanna na dTithe, 1966 go 2014”.

Tosach feidhme

2. Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Míitithe (i gcoitinne)

3. San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 1992” Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1992;

ciallaíonn “Acht 1997” Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997;

ciallaíonn “Acht 2009” Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009;

ciallaíonn “comhlacht ceadaithe” comhlacht atá arna cheadú chun críocha alt 6 d’Acht 1992;

tá le “teaghlach” an bhrí a thugtar dó le halt 2(1) d’Acht 2009;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire;

ciallaíonn “Príomh-Acht” Acht na dTithe, 1966.

Rialacháin

4. (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar aon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú nó mar ní a bheidh ina ábhar do rialacháin nó chun a chumasú go mbeidh lánéifeacht le haon fhoráil dá chuid.

(2) Maidir le rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo—

(a) féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha, iarmhartacha nó idirthréimhseacha a bheith iontu is dealraitheach don Aire a bheith riachtanach chun críocha na rialachán, agus

(b) féadfaidh sé a bheith sainráite iontu go bhfuil feidhm acu i gcoitinne nó—

(i) go bhfuil feidhm acu maidir le húdaráis tithíochta nó limistéir shonraithe, nó

(ii) go bhfuil feidhm acu maidir le húdaráis tithíochta, limistéir, mórláithreacha árasán (de réir bhrí alt 50 d’Acht 2009), teaghaisí, tionóntachtaí, iasachtaí, morgáistí, daoine, teaghlaigh, oibreacha nó aon ní eile d’aicme shonraithe nó d’aicmí sonraithe, arna sainiú faoi threoir cibé nithe lena mbaineann an fhoráil nó na forálacha den Acht seo faoina ndéantar na rialacháin agus is cú leis an Aire, agus féadfaidh sé a bheith sainráite go bhfuil feidhm ag forálacha éagsúla de na rialacháin sin maidir le húdaráis tithíochta nó limistéir éagsúla nó maidir le haicmí éagsúla údarás tithíochta, limistéar, mórláithreacha árasán (de réir bhrí alt 50 d’Acht 2009), teaghaisí, tionóntachtaí, iasachtaí, morgáistí, daoine, teaghlach, oibreacha nó nithe eile.

(3) Leagfar gach rialachán faoin Acht seo faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin rún a rith ag neamhniú an rialachán laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Caiteachais an Aire

5. Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

CUID 2

TIONÓNTACHTAÍ ÚDARÁIS ÁITIÚIL A FHOIRCEANNADH, ETC.

Léiriú (Cuid 2)

6. (1) Sa Chuid seo—

ciallaíonn “tithíocht incheannaithe”—

- (a) teach incheannaithe arna sholáthar faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 nó faoi Chuid 2 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002, nó
- (b) teaghais incheannaithe arna ceannach faoi shocruithe ceannaigh teaghaise incheannaithe dá bhforáiltear le Cuid 5 d’Acht 2009,

de réir mar a bheidh;

ciallaíonn “teaghais” teaghais arna soláthar ag údarás tithíochta faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2014 nó faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, seachas tithíocht incheannaithe, agus folaíonn sé aon fhoirgneamh nó aon chuid d’fhoirgneamh a bhfuil údarás ina úinéir air agus a theastaíonn ón údarás chun críocha na nAchtanna sin;

ciallaíonn “oibleagáid a bhaineann le cíós”—

- (a) an téarma de chomhaontú tionóntachta lena gceanglaítear an méid cíosa arna chinneadh faoi alt 58 den Phríomh-Acht nó faoi alt 31 d’Acht 2009 a íoc ar na dátaí dlite, agus
- (b) téarma de shocruithe athsceidealaithe;

ciallaíonn “socruithe athsceidealaithe” socruithe a bhaineann le riaráiste cíosa a íoc agus folaíonn sé socruithe dá dtagraítear in alt 34(2) d’Acht 2009;

ciallaíonn “comhaontú tionóntachta”—

- (a) comhaontú, idir duine agus údarás tithíochta, atá de chineál dá dtagraítear in alt 58(4)(b) den Phríomh-Acht, faoina gceadaítear don duine teaghais lena mbaineann an t-alt sin a áitiú nó a úsáid, nó
- (b) comhaontú tionóntachta dá dtagraítear in alt 29 d’Acht 2009.

(2) Aon tagairt sa Chuid seo do chíós, folaíonn sí tagairt do mhuirir i leith teaghaise, cibé acu ar mhodh cíosa nó ar shlí eile, i leith oibreacha nó seirbhísí arna soláthar faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2014 nó faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

Rabhadh tionóntachta a bhaineann le hiompar frithshóisialta, etc.

7. (1) San alt seo, ciallaíonn “téarma sonraithe” téarma de chomhaontú tionóntachta lena dtoirmisctear—

- (a) iompar frithshóisialta,

- (b) núis nó iompar ar dóigh dó crá nó cur isteach a tharraingt ar chomharsana, nó
- (c) ar an tionónta a cheadú go feasach do dhuine, a bhfuil ordú eisiata faoi alt 3 d'Acht 1997 nó ordú eisiata eatramhach faoi alt 4 den Acht sin i bhfeidhm ina choinne nó ina coinne i leith na teaghaise lena mbaineann, dul isteach sa teaghais de shárú ar an ordú eisiata nó ar an ordú eisiata eatramhach, de réir mar a bheidh.
- (2) Féadfaidh údarás tithíochta rabhadh tionóntachta a eisiúint faoin alt seo chuig tionónta i gcás, i dtuairim an údaráis, gur sháraigh an tionónta nó duine dá theaghlach nó dá theaghlach téarma sonraithe den chomhaontú tionóntachta.
- (3) Leagfar amach in aon rabhadh tionóntachta arna eisiúint faoin alt seo, faoi réir *fho-alt (5)*, an bonn maidir lena eisiúint agus an chúis ar eisíodh é agus chun na gcríoch sin—
- (a) leagfar amach ann—
- (i) an téarma sonraithe nó na téarmaí sonraithe atá á shárú nó á sárú, nó a sáraíodh, i dtuairim an údaráis tithíochta,
- (ii) cineál an tsáraithe sin, lena n-áirítear ainm an duine den teaghlach (má tá an t-ainm sin ar fáil go héasca ag an údarás tithíochta) ba chúis leis an sárú sin, ócáid an tsáraithe agus, más iomchuí, éifeacht dhochrach shuntasach nó leanúnach an tsáraithe ar cháilíocht beatha na ndaoine i gceantar na teaghaise lena mbaineann an comhaontú tionóntachta,
- (b) ceanglófar leis ar an tionónta a chinntiú maidir leis an duine den teaghlach ba chúis leis an sárú sin—
- (i) go scoirfidh sé nó sí de ghníomhartha sonraithe a dhéanamh nó nach ndéanfaidh sé nó sí arís iad, nó
- (ii) go ndéanfaidh sé nó sí gníomhartha sonraithe a ghabháil de láimh,
- chun nach dtarlóidh an éifeacht dhochrach arís nó nach leanfaidh sí ar aghaidh,
- (c) cuirfear in iúl ann gurb amhlaidh, má leanann an sárú ar aghaidh le linn an 12 mhí tar éis don rabhadh tionóntachta a theacht in éifeacht nó má dhéantar arís é laistigh den tréimhse sin, go bhféadfaidh an t-údarás ansin—
- (i) iarratas a dhéanamh faoi *alt 12* chun seilbh ar an teaghais a aisghabháil, nó
- (ii) más cuí, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche (faoi alt 3 d'Acht 1997) ar ordú eisiata i gcoinne an duine den teaghlach ba chúis leis an sárú sin,
- (d) cuirfear in iúl ann go bhféadfaidh an t-údarás tithíochta, le linn na tréimhse 3 bliana tar éis do rabhadh tionóntachta a theacht in éifeacht, an rabhadh tionóntachta a chur i gcuntas le linn breithniú a dhéanamh i dtaobh—
- (i) an dtoileoidh sé, faoi *fho-alt (12)* d'alt 90 den Phríomh-Acht, le teaghais a dhíol leis an duine a aithnítear sa rabhadh tionóntachta mar an duine ba chúis leis an sárú ar an téarma sonraithe, i gcás gurbh iad na forais atá leagtha amach i bhfomhír (a)(ii) den *fho-alt* sin na forais leis an diúltú,

(ii) an dtoileoidh sé, faoi fho-alt (3) d'alt 48 d'Acht 2009, le teaghais a dhíol, le linn na tréimhse muirearaithe, leis an duine a aithnítear sa rabhadh tionóntachta mar an duine ba chúis leis an sárú ar an téarma sonraithe, i gcás gurbh iad na forais atá leagtha amach i mír (b) den fho-alt sin na forais leis an diúltú,

(iii) an dtoileoidh sé, faoi fho-alt (4) d'alt 76 d'Acht 2009, le teaghais a dhíol, le linn na tréimhse muirearaithe, leis an duine a aithnítear sa rabhadh tionóntachta mar an duine ba chúis leis an sárú ar an téarma sonraithe nó ar na téarmaí sonraithe, i gcás gurbh iad na forais atá leagtha amach i mír (b) den fho-alt sin na forais leis an diúltú,

(iv) an dtoileoidh sé, faoi *fho-alt (3) d'alt 29*, le teach a dhíol, le linn na tréimhse muirearaithe, leis an duine a aithnítear sa rabhadh tionóntachta mar an duine ba chúis leis an sárú ar an téarma sonraithe nó ar na téarmaí sonraithe, i gcás gurbh iad na forais atá leagtha amach i mír (b) den fho-alt sin na forais leis an diúltú,

(v) an ndiúltóidh sé, faoi alt 14(2) d'Acht 1997, teaghais a dhíol—

(I) leis an tionónta (is tionónta de réir bhrí Chuid 4 d'Acht 2009 nó a bhfuil feidhm ag *Cuid 3* maidir leis nó léi) lena mbaineann,

(II) leis an teaghlach incháilithe (de réir bhrí Chuid 3 nó 5 d'Acht 2009) lena mbaineann, nó

(III) leis an duine lena mbaineann (i gcás lena mbaineann alt 90 den Phríomh-Acht),

nó

(vi) an ndiúltóidh sé, faoi alt 14(1) d'Acht 1997, teaghais a leithroinnt ar an tionónta nó ar an duine den teaghlach a aithnítear sa rabhadh tionóntachta mar an duine ba chúis leis an sárú ar an téarma sonraithe nó an leithroinnt a chur siar,

agus

(e) leagfar amach ann ceart an tionónta, faoi *alt 10*, chun athbhreithniú ar an rabhadh tionóntachta a iarraidh.

(4) Déanfar rabhadh tionóntachta a sheirbheáil ar an tionónta (ag an teaghais lena mbaineann nó ar shlí eile) nó, má tá sé nó sí as láthair ón teaghais, ar cibé duine eile ag an teaghais a bheidh forordaithe nó, más rud é go ndearna an t-údarás tithíochta iarracht, ach nár éirigh leis, é a sheirbheáil amhlaidh, trína sheirbheáil amhlaidh ina dhiaidh sin nó trína sheirbheáil ar cibé modh eile a bheidh forordaithe.

(5) Le linn dó an bonn atá le rabhadh tionóntachta a leagan amach faoin alt seo, beidh aird chuí ag údarás tithíochta ar chéannacht daoine a chosaint, is daoine a chuir an sárú ar an téarma sonraithe in iúl dó in imthosca ina bhféadfaí, i dtuairim an údaráis, mura ndéanfaí amhlaidh—

(a) na daoine sin, nó daoine atá bainteach leo, a chur i mbaol foréigin, bagartha nó eagla de dhroim an méid sin a chur in iúl amhlaidh, nó

- (b) na daoine sin a chosc ar shlí eile ar an méid sin a chur in iúl amhlaidh mar gheall ar an bhforéigean, ar an mbagairt nó ar an eagla sin.

Rabhadh tionóntachta a bhaineann le riaráiste cíosa

8. (1) Féadfaidh údarás tithíochta rabhadh tionóntachta a eisiúint faoin alt seo chuig tionónta a bhfuil oibleagáid a bhaineann le cíos á sárú aige nó aici.

- (2) Maidir leis an rabhadh tionóntachta—

- (a) leagfar amach ann an bonn atá leis an rabhadh tionóntachta, is é sin le rá, an oibleagáid a bhaineann le cíos a ndearnadh sárú uirthi, an méid riaráiste cíosa atá fabhráithe agus an tréimhse ar lena linn nach raibh an méid sin íoctha,
- (b) tabharfar sracléiriú ann ar aon ócáid sna 5 bliana roimh an rabhadh tionóntachta sin ar a raibh oibleagáid a bhaineann le cíos á sárú ag an tionónta nó ag duine dá theaghlach nó dá teaghlach agus ar an staid maidir le híoc an riaráiste cíosa lena mbaineann,
- (c) ceanglófar leis ar an tionónta an riaráiste cíosa a íoc láithreach nó, i gcás go mbeadh cruatan míchuí ar an teaghlach mar gheall ar an íoc sin, dul i dteagmháil láithreach leis an údarás tithíochta d'fhonn dul i mbun socrúithe athsceidealaithe i leith an riaráiste cíosa lena mbaineann,

- (d) cuirfear in iúl ann gurb amhlaidh, más rud é, laistigh de 2 mhí tar éis don rabhadh tionóntachta a theacht in éifeacht—

- (i) nár íocadh an riaráiste cíosa leis an údarás, nó

- (ii) nach ndearnadh socrúithe athsceidealaithe leis an údarás tithíochta,

ansin go bhféadfaidh an t-údarás imeachtaí a thionscnamh faoi *alt 12* chun seilbh ar an teaghais a aisghabháil,

- (e) cuirfear in iúl ann gurb amhlaidh—

- (i) má íocann an tionónta an riaráiste cíosa nó má íoctar thar a cheann nó thar a ceann é laistigh de 2 mhí tar éis don rabhadh tionóntachta a theacht in éifeacht, agus

- (ii) má mhainníonn an tionónta cíos a íoc nó má mhainnítear é a íoc thar a cheann nó thar a ceann ar an dáta dlite sa tréimhse 12 mhí tar éis don rabhadh tionóntachta a theacht in éifeacht,

ansin go bhféadfaidh an t-údarás tithíochta, ach amháin i gcás go ndéanfaidh an t-údarás agus an tionónta nó na daoine eile dá theaghlach nó dá teaghlach nó iad araon, le linn na tréimhse sin, socrúithe athsceidealaithe chun an riaráiste cíosa a íoc, iarratas a dhéanamh faoi *alt 12* chun seilbh ar an teaghais a aisghabháil gan rabhadh tionóntachta eile a eisiúint chuig an tionónta,

- (f) cuirfear in iúl ann gurb amhlaidh, más rud é go ndéanfaidh an tionónta nó na daoine eile dá theaghlach nó dá teaghlach nó iad araon socrúithe athsceidealaithe leis an údarás tithíochta agus má mhainníonn sé nó sí, le linn théarma na socrúithe sin, aisíocaíocht a dhéanamh nó cíos a íoc ar dháta dlite, go bhféadfaidh

an t-údarás, ach amháin más deimhin leis an údarás gurbh imthosca nach raibh aon neart ag an teaghlach orthu ba chúis leis an mainneachtain aisíocaíocht a dhéanamh nó cíos a íoc ar dháta dlite agus go ndéanfaidh an tionónta nó an teaghlach socruithe athsceidealaithe athbheithnithe chun an riaráiste cíosa a íoc, iarratas a dhéanamh faoi *alt 12* chun seilbh ar an teaghais a aisghabháil gan rabhadh tionóntachta eile a eisiúint chuig an tionónta,

- (g) tabharfar sracléiriú ann ar na forálacha sa reachtaíocht tithíochta a bhaineann le tionóntaí nó le teaghlaigh óna bhfuil riaráiste cíosa dlite d'aon údarás tithíochta agus nach ndearna socruithe athsceidealaithe chun an riaráiste sin a íoc,
 - (h) leagfar amach ann ceart an tionónta, faoi *alt 10*, chun athbheithniú ar an rabhadh tionóntachta a iarraidh, agus
 - (i) i gcás go mbeidh a fhios ag an údarás tithíochta, nó go mbeidh drochamhras air, go bhfuil fiacha eile le híoc ag an tionónta i dteannta riaráiste cíosa, déanfar faisnéis a leagan amach ann maidir leis an áit inar féidir leis an teaghlach comhairle agus cúnaimh fiachais a fháil.
- (3) Déanfar rabhadh tionóntachta a sheirbheáil ar an tionónta (ag an teaghais lena mbaineann nó ar shlí eile) nó, má tá sé nó sí as láthair ón teaghais, ar cibé duine eile ag an teaghais a bheidh forordaithe nó, más rud é go ndearna an t-údarás tithíochta iarracht, ach nár éirigh leis, é a sheirbheáil amhlaidh, trína sheirbheáil amhlaidh ina dhiaidh sin nó trína sheirbheáil ar cibé modh eile a bheidh forordaithe.

Rabhadh tionóntachta a bhaineann le sárú eile ar thionóntacht

9. (1) Féadfaidh údarás tithíochta rabhadh tionóntachta a eisiúint chuig tionónta faoin alt seo i gcás gur sháraigh sé nó sí nó duine dá theaghlach nó dá teaghlach téarma den chomhaontú tionóntachta seachas téarma lena mbaineann *alt 7* nó *8*.
- (2) Maidir leis an rabhadh tionóntachta—
- (a) leagfar amach ann, faoi réir *fho-alt (4)*, an bonn atá leis an rabhadh tionóntachta, is é sin le rá, an téarma den tionóntacht a sáraíodh, cineál agus ócáid an tsáraithe agus ainm an duine (má tá an t-ainm sin ar fáil go héasca ag an údarás tithíochta) ba chúis leis an sárú,
 - (b) ceanglófar leis—
 - (i) ar an duine is cúis leis an sárú, agus
 - (ii) más cuí, ar an tionónta nó ar na daoine eile den teaghlach nó orthu araon,

scor de ghníomhartha sonraithe a dhéanamh nó gan gníomhartha sonraithe a dhéanamh arís nó gníomhartha sonraithe a ghabháil de lámh chun nach ndéanfar an sárú arís nó nach leanfaidh sé ar aghaidh,
 - (c) cuirfear in iúl ann gurb amhlaidh, má leanann an sárú ar aghaidh sa tréimhse 12 mhí tar éis don rabhadh tionóntachta a theacht in éifeacht, nó má dhéantar arís é laistigh den tréimhse sin, go bhféadfaidh an t-údarás iarratas a dhéanamh faoi *alt 12* chun seilbh ar an teaghais a aisghabháil gan rabhadh tionóntachta eile a eisiúint chuig an tionónta, agus

- (d) leagfar amach ann ceart an tionónta, faoi *alt 10*, chun athbhreithniú ar an rabhadh tionóntachta a iarraidh.
- (3) Déanfar rabhadh tionóntachta a sheirbheáil ar an tionónta (ag an teaghais lena mbaineann nó ar shlí eile) nó, má tá sé nó sí as láthair ón teaghais, ar cibé duine eile ag an teaghais a bheidh forordaithe nó, más rud é go ndearna an t-údarás tithíochta iarracht, ach nár éirigh leis, é a sheirbheáil amhlaidh, trína sheirbheáil amhlaidh ina dhiaidh sin nó trína sheirbheáil ar cibé modh eile a bheidh forordaithe.
- (4) Le linn dó an bonn atá le rabhadh tionóntachta a leagan amach faoin alt seo, beidh aird chuí ag údarás tithíochta ar chéannacht daoine a chosaint, is daoine a chuir an sárú ar théarma den chomhaontú tionóntachta in iúl dó in imthosca ina bhféadfaí, i dtuairim an údaráis, mura ndéanfaí amhlaidh—
- (a) na daoine sin, nó daoine atá bainteach leo, a chur i mbaol foréigin, bagartha nó eagla de dhroim an méid sin a chur in iúl amhlaidh, nó
- (b) na daoine sin a chosc ar shlí eile ar an méid sin a chur in iúl amhlaidh mar gheall ar an bhforéigean, ar an mbagairt nó ar an eagla sin.

Athbhreithniú ar rabhadh tionóntachta

10. (1) Beidh feidhm ag an alt seo i gcás nach nglacfaidh tionónta leis gur tharla sárú ar chomhaontú tionóntachta nó ar oibleagáid a bhaineann le cíós sna téarmaí a leagtar amach i rabhadh tionóntachta arna eisiúint chuige nó chuici faoi *alt 7, 8* nó *9*.
- (2) Féadfaidh tionónta a iarraidh i scríbhinn (dá ngairtear “iarraidh ar athbhreithniú” san alt seo) ar údarás tithíochta athbhreithniú a dhéanamh ar rabhadh tionóntachta arna eisiúint chuige nó chuici.
- (3) Maidir le hiarraidh ar athbhreithniú—
- (a) tabharfar sracléiriú inti ar na forais ar a ndíospóideann an tionónta an bonn atá leis an rabhadh tionóntachta agus beidh ag gabháil léi aon doiciméid tacaíochta iomchuí, agus
- (b) luafar inti cibé acu is mian nó nach mian leis an tionónta nó le duine dá theaghlach nó dá teaghlach uiríll ó bhéal a dhéanamh leis an údarás tithíochta mar chuid den athbhreithniú.
- (4) Faoi réir *fho-alt (5)*, gheobhaidh an t-údarás tithíochta iarraidh ar athbhreithniú laistigh de 10 lá oibre ón tráth a eiseofar an rabhadh tionóntachta chuig an tionónta.
- (5) Féadfaidh an tAire na cineálacha imthosca maolaitheacha a fhorordú ar dá ndroim a fhéadfar an tréimhse 10 lá dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* a fhadú, de rogha phríomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil lena mbaineann agus ar é nó í a bheith deimhin de go bhfuil feidhm ag aon imthoisc den sórt sin, ar iarratas ón tionónta nó thar ceann an tionónta, go ceann cibé tréimhse bhreise a chinnfidh an príomhfheidhmeannach sin, ach ní faide aon tréimhse bhreise den sórt sin a chinnfear amhlaidh, i dteannta na 10 lá ón tráth a eiseofar an rabhadh tionóntachta lena mbaineann, ná 20 lá oibre ó dháta na heisiúna sin.

- (6) Ar iarraidh bhailí ar athbhreithniú a fháil, déanfaidh príomhfheidhmeannach an údarás áitiúil lena mbaineann oifigeach nó fostaí de chuid údarás áitiúil a cheapadh mar athbhreithnitheoir ar an rabhadh tionóntachta lena mbaineann, ar oifigeach nó fostaí é nó í nach raibh baint aige nó aici leis an mbreith chun an rabhadh tionóntachta a eisiúint agus is airde céim ná an t-oifigeach nó an fostaí a thug an bhreith chun an rabhadh sin a eisiúint.
- (7) Déanfaidh an t-athbhreithnitheoir athbhreithniú ar an mbreith chun an rabhadh tionóntachta a eisiúint amhail is dá mbeadh breith á thabhairt ar an ní den chéad uair agus ar bhonn na faisnéise a bheidh ar fáil dó nó di.
- (8) Déanfaidh athbhreithnitheoir cibé fiosruithe agus buailfidh sé nó sí le cibé duine, lena n-áirítear an tionónta, duine den teaghlach agus comhalta den Gharda Síochána, a measfaidh sé nó sí ina leith gur cuí bualadh leis nó léi sna himthosca.
- (9) Ach amháin i gcás go gcomhaontóidh an t-athbhreithnitheoir agus an tionónta a mhalairt i scríbhinn, tabharfaidh an t-athbhreithnitheoir breith ar an athbhreithniú laistigh de 20 lá tar éis a cheaptha nó a ceaptha nó, más rud é—
- (a) gur mian leis an tionónta nó le duine den teaghlach uiríll ó bhéal a dhéanamh,
- (b) gur mian leis an athbhreithnitheoir bualadh leis an tionónta nó le duine den teaghlach mar chuid den athbhreithniú, nó
- (c) go molfaidh an tionónta athrú ar an rabhadh tionóntachta nó go dtabharfar deis dó nó di trácht nó uiríll a dhéanamh (ó bhéal nó i scríbhinn) ar athrú a mholfaidh an t-athbhreithnitheoir ar an rabhadh tionóntachta,

laistigh de 30 lá tar éis a cheaptha nó a ceaptha.

- (10) Déanfar le breith maidir le hiarraidh ar athbhreithniú—
- (a) an rabhadh tionóntachta a dhaingniú ina théarmaí bunaidh,
- (b) an rabhadh tionóntachta a athrú i dtéarmaí sonrath, nó
- (c) an rabhadh tionóntachta a neamhniú,

agus luafar inti na cúiseanna atá le déanamh amhlaidh agus déanfaidh an t-údarás tithíochta cóip i scríbhinn de bhreith an athbhreithnitheora agus de na cúiseanna atá aige nó aici a chur chuig an tionónta.

- (11) Aon athrú ar rabhadh tionóntachta a mholfaidh an t-athbhreithnitheoir faoi *fho-alt (10)(b)*, seachas chun earráid chléireachais de chineál neamhábhartha a cheartú, ní dhéanfar é gan deis a thabhairt don tionónta i dtosach trácht nó uiríll a dhéanamh ar athrú den sórt sin.
- (12) Féadfaidh tionónta a mbeidh iarraidh ar athbhreithniú déanta aige nó aici, aon tráth sula mbeidh an t-athbhreithniú críochnaithe, fógra i scríbhinn a thabhairt don údarás tithíochta á rá go bhfuil sé nó sí ag tarraingt siar na hiarrata ar athbhreithniú ach beidh aon tarraingt siar den sórt sin faoi réir *fho-alt (13)*.
- (13) Féadfaidh athbhreithnitheoir, d'ainneoin an iarraidh ar athbhreithniú a bheith tarraingthe siar ag an tionónta agus i gcás gur deimhin leis an athbhreithnitheoir

go bhfuil sé in ord déanamh amhlaidh, leanúint den athbhreithniú faoin alt seo amhail is dá mba rud é nach ndearnadh an tarraingt siar agus tabharfaidh an t-údarás tithíochta fógra i scríbhinn don tionónta dá réir sin.

- (14) Más rud é, in athbhreithniú faoin alt seo, go ndéarfaidh comhalta den Gharda Síochána nó oifigeach de chuid údarás tithíochta go gcreideann sé nó sí go bhfuil nó go raibh duine ag gabháil d'iompar frithshóisialta, ansin, más deimhin leis an athbhreithnitheoir go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint sin agus go ndéanfaí duine eile a chur ó fhianaise a thabhairt chuige sin nó a chosc ar fhianaise a thabhairt chuige sin mar gheall ar fhoréigean, ar bhagairt nó ar eagla, féadfaidh an t-athbhreithnitheoir glacadh leis an ráiteas sin mar fhianaise ar an iompar frithshóisialta sin.
- (15) In athbhreithniú ar rabhadh tionóntachta faoin alt seo, beidh aird chuí ag an údarás tithíochta lena mbaineann agus ag an athbhreithnitheoir ar chéannacht daoine a chosaint, is daoine a chuir an sárú in iúl don údarás nó don athbhreithnitheoir in imthosca ina bhféadfaí, i dtuairim an údaráis nó an athbhreithnitheora, mura ndéanfaí amhlaidh—
- (a) na daoine sin, nó daoine atá bainteach leo, a chur i mbaol foréigin, bagartha nó eagla de dhroim an méid sin a chur in iúl amhlaidh, nó
- (b) na daoine sin a chosc ar shlí eile ar an méid sin a chur in iúl amhlaidh mar gheall ar an bhforéigean, ar an mbagairt nó ar an eagla sin.

An lá a thiochfaidh rabhadh tionóntachta in éifeacht

- 11.** (1) Faoi réir *fho-alt (2)* agus (3), tiocfaidh rabhadh tionóntachta in éifeacht ar an dara lá oibre tar éis dheireadh na tréimhse ar laistigh di a d'fhéadfaí iarraidh ar athbhreithniú ar an rabhadh sin a fháil.
- (2) Más rud é go raibh rabhadh tionóntachta ina ábhar d'iarraidh ar athbhreithniú faoi *alt 10* agus—
- (a) nár tarraingíodh siar an rabhadh tionóntachta roimh an lá a críochnaíodh an t-athbhreithniú, nó
- (b) go bhfuil feidhm ag *alt 10(13)* maidir leis an rabhadh tionóntachta,

ansin, ach amháin i gcás go ndéanfar an rabhadh tionóntachta a neamhniú ar athbhreithniú, tiocfaidh an rabhadh tionóntachta in éifeacht ar an dara lá oibre tar éis cóip de bhreith an athbhreithnitheora a bheith curtha chuig an tionónta chun críocha *alt 10(10)* agus sna téarmaí a bheidh sonraithe i mbreith an athbhreithnithe.

- (3) Más rud é go raibh rabhadh tionóntachta ina ábhar d'iarraidh ar athbhreithniú faoi *alt 10* agus gur tarraingíodh siar an iarraidh sin roimh an lá a críochnaíodh an t-athbhreithniú, ansin, ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag *alt 10(13)*, tiocfaidh an rabhadh tionóntachta in éifeacht ar cibé lá is déanaí de na laethanta seo a leanas:
- (a) an lá a chinnfear de réir *fho-alt (1)* amhail is dá mba rud é nach ndearnadh an iarraidh;
- (b) an dara lá oibre tar éis don tionónta fógra a thabhairt don údarás tithíochta de réir *alt 10(12)* faoin tarraingt siar.

Imeachtaí maidir le seilbh ar theaghais údaráis áitiúil

12. (1) I gcás go ndéanfaidh tionónta nó duine dá theaghlach nó dá teaghlach sárú ar chomhaontú tionóntachta nó ar oibleagáid a bhaineann le cíós, féadfaidh an t-údarás tithíochta, faoi réir *fho-alt (3)*, iarratas a dhéanamh (dá ngairtear “iarratas ar sheilbh” san alt seo) chun na Cúirte Dúiche ar ordú seilbhe faoin alt seo.
- (2) Féadfaidh údarás tithíochta iarratas ar sheilbh a dhéanamh maidir le teaghais faoin alt seo d’ainneoin athbhreithniú ar rabhadh tionóntachta a bheith ar siúl a bhaineann le sárú de chineál dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* ar den tsamhail chéanna é leis an sárú lena mbaineann an t-iarratas ar sheilbh.
- (3) (a) Faoi réir *mhír (b)*, déanfaidh údarás tithíochta, tráth nach déanaí ná 10 lá oibre sula n-éistfidh an Chúirt Dúiche iarratas ar sheilbh faoin alt seo maidir le teaghais, fógra i scríbhinn a thabhairt don tionónta—
- (i) á rá go bhfuil sé beartaithe ag an údarás iarratas den sórt sin a dhéanamh,
 - (ii) faoin bhfaisnéis a bheidh le háireamh san iarratas, agus
 - (iii) faoin dáta ar a bhfuil sé beartaithe ag an údarás an t-iarratas a dhéanamh.
- (b) I gcás inar deimhin leis an údarás tithíochta, maidir leis an sárú ar an gcomhaontú tionóntachta lena mbaineann an t-iarratas ar sheilbh, go raibh nó go bhfuil éifeacht dhochrach shuntasach nó leanúnach aige ar cháilíocht bheatha na ndaoine i gceantar na teaghaise, déanfaidh an t-údarás, tráth nach déanaí ná an tráth a dhéanfaidh sé an t-iarratas ar sheilbh, cóip den iarratas ar sheilbh a thabhairt don tionónta.
- (4) Leagfar amach in iarratas ar sheilbh—
- (a) na forais atá leis an iarratas, is é sin le rá, an téarma den chomhaontú tionóntachta nó an oibleagáid a bhaineann le cíós a líomhnaítear gur sáraíodh é agus cineál agus ócáid an tsáraithe, lena n-áirítear ainm an duine (má tá an t-ainm sin ar fáil go héasca ag an údarás tithíochta) ba chúis leis an sárú agus, más iomchuí, éifeacht dhochrach shuntasach nó leanúnach an tsáraithe ar cháilíocht bheatha na ndaoine i gceantar na teaghaise,
 - (b) más rud é gur eisigh aon údarás tithíochta rabhadh tionóntachta chuig duine nó i leith duine laistigh den tréimhse 5 bliana roimh dháta an iarratais agus gurb é nó í an duine sin tionónta na teaghaise lena mbaineann an t-iarratas nó gur duine de theaghlach an tionónta an duine sin, téarmaí an rabhaidh sin agus toradh aon iarrata ar athbhreithniú air, is cuma cé acu a bheidh nó nach mbeidh an sárú is ábhar don rabhadh den tsamhail chéanna leis an sárú lena mbaineann an t-iarratas ar sheilbh,
 - (c) i gcás nár eisigh an t-údarás tithíochta rabhadh tionóntachta i ndáil leis an sárú lena mbaineann an t-iarratas, ráiteas i dtaobh na cúise nach ndearna an t-údarás tithíochta amhlaidh,
 - (d) i gcás nár eisigh an t-údarás tithíochta fógra don tionónta faoi *fho-alt (3)(a)*, ráiteas i dtaobh na cúise nach ndearna an t-údarás tithíochta amhlaidh, agus

- (e) cibé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag an staid a shonraítear i *bhfo-alt (2)* agus, más amhlaidh atá feidhm aici, ráiteas i dtaobh na cúise a bhfuil an t-údarás tithíochta ag lorg an ordaithe ar sheilbh le linn don rabhadh tionóntachta a bheith faoi athbhreithniú.
- (5) Le linn dó na forais atá le hiarratas ar sheilbh a leagan amach faoin alt seo, beidh aird chuí ag údarás tithíochta, más cuí, ar chéannacht daoine a chosaint, is daoine a chuir an sárú in iúl dó in imthosca ina bhféadfaí, i dtuairim an údaráis, mura ndéanfaí amhlaidh—
- (a) na daoine sin, nó daoine atá bainteach le haon duine díobh, a chur i mbaol foréigin, bagartha nó eagla de dhroim an méid sin a chur in iúl amhlaidh, nó
- (b) na daoine sin a chosc ar shlí eile ar an méid sin a chur in iúl amhlaidh mar gheall ar an bhforéigean, ar an mbagairt nó ar an eagla sin.
- (6) Féadfar na forais atá le hiarratas ar sheilbh dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* a sholáthar trí fhaisnéis arna thabhairt faoi mhionn ag oifigeach nó ag fostaí de chuid an údaráis tithíochta lena mbaineann atá údaraithe go cuí chun an fhaisnéis sin a thabhairt agus, chun críocha an ailt seo, maidir leis na forais sin—
- (a) beidh siad mar chuid den iarratas ar sheilbh, agus
- (b) seirbheálfar iad ar an tionónta lena mbaineann de réir *fho-alt (3)*.
- (7) I gcás nach láithreoidh an tionónta, gan cúis chuí, tráth a bheidh an t-iarratas ar sheilbh faoin alt seo á éisteacht agus faoi réir *fho-alt (8)*, féadfaidh an Chúirt Dúiche, más deimhin léi go bhfuil cás *prima facie* ann chun déanamh amhlaidh, ordú a dheonú sna téarmaí a lorgóidh an t-údarás.
- (8) Féadfaidh an Chúirt Dúiche, de réir mar is cuí léi, imeachtaí faoin alt seo a chur ar atráth go ceann tréimhse a shocróidh an Chúirt, agus coinníollacha a fhorchur nó gan coinníollacha a fhorchur i dtaobh iompar an tionónta nó iompar duine den teaghlach, cíos nó riaráiste cíosa, nó iad araon, a íoc, nó eile.
- (9) (a) Gan dochar *d'fho-alt (7)*, déanfaidh an Chúirt Dúiche ordú seilbhe i leith na teaghaise is ábhar d'iarratas ar sheilbh faoin alt seo más dealraitheach don Chúirt go bhfuil forais ag an údarás tithíochta chun seilbh a aisghabháil agus go bhfuil sé réasúnach, ag féachaint d'imthosca uile an cháis, an t-ordú a dhéanamh.
- (b) Le linn breithniú a dhéanamh ar a réasúnta atá sé ordú seilbhe a dhéanamh faoin alt seo, beidh aird ag an gCúirt Dúiche, más cuí, ar na nithe seo a leanas:
- (i) na bearta atá glactha ag an údarás tithíochta chun a áirithiú go scoirfear de shárú a dhéanamh ar an téarma den chomhaontú tionóntachta nó ar an oibleagáid a bhaineann le cíos nó chun a áirithiú nach ndéanfar an sárú arís, lena n-áirítear aon rabhadh tionóntachta a eisiúint;
- (ii) freagra an tionónta ar na bearta atá glactha ag an údarás tithíochta agus dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*;
- (iii) maidir leis an sárú ar an gcomhaontú tionóntachta, an éifeacht, más ann, a bhí nó atá aige ar cháilíocht bheatha na ndaoine i gceantar na teaghaise;

- (iv) cibé acu, sna himthosca, an bhfuil nó nach bhfuil sé cóir agus cothromasach an t-ordú a dhéanamh d'ainneoin—
- (I) nár eisigh an t-údarás tithíochta rabhadh tionóntachta i leith an tsáraithe ar an téarma den chomhaontú tionóntachta nó ar an oibleagáid a bhaineann le cíos,
- (II) rabhadh tionóntachta arna eisiúint ag an údarás tithíochta i leith sárú ar an téarma den chomhaontú tionóntachta nó ar an oibleagáid a bhaineann le cíos den tsamhail chéanna leis an sárú lena mbaineann an t-iarratas ar sheilbh a bheith faoi athbhreithniú, nó
- (III) de réir *fho-alt (3)(b)*, nár eisigh an t-údarás tithíochta fógra don tionónta faoi *fho-alt (3)(a)*;
- agus
- (v) an chomhréireacht a bhaineann le hordú seilbhe a dhéanamh faoin alt seo, ag féachaint do na forais atá leis an iarratas ar sheilbh.
- (10) Sonrófar in ordú seilbhe faoin alt seo an dáta tosaigh don tréimhse ar lena linn a bheidh ceart ag an údarás tithíochta seilbh ar an teaghais a aisghabháil agus fad na tréimhse sin, is tréimhse nach giorra ná 2 mhí ná nach faide ná 9 mí, agus is é a bheidh d'éifeacht leis an tionóntacht a fhoirceannadh ar an dáta a aisghabhfaidh an t-údarás tithíochta seilbh ar an teaghais de bhun an ordaithe.
- (11) Más deimhin leis an gCúirt Dúiche (nó leis an gCúirt Chuarda ar achomharc) gurb inmhianaithe é, mar gheall ar chineál nó imthosca na n-imeachtaí os a comhair faoin alt seo, nó go bhfuil sé ar mhaithe leis an gceartas thairis sin, féadfar na himeachtaí sin go léir nó aon chuid díobh a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.
- (12) I gcás gurb iad na forais atá le hiarratas ar sheilbh iompar frithshóisialta ag duine den teaghlach seachas, mura mbeidh aon chomhthionónta ann, an tionónta, ansin, maidir leis an gCúirt Dúiche—
- (a) féadfaidh sí breith a thabhairt, mar mhalairt ar an iarratas ar sheilbh a chinneadh, go measfar an t-iarratas ar sheilbh a bheith ina iarratas ón údarás tithíochta faoi alt 3(2) d'Acht 1997 ar iarratas eisiata i gcoinne an duine sin den teaghlach, d'ainneoin nár comhlíonadh forálacha mhíreanna (a) agus (b) den alt sin 3(2), agus
- (b) i gcás go measfaidh an Chúirt Dúiche amhlaidh maidir le hiarratas faoi *fho-alt (3)*, ceanglóidh sí go dtabharfar cibé fógra (más ann) don duine den teaghlach is cúf leis an gCúirt Dúiche sna himthosca.
- (13) In imeachtaí faoin alt seo, beidh doiciméad a airbheartóidh gurb é an comhaontú tionóntachta iomchuí arna tháirgeadh ag an údarás tithíochta ina fhianaise *prima facie* ar an gcomhaontú agus ní gá aon síniú ar an doiciméad a chruthú.
- (14) Maidir le dlínse na Cúirte Dúiche i leith iarratas faoin alt seo, ó thaobh na Cúirte Dúiche de, féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche a bheidh sannta de thuras na huairé don dúiche Chúirte Dúiche ina bhfuil an teaghais ar i ndáil léi a rinneadh an t-iarratas sin í a fheidhmiú.

- (15) I gcás nach mbeidh breitheamh den Chúirt Dúiche lena mbaineann *fo-alt (14)* ar fáil láithreach, féadfaidh aon bhreitheamh den Chúirt Dúiche dlínse na Cúirte Dúiche faoin bhfo-alt sin a fheidhmiú.
- (16) Measfar nach ndéanann aon ní sna hAchtanna um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí, 1967 go 2008 ná in Achtanna na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos), 1982 agus 1983, i ndáil le seilbh a fháil ar theaghais nó ar fhoirgneamh nó ar chuid den chéanna, difear don alt seo.

Imeachtaí maidir le seilbh i gcoinne duine is áititheoir ar theaghais údaráis áitiúil

13. (1) In imthosca—

- (a) nach bhfuil tionóntacht i dteaghais seachas in imthosca lena mbaineann *alt 17*, nó
- (b) ina bhfuil an teaghais tréigthe ag an tionónta,

agus ina gcónaíonn duine sa teaghais nó ina n-áitíonn duine an teaghais ar shlí eile (dá ngairtear “duine is áititheoir” san alt seo), gan údarás dleathach ná aon cheart chun teacht chun bheith ina thionónta nó ina tionónta ar an teaghais, ansin féadfaidh an t-údarás tithíochta iarratas a dhéanamh (dá ngairtear “iarratas ar sheilbh” san alt seo) chun na Cúirte Dúiche ar ordú seilbhe faoin alt seo.

- (2) Leagfar amach in iarratas ar sheilbh na forais atá leis an iarratas agus, i gcás go ndearna áititheoir na teaghaise iarratas chun an údaráis chun bheith mar thionónta ar an teaghais, an bonn ar ar diúltaíodh don iarratas.
- (3) Le linn dó na forais atá le hiarratas ar sheilbh a leagan amach faoin alt seo, beidh aird chuí ag údarás tithíochta ar chéannacht daoine a chosaint, is daoine a chuir nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* in iúl don údarás in imthosca ina bhféadfaí, i dtuairim an údaráis, mura ndéanfaí amhlaidh—
- (a) na daoine sin, nó daoine atá bainteach le haon duine díobh, a chur i mbaol foréigin, bagartha nó eagla de dhroim an méid sin a chur in iúl amhlaidh, nó
- (b) na daoine sin a chosc ar shlí eile ar an méid sin a chur in iúl amhlaidh mar gheall ar an bhforéigean, ar an mbagairt nó ar an eagla sin.
- (4) Déanfaidh údarás tithíochta, tráth nach luaithe ná 10 lá oibre sula n-éistfidh an Chúirt Dúiche iarratas ar sheilbh faoin alt seo i leith teaghaise, fógra i scríbhinn a thabhairt don duine a bhfuil forais réasúnacha ag an údarás chun a chreidiúint ina leith gurb é nó í an duine is áititheoir ar an teaghais, ar fógra é—
- (a) a bheidh dírithe chuig an duine sin, nó
- (b) i gcás go mbeidh amhras ar an údarás maidir le céannacht an duine sin, a bheidh dírithe chuig “an t-áititheoir”,
- (i) á rá go bhfuil sé beartaithe ag an údarás iarratas den sórt sin a dhéanamh,
- (ii) faoin bhfaisnéis a bheidh le háireamh san iarratas, agus
- (iii) faoin dáta ar a bhfuil sé beartaithe ag an údarás an t-iarratas a dhéanamh.

- (5) Féadfar na forais dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* maidir le hiarratas ar sheilbh a sholáthar trí fhaisnéis arna tabhairt faoi mhionn ag oifigeach nó ag fostaí de chuid an údaráis tithíochta lena mbaineann a bheidh údaráithe go cuí chun an fhaisnéis sin a thabhairt agus, chun críocha an ailt seo, maidir leis na forais sin—
- (a) beidh siad mar chuid den iarratas ar sheilbh, agus
- (b) seirbheálfar iad de réir *fho-alt (4)* ar an duine a bheidh ag áitiú na teaghaise.
- (6) I gcás nach láithreoidh an duine is áititheoir, gan cúis chuí, tráth a bheidh an t-iarratas ar sheilbh faoin alt seo á éisteacht agus faoi réir *fho-alt (7)*, féadfaidh an Chúirt Dúiche, más deimhin léi go bhfuil cás *prima facie* ann chun déanamh amhlaidh, ordú a dheonú sna téarmaí a lorgóidh an t-údarás.
- (7) Féadfaidh an Chúirt Dúiche, de réir mar is cuí léi, imeachtaí faoin alt seo a chur ar atráth go ceann tréimhse a shocróidh an Chúirt, agus coinníollacha a fhorchur nó gan coinníollacha a fhorchur i dtaobh iompar an duine is áititheoir nó iompar daoine atá bainteach leis an duine is áititheoir.
- (8) Gan dochar *d'fho-alt (6)*, déanfaidh an Chúirt Dúiche ordú seilbhe faoin alt seo i leith na teaghaise is ábhar d'iarratas ar sheilbh más dealraitheach don Chúirt—
- (a) go bhfuil forais ag an údarás tithíochta chun seilbh a aisghabháil,
- (b) gur freagra comhréireach é ón údarás tithíochta ar áitiú na teaghaise ag an duine lena mbaineann seilbh a aisghabháil, agus
- (c) go bhfuil sé réasúnach, ag féachaint d'imthosca uile an cháis, an t-ordú a dhéanamh.
- (9) Maidir le hordú seilbhe faoin alt seo, tá d'éifeacht leis an ceart a thabhairt don údarás tithíochta chun seilbh ar an teaghais a aisghabháil, agus féadfar a shonrú nach dtiocfaidh an ceart sin in éifeacht roimh dháta a bheidh sonraithe san ordú, ach ní déanaí an dáta a bheidh sonraithe amhlaidh ná 6 mhí tar éis dháta déanta an ordaithe.
- (10) Más deimhin leis an gCúirt Dúiche (nó leis an gCúirt Chuarda ar achomharc) gurb inmhianaithe é, mar gheall ar chineál nó imthosca na n-imeachtaí os a comhair faoin alt seo, nó go bhfuil sé ar mhaithe leis an gceartas thairis sin, féadfar na himeachtaí sin go léir nó aon chuid díobh a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.
- (11) Maidir le dlínse na Cúirte Dúiche i leith iarratas faoin alt seo, ó thaobh na Cúirte Dúiche de, féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche a bheidh sannta de thuras na huaire don dúiche Chúirte Dúiche ina bhfuil an teaghais ar i ndáil léi a rinneadh an t-iarratas sin, í a fheidhmiú.
- (12) I gcás nach mbeidh breitheamh den Chúirt Dúiche lena mbaineann *fo-alt (11)* ar fáil láithreach, féadfaidh aon bhreitheamh den Chúirt Dúiche dlínse na Cúirte Dúiche faoin *bhfo-alt* sin a fheidhmiú.
- (13) Measfar nach ndéanann aon ní sna hAchtanna um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí, 1967 go 2008 ná in Achtanna na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos), 1982 agus 1983, i ndáil le seilbh a fháil ar theaghais nó ar fhoirgneamh nó ar chuid den chéanna, difear don alt seo.

(14) (a) Faoi réir *mhír (b)*, más rud é—

- (i) nach mbeidh tionóntacht i dteaghais nó go mbeidh an teaghais tréigthe ag an tionónta in imthosca ina ndearnadh, nó ina bhféadfaí, *alt 14* a fheidhmiú, agus
- (ii) go rachaidh duine isteach sa teaghais, nó go n-úsáidfidh sé nó sí í mar áit chónaithe duine nó go n-áiteoidh sé nó sí í ar shlí eile, gan toiliú an údaráis tithíochta,

beidh cion déanta, faoi réir *mhír (b)*, ag an duine sin agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme C nó, de rogha na cúirte, téarma príosúnachta nach faide ná mí amháin nó iad araon a chur air nó uirthi.

(b) Ní bheidh feidhm ag *mír (a)*—

- (i) maidir le duine a raibh gnáthchónaí air nó uirthi sa teaghais an tráth a foirceannadh an tionóntacht is déanaí a bunaíodh sa teaghais nó a tháinig deireadh ar shlí eile leis an tionóntacht sin,
- (ii) maidir le duine a raibh gnáthchónaí air nó uirthi sa teaghais an tráth a thréig an tionónta an teaghais in imthosca ina ndearnadh, nó ina bhféadfaí, *alt 14* a fheidhmiú,
- (iii) maidir le duine a rachaidh isteach sa teaghais le haghaidh gnáthchaidreamh leis an duine lena mbaineann *fomhír (i)* nó *(ii)*, ná
- (iv) maidir le duine a rachaidh isteach sa teaghais (ach nach n-úsáidfidh í mar áit chónaithe duine) i gcúrsa a ghnáthghnó nó a gnáthghnó, a ghairme nó a gairme nó a cheirde nó a ceirde.

Teaghaisí údaráis áitiúil tréigthe

14. (1) Chun críocha an ailt seo agus *alt 15* agus i ndáil le ríomh aon tréimhse ina mbeidh teaghais tréigthe, leanann teaghais de bheith tréigthe le linn na tréimhse sin d'ainneoin aon chuairt ócáideach ar an teaghais ag an tionónta nó ag duine dá theaghlach nó dá theaghlach chun aon mhaoin a aistriú ón teaghais agus chun aon chriche eile atá teagmhasach leis an gcríoch chéadluaite.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo más rud é, maidir leis an gcíos is iníoctha i leith teaghais is ábhar do chomhaontú tionóntachta idir an t-údarás tithíochta agus an tionónta, go mbeidh sé i riaráiste ar feadh tréimhse nach giorra ná mí amháin agus go mbeidh forais réasúnacha ag an údarás chun a chreidiúint—

- (a) nach raibh an teaghais á háitiú ag an tionónta nó ag duine dá theaghlach nó dá theaghlach ar feadh tréimhse leanúnach is faide ná 6 seachtaine, agus
- (b) nach mbeartaíonn an teaghlach sin an teaghais a áitiú mar a ghnátháit chónaithe,

agus—

- (i) go bhfuil baol ann go ndéanfar damáiste nach miondamáiste, nó damáiste neamh-inchainníochtaithe a bhféadfadh gur damáiste nach miondamáiste é,

(I) don teaghais trí loitiméireacht, nó

(II) don teaghais, nó d'aon mhaoín atá comhthadhlach leis an teaghais, mar gheall ar aon soláthar leictreachais, uisce nó gáis atá sa teaghais sin,

nó

(ii) gur gá bearta a dhéanamh chun foghlaithe nó daoine neamhúdraithe eile a chosc ar dhul isteach sa teaghais.

(3) Faoi réir *fho-alt (4)*, féadfaidh údarás tithíochta dul isteach i dteaghais lena mbaineann an t-alt seo—

(a) chun an teaghais agus aon cheann dá feistis agus dá daingneáin a dhaingniú in aghaidh loitiméireachta,

(b) chun aon soláthar leictreachais, uisce nó gáis a bheidh sa teaghais sin a chur i riocht sábháilte, nó

(c) chun an teaghais a dhaingniú in aghaidh foghlaithe.

(4) Ach amháin le toiliú an tionónta, nó i gcás go mbeidh forais réasúnacha ag an údarás tithíochta chun a chreidiúint—

(a) go bhfuil garbhaol damáiste ann de chineál dá dtagraítear i *mír (i) d'fho-alt (2)*, nó go bhfuil damáiste den sórt sin ag tarlú, agus is cuma cé acu is in imthosca lena mbaineann *mír (ii)* den *fho-alt* sin freisin a eascraíonn an baol go dtarlóidh damáiste den sórt sin nó nach ea, agus

(b) sna himthosca, nach bhfuil sé caoithiúil ná fóirsteanach, chun an teaghais a chosaint, go gcaitear fanacht chun iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar bharántas faoi *fho-alt (5)*,

déanfaidh an t-údarás, roimh dhul isteach i dteaghais faoin alt seo, iarratas a dhéanamh faoi *fho-alt (5)* chuig breitheamh den Chúirt Dúiche ar bharántas chun dul isteach sa teaghais.

(5) (a) Féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche barántas a eisiúint faoin bhfo-alt seo i leith teaghaise más deimhin leis nó léi, trí fhaisnéis faoi mhionn ó oifigeach nó ó fhostaí de chuid an údaráis tithíochta—

(i) go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil baint ag na himthosca a leagtar amach i *bhfo-alt (2)* leis an teaghais, agus

(ii) gur gá chun na gcríoch a leagtar amach i *bhfo-alt (3)* dul isteach sa teaghais.

(b) Oibreoidh barántas faoin bhfo-alt seo chun a údarú don duine a bheidh ainmnithe sa bharántas, agus cibé daoine eile a mheasfaidh an duine ainmnithe is gá ina theannta nó ina teannta, dul isteach (le forneart más gá), aon tráth nó aon tráthanna laistigh de mhí amháin ó dháta eisiúna an bharántais, ar an mbarántas a thabhairt ar aird má cheanglaítear amhlaidh, sa teaghais a bheidh ainmnithe sa bharántas chun na gcríoch atá leagtha amach i *bhfo-alt (3)*.

(6) Ní rachaidh oifigeach nó fostaí de chuid an údaráis áitiúil lena mbaineann isteach i dteaghais chun críocha an ailt seo ach amháin—

(a) le toiliú an tionónta,

- (b) de réir barántas a eiseofar faoi *fho-alt (5)*, nó
- (c) in imthosca lena mbaineann *míreanna (a)* agus *(b) d'fho-alt (4)*, le húdarú i scríbhinn, i leith na teaghaise—
 - (i) ó phríomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil lena mbaineann, nó
 - (ii) ó oifigeach nó ó fhostaí de chuid an údaráis áitiúil a bheidh údaraithe i scríbhinn ag an bpríomhfheidhmeannach sin chun an toiliú i scríbhinn sin a thabhairt,

is údarú a bhféadfaidh sé a bheith sainráite ann go gcumasaíonn sé d'oifigeach nó d'fhostaí ainmnithe, agus cibé daoine eile a mheasfaidh an t-oifigeach nó an fostaí is gá ina theannta nó ina teannta, dul isteach (le forneart más gá) sa teaghais chun cibé bearta a mheasfar is cuí sna himthosca a dhéanamh.

- (7) I gcás go mbeidh gach beart réasúnach sna himthosca déanta faoin alt seo ag údarás tithíochta chun teaghais a dhaingniú in aghaidh loitiméireachta, ní bheidh sé, mar gheall ar na bearta sin a dhéanamh, faoi dhliteanas i leith aon damáiste a dhéanfar dá éis sin don teaghais nó dá hinneachar trí loitiméireacht.
- (8) Ní dochar an t-alt seo do cheart údaráis tithíochta aon chumhacht eile atá aige i ndáil le teaghais a fheidhmiú.

Teaghaisí tréigthe a athshealbhú

15. (1) Maidir le húdarás tithíochta ar mian leis seilbh a ghlacadh ar theaghais a thréig teaghlach an tionónta, cibé acu ba in imthosca lena mbaineann *alt 14* é nó nach ea, seirbheálfaidh sé fógra ar an tionónta—

- (a) á rá go bhfuil cúis ag an údarás chun a chreidiúint go bhfuil an teaghais neamháitithe agus nach mbeartaíonn an teaghlach í a áitiú mar a ghnátháit chónaithe,
- (b) á cheangal ar an tionónta an t-údarás a chur ar an eolas, laistigh de 4 seachtaine ó dháta seirbheála an fhógra, má bheartaíonn an teaghlach an teaghais a áitiú mar a ghnátháit chónaithe, agus
- (c) á chur in iúl don tionónta gurb amhlaidh, más rud é ag deireadh na tréimhse lena mbaineann *mír (b)*—
 - (i) nár chuir an tionónta an t-údarás ar an eolas ar an modh a cheanglaítear le *mír (b)*, agus
 - (ii) gur dealraitheach don údarás ag deireadh na tréimhse sin go bhfuil an teaghais neamháitithe agus nach mbeartaíonn an teaghlach í a áitiú mar a ghnátháit chónaithe,

ansin go seirbheálfaidh an t-údarás fógra eile ar an tionónta lena gcuirfear deireadh leis an gcomhaontú tionóntachta le héifeacht láithreach.

(2) Más rud é—

(a) (i) go mbeidh fógra seirbheáilte ag an údarás tithíochta ar an tionónta de réir *fho-alt (1)*, agus

(ii) go mbeidh cibé fiosruithe déanta ag an údarás tithíochta is gá chun a dheimhniú dó féin go bhfuil an teaghais neamháitithe agus nach mbeartaíonn teaghlach an tionónta í a áitiú mar a ghnátháit chónaithe,

agus

(b) gur deimhin leis an údarás amhlaidh ag deireadh na tréimhse a luaitear i *bhfo-alt (1)(b)*,

ansin féadfaidh an t-údarás fógra eile a sheirbheáil ar an tionónta lena gcuirfear deireadh leis an gcomhaontú tionóntachta le héifeacht láithreach.

(3) I gcás go mbeidh comhaontú tionóntachta foirceanta go cuí de réir an ailt seo, beidh an t-údarás tithíochta i dteideal seilbh a ghlacadh ar an teaghais gan aon imeachtaí breise.

(4) Le linn don údarás tithíochta seilbh a ghlacadh ar an teaghais faoin alt seo, áiritheoidh sé, faoi réir *fho-alt (6)*, go ndéanfar aon mhaoin a gheofar sa teaghais nach leis an údarás í a shlánchoimeád agus a sheachadadh ar an iarthionónta, ach sula seachadfar an mhaoin sin amhlaidh, féadfaidh an t-údarás a cheangal ar an iarthionónta costas réasúnach an tslánchoimeáda agus an tseachadta sin, lena n-áirítear costais stórála, a íoc leis.

(5) Mura mbeidh socrú déanta ag an iarthionónta chun go seachadfaidh an t-údarás tithíochta an mhaoin dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)* air nó uirthi roimh dheireadh 2 mhí tar éis fhoirceannadh na tionóntachta, féadfaidh an t-údarás, faoi réir *fho-alt (6)*, an mhaoin sin a dhiúscairt, agus aon fháltais a úsáid de réir an oird tosaíochta seo a leanas:

(a) ar an gcéad ásc, faoi chomhair aon chostais arna dtabhú ag an údarás le linn an mhaoin a aistriú, a stóráil agus a dhiúscairt mar aon leis na costais a bhaineann le húsáid na bhfáltais faoin bhfo-alt seo;

(b) ar an dara hásc, faoi chomhair aon éileamh roimhe sin atá infhorfheidhmithe le dlí faoi aon achtachán eile i leith na bhfáltais, nó ar aon chuid de na fáltais faoina bhfuil an t-údarás ar an eolas nó faoina bhféadfadh an t-údarás, le dícheall cuí sna himthosca agus ag féachaint do mhéid na bhfáltais atá i gceist, teacht ar an eolas;

(c) ar an tríú hásc, faoi chomhair aon chíos atá dlite ach gan íoc ag an iarthionónta leis an údarás i leith na teaghaise lena mbaineann;

(d) ar an gceathrú hásc, faoi chomhair aon airgead eile atá dlite go cuí don údarás agus inghnóthaithe ag an údarás ón iarthionónta;

agus íocfar leis an iarthionónta aon suim a bheidh fágtha tar éis na fáltais a úsáid amhlaidh.

(6) I gcás gur deimhin le h-údarás tithíochta gur maoin de chuid duine seachas an t-iarthionónta maoin áirithe a shealbhaíonn sé de bhua *fho-alt (4)*, déanfaidh sé, mura mbeidh forais réasúnacha aige chun a chreidiúint gur tréigeadh an mhaoin, gach beart réasúnach sna himthosca chun an duine sin a aithint agus tairgfídh sé an mhaoin sin a thabhairt ar ais don duine sin ar úinéireacht a chruthú, faoi réir cuid

den chostas nó an costas go léir a bhaineann le haistriú agus le stóráil na maoiné sin a íoc de rogha an údaráis tithíochta agus más cuí.

Iarratas chun na cúirte i leith tionóntacht arna foirceannadh faoi alt 15

16. (1) Más rud é, maidir le duine—

- (a) gur thionónta teaghaise lena mbaineann *alt 15* é nó í díreach roimh fhoirceannadh tionóntachta, agus
- (b) gurb éagóir leis nó léi foirceannadh na tionóntachta sin,

ansin féadfaidh an duine (dá ngairtear “an t-iarratasóir” san alt seo) iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche i leith fhoirceannadh na tionóntachta laistigh de 6 mhí tar éis dháta an fhoirceanta sin.

(2) Beidh feidhm ag *fo-alt (3)* i gcás gur dealraitheach don Chúirt Dúiche, in imeachtaí faoin alt seo—

(a) maidir leis an údarás tithíochta—

(i) gur mhainnigh sé aon fhoráil *d’fho-ailt (1)* agus (2) *d’alt 15* a chomhlíonadh, nó

(ii) nach raibh forais réasúnacha aige chun a chinneadh—

(I) nach raibh an teaghais áitithe ag teaghlach an iarrthóra, nó

(II) nár bheartaigh teaghlach an iarrthóra an teaghais a áitiú mar a ghnátháit chónaithe,

nó

(b) gur trí dhearmad a chinn an t-údarás tithíochta nár bheartaigh teaghlach an iarrthóra an teaghais a áitiú mar a ghnátháit chónaithe, agus go raibh cúis réasúnach ag an iarrthóir, de dheasca breoiteachta nó ar shlí eile, gan fógra a thabhairt don údarás tithíochta go raibh sé beartaithe ag a theaghlach nó ag a teaghlach í a áitiú amhlaidh.

(3) I gcás go mbeidh feidhm ag an bhfo-alt seo, déanfaidh an Chúirt Dúiche—

(a) más rud é nár ligeadh an teaghais le tionónta nua agus go leanfaidh sí de bheith ina teaghais lena mbaineann an Chuid seo, dearbhú a dheonú go bhfuil an fógra faoi *alt 15(2)* lena gcuirtear deireadh leis an gcomhaontú tionóntachta gan éifeacht, nó

(b) in aon chás eile, a ordú don údarás tithíochta teaghais eile a leithroinnt i leith theaghlach an iarrthóra atá oiriúnach mar thithíocht leordhóthanach dó nó di, agus atá suite chomh gar agus is indéanta don teaghais inar foirceannadh an tionóntacht faoi *alt 15*.

Bás tionónta agus seilbh a aisghabháil i gcásanna áirithe

17. (1) I gcás teaghais inar chríochnaigh tionóntacht mar gheall ar bhás an tionónta agus más rud é go mbeidh an teaghais á háitiú—

(a) ag duine de theaghlach an tionónta sin nach bhfuil i dteideal teacht chun bheith ina thionónta nó ina tionónta sa teaghais de dhroim an bháis sin, nó

(b) ag duine a airbheartaíonn gur duine de theaghlach an tionónta é nó í,

ansin féadfaidh an t-údarás iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar ordú seilbhe faoin alt seo (dá ngairtear “iarratas ar sheilbh” san alt seo).

(2) Leagfar amach in iarratas ar sheilbh na forais leis an iarratas, lena n-áirítear, i gcás go ndearna áititheoir na teaghaise iarratas chun an údarás chun bheith mar thionónta ar an teaghais, an bonn ar ar diúltaíodh don iarratas, lena n-áirítear tagairt do bheartas scríofa an údarás tithíochta i ndáil le comharbas chun tionóntachta tionónta éagtha.

(3) Déanfaidh údarás tithíochta, tráth nach déanaí ná 10 lá oibre sula n-éistfidh an Chúirt Dúiche iarratas ar sheilbh faoin alt seo i leith teaghaise, fógra i scríbhinn a thabhairt don duine a bhfuil forais réasúnacha ag an údarás chun a chreidiúint ina leith gurb é nó í an duine atá ag áitiú na teaghaise, is fógra—

(a) a bheidh dírithe chuig an duine sin, nó

(b) i gcás go mbeidh amhras ar an údarás maidir le céannacht an duine sin, a bheidh dírithe chuig “an t-áititheoir”,

(i) á rá go bhfuil sé beartaithe ag an údarás iarratas den sórt sin a dhéanamh,

(ii) faoin bhfaisnéis a bheidh le háireamh san iarratas, agus

(iii) faoin dáta ar a bhfuil sé beartaithe ag an údarás an t-iarratas a dhéanamh.

(4) Féadfar na forais dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* maidir le hiarratas ar sheilbh a sholáthar trí fhaisnéis arna thabhairt faoi mhionn ag oifigeach nó ag fostaí de chuid an údarás tithíochta lena mbaineann a bheidh údaraithe go cuí chun an fhaisnéis sin a thabhairt agus, chun críocha an ailt seo, maidir leis na forais sin—

(a) beidh siad mar chuid den iarratas ar sheilbh, agus

(b) seirbheálfar iad de réir *fho-alt (3)* ar an duine a bheidh ag áitiú na teaghaise.

(5) I gcás nach láithreoidh an duine is áititheoir, gan cúis chuí, tráth a bheidh an t-iarratas ar sheilbh faoin alt seo á éisteacht agus faoi réir *fho-alt (6)*, féadfaidh an Chúirt Dúiche, más deimhin léi go bhfuil cás *prima facie* ann chun déanamh amhlaidh, ordú a dheonú sna téarmaí a lorgóidh an t-údarás.

(6) Féadfaidh an Chúirt Dúiche, de réir mar is cuí léi, imeachtaí faoin alt seo a chur ar atráth go ceann tréimhse a shocróidh an Chúirt, agus coinníollacha a fhorchur nó gan coinníollacha a fhorchur i dtaobh iompar an duine is áititheoir nó iompar daoine atá bainteach leis an duine is áititheoir.

(7) Gan dochar *d’fho-alt (5)*, déanfaidh an Chúirt Dúiche ordú seilbhe faoin alt seo i leith na teaghaise is ábhar d’iarratais ar sheilbh más dealraitheach don Chúirt—

(a) go bhfuil forais ag an údarás tithíochta chun seilbh a aisghabháil,

- (b) gur freagra comhréireach é ón údarás tithíochta ar áitiú na teaghaise ag an duine lena mbaineann seilbh a aisghabháil, agus
 - (c) go bhfuil sé réasúnach, ag féachaint d'imthosca uile an cháis, an t-ordú a dhéanamh.
- (8) Maidir le hordú seilbhe faoin alt seo, tá d'éifeacht leis an ceart a thabhairt don údarás tithíochta chun seilbh ar an teaghais a aisghabháil, agus féadfar a shonrú nach dtiocfaidh an ceart sin in éifeacht roimh dháta a bheidh sonraithe san ordú, ach maidir le dáta a bheidh sonraithe amhlaidh, ní dáta i leith dáta is déanaí ná 6 mhí tar éis dháta déanta an ordaithe é.
- (9) Más deimhin leis an gCúirt Dúiche (nó leis an gCúirt Chuarda ar achomharc) gurb inmhianaithe é, mar gheall ar chineál nó imthosca na n-imeachtaí os a comhair faoin alt seo, nó go bhfuil sé ar mhaithe leis an gceartas thairis sin, féadfar na himeachtaí sin go léir nó aon chuid díobh a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.
- (10) Maidir le dlínse na Cúirte Dúiche i leith iarratas faoin alt seo, féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche a bheidh sannta de thuras na huaire don dúiche Chúirte Dúiche ina bhfuil an teaghais ar i ndáil léi a rinneadh an t-iarratas sin, í a fheidhmiú.
- (11) I gcás nach mbeidh breitheamh den Chúirt Dúiche lena mbaineann *fo-alt (10)* ar fáil láithreach, féadfaidh aon bhreitheamh den Chúirt Dúiche dlínse na Cúirte Dúiche faoin bhfo-alt sin a fheidhmiú.
- (12) Measfar nach ndéanann aon ní sna hAchtanna um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí, 1967 go 2008 ná in Achtanna na dTithe (Teaghaisí Príobháideacha ar Cíos), 1982 agus 1983, i ndáil le seilbh a fháil ar theaghais nó ar fhoirgneamh nó ar chuid den chéanna, difear don alt seo.

Cuid 2 agus leasú ar an bPríomh-Acht

18. (1) Leasaítear alt 3 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (4), trí “, fógra a luaitear i bhfo-alt (4) d’alt 117 den Acht seo nó fógra a luaitear in *alt 15 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014,*” a chur in ionad “nó fógra a luaitear i bhfo-alt (4) d’alt 117 den Acht seo”, agus
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(8) San alt seo, folaíonn ‘fógra’ rabhadh tionóntachta faoi *alt 7, 8, nó 9 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014* agus—

- (i) aon tagairtí (cibé slí a bheidh siad sainráite) san alt seo d’fhógra a sheirbheáil ar dhuine, folaíonn siad aon rabhadh tionóntachta den sórt sin a sheirbheáil ar dhuine faoin *alt* sin 7, 8 nó 9, de réir mar a bheidh, agus
- (ii) beidh feidhm ag fo-alt (5) maidir le rabhadh tionóntachta atá daingnithe ar an teaghais nó gar di ar mhodh a fhorordaítear faoin *alt* sin 7(4), 8(3) nó 9(3), de réir mar a bheidh.”.

(2) Aisghairtear alt 62 den Phríomh-Acht.

Cuid 2 agus leasú ar Acht 1997**19. (1) Leasaítear alt 1 d’Acht 1997—**

- (a) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach roimh an míniú ar “iompar frithshóisialta”:

“ciallaíonn ‘teach incheannaithe’ teach incheannaithe arna sholáthar faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 nó faoi Chuid 2 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002, nó teaghais incheannaithe arna ceannach faoi shocruithe ceannaigh teaghaise incheannaithe faoi Chuid 5 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, de réir mar a bheidh;”,

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “ordú eisiata”:

“tá le ‘ordú eisiata’, má cheadaíonn nó má éilíonn an comhthéacs é, an bhrí a shanntar dó le fo-alt (1) nó (2) d’alt 3;”,

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “iompar frithshóisialta”:

“folaíonn ‘iompar frithshóisialta’ ceachtar den dá cheann seo a leanas nó iad araon, eadhon—

- (a) druga rialaithe (de réir bhrí na nAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí, 1977 go 2007) a mhonarú, a tháirgeadh, a ullmhú, a allmhairiú, a onnmhairiú, a dhíol, a sholáthar, a shealbhú lena dhíol nó lena sholáthar, nó a dháileadh,

- (b) aon iompar ar cúis é, nó ar dóigh dó a bheith ina chúis, le haon chontúirt, díobháil, damáiste, scaoll, cailteanas nó eagla shuntasach nó leanúnach d’aon duine atá ina chónaí nó ina cónaí, atá ag obair, nó atá i láthair go dleathach ar shlí eile i dteach arna sholáthar ag údarás tithíochta faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2014 nó faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 nó ina chomharsanacht nó in eastát tithíochta ina bhfuil an teach suite nó ina chomharsanacht agus, gan dochar don mhéid sin roimhe seo, folaíonn sé—

- (i) foréigean, bagairtí, imeaglú, comhéigean, ciapadh nó bac tromaí a dhéanamh ar aon duine,

- (ii) iompar is cúis le haon lagú suntasach nó leanúnach ar úsáid nó ar theachtadh a bhaile féin nó a baile féin ag duine, nó

- (iii) damáiste d’aon mhaoín, lena n-áirítear baile duine, nó aghlot ar mhaoín den sórt sin trí scríobh nó trí mharcanna a chur uirthi;”,

agus

- (d) tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “ceannaitheoir iomchuí”:

“ciallaíonn ‘ceannaitheoir iomchuí’ (faoi réir alt 1A)—

- (a) duine ar dhíol údarás tithíochta teach leis nó léi faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2014, seachas teach incheannaithe, nó

- (b) duine a dtiocfaidh leas an duine dá dtagraítear i mír (a) den mhíniú seo sa teach dá dtagraítear sa mhír sin chun bheith dílsithe dó nó di dá éis sin (seachas ar chomaoin luachmhar);”.

(2) Leasaítear Acht 1997 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 1:

“Duine do scor de bheith ina cheannaitheoir iomchuí nó ina ceannaitheoir iomchuí

1A. (1) Scoirfidh duine de bheith ina cheannaitheoir iomchuí nó ina ceannaitheoir iomchuí chun críocha an Achta seo—

- (a) i gcás go ndearnadh an teach lena mbaineann a dhíol trí ordú aistrithe a rinneadh ar mhodh léas úinéireachta roinnte dá bhforáiltear de réir Rialachán 11 de Rialacháin na dTithe (Tithe a Dhíol), 1995 (I.R. Uimh. 188 de 1995)—

(i) ar an dáta a rachaidh an léas in éag mar gheall ar imeacht aimsire, nó

(ii) i gcás go gceannóidh an ceannaitheoir an fhrithdhílse atá feifeach ar fhoirceannadh an léasa, ar dhul in éag—

(I) don tréimhse 20 bliain ón dáta a tháinig an t-ordú aistrithe in éifeacht, nó

(II) don tréimhse ó tháinig an t-ordú aistrithe in éifeacht go dtí an dáta a ceannaíodh an fhrithdhílse a bhí feifeach ar fhoirceannadh an léasa,

cibé tréimhse acu is faide,

- (b) sa chás inar díoladh an teach trí ordú aistrithe a rinneadh ar mhodh léasa, seachas léas dá dtagraítear i mír (a)—

(i) ar an dáta a rachaidh an léas in éag mar gheall ar imeacht aimsire, nó

(ii) i gcás go bhfaighidh an ceannaitheoir an feo simplí sa teach ón údarás tithíochta faoi alt 26 den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2), 1978 ar dhul in éag—

(I) don tréimhse 20 bliain ón dáta a tháinig an t-ordú aistrithe in éifeacht, nó

(II) don tréimhse ón dáta a tháinig an t-ordú aistrithe in éifeacht go dtí an dáta a fuarthas an feo simplí,

cibé tréimhse acu is faide,

- (c) sa chás inar díoladh an teach faoi Chuid 3 nó 4 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 nó faoi *Chuid 3 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014*, ar dhul in éag don tréimhse mhuirearaithe dá bhforáiltear le gach ceann de na Codanna sin faoi seach, nó

- (d) in aon chás eile, ar dhul in éag don tréimhse 20 bliain ón dáta a díoladh an teach.

(2) Beidh feidhm ag fo-alt (1) maidir le duine, is cuma cén t-am a dhíol an t-údarás tithíochta an teach (seachas teach incheannaithe) leis an duine lena mbaineann agus, sa mhíniú ar ‘ceannaitheoir iomchuí’ in alt 1, déanfar—

(a) an tagairt i mír (a) den mhíniú sin d’Achtanna na dTithe, 1966 go 2014, agus

(b) mír (b) den mhíniú sin,

a fhorléiriú dá réir sin.”.

(3) Leasaítear alt 2 d’Acht 1997 trí “faoi *Chuid 2 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014*” a chur in ionad “faoi alt 62 d’Acht na dTithe, 1966,” sa dá áit a bhfuil sé.

(4) Leasaítear alt 3 d’Acht 1997—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Féadfaidh údarás tithíochta, i leith teach dá dtagraítear i bhfo-alt (1), iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Cuarda ar ordú (dá ngairtear ‘ordú eisiata’ san Acht seo) i gcoinne duine, seachas tionónta an tí, i gcás nach mbeidh aon chomhthionónta ann, nó ceannaitheoir iomchuí an tí (dá ngairtear an ‘freagróir’ san Acht seo), a gcreideann an t-údarás ina leith go bhfuil sé nó sí ag gabháil d’iompar frithshóisialta más rud é—

(a) go gcreidfídh an t-údarás maidir leis an tionónta nó leis an gceannaitheoir iomchuí—

(i) go bhféadfaidh go gcuirfí é nó í, nó go gcuirfí cosc air nó uirthi, trí fhoréigean, trí bhagairt nó trí eagla dó nó di nó do dhaoine atá bainteach leis nó léi, ó dhul ar aghaidh le hiarratas ar ordú eisiata, nó

(ii) nach bhfuil sé ar intinn aige nó aici, ar cibé cúis eile, iarratas den sórt sin a dhéanamh,

agus

(b) go measfaidh an t-údarás gur cuí sna himthosca go léir, ar mhaithe le dea-bhainistiú eastáit, iarratas a dhéanamh ar an ordú eisiata.”.

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Ní fhéadfar iarratas faoi fho-alt (1) nó (2) a dhéanamh i gcoinne duine atá faoi bhun 12 bhliain d’aois.”,

agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Más rud é gurb é tuairim na cúirte, ar iarratas chuici, go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil nó go raibh an freagróir ag gabháil d’iompar frithshóisialta, féadfaidh sí le hordú—

- (a) i gcás freagróir atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus a bhfuil cónaí air nó uirthi ag an teach ar ina leith a rinneadh an t-iarratas, a thoirmeasc ar an bhfreagróir, le linn na tréimhse ina mbeidh an t-ordú i bhfeidhm—
- (i) dul isteach i dteach sonraithe eile nó a bheith ina chomharsanacht nó a bheith in aon áit nó ceantar sonraithe eile nó ina comharsanacht nó ina chomharsanacht, arb é atá inti nó ann áit nó ceantar ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na tithe faoi rialú agus faoi bhainistiú údarás tithíochta, nó
- (ii) gach ní nó aon ní dá dtagraítear i bhfomhír (i) a dhéanamh mura gcomhlíonfar coinníollacha sonraithe dá bhforáiltear leis an ordú,
- (b) i gcás freagróir atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus nach bhfuil cónaí air nó uirthi ag an teach ar ina leith a rinneadh an t-iarratas, a thoirmeasc ar an bhfreagróir le linn na tréimhse ina mbeidh an t-ordú i bhfeidhm—
- (i) dul isteach sa teach sin nó in aon teach sonraithe eile nó a bheith ina chomharsanacht nó a bheith in aon áit nó ceantar sonraithe nó ina comharsanacht nó ina chomharsanacht, arb é atá inti nó ann áit nó ceantar ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na tithe faoi rialú agus faoi bhainistiú údarás tithíochta, nó
- (ii) gach ní nó aon ní dá dtagraítear i bhfomhír (i) a dhéanamh mura gcomhlíonfar coinníollacha sonraithe dá bhforáiltear leis an ordú,
- (c) in aon chás eile—
- (i) a ordú don fhreagróir, má tá cónaí air nó uirthi ag an teach ar ina leith a rinneadh an t-iarratas, an teach sin a fhágáil agus gan dul isteach ann arís nó gan bheith ina chomharsanacht le linn na tréimhse ina mbeidh an t-ordú i bhfeidhm, agus
- (ii) cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil cónaí ar an bhfreagróir ag an teach ar ina leith a rinneadh an t-iarratas, a thoirmeasc ar an bhfreagróir le linn na tréimhse ina mbeidh an t-ordú i bhfeidhm—
- (I) dul isteach sa teach sin nó in aon teach sonraithe eile nó a bheith ina chomharsanacht, nó a bheith in aon áit nó ceantar sonraithe nó ina comharsanacht nó ina chomharsanacht, arb é atá inti nó ann áit nó ceantar ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na tithe faoi rialú agus faoi bhainistiú údarás tithíochta, nó
- (II) gach ní nó aon ní dá dtagraítear i gclásal (I) a dhéanamh mura gcomhlíonfar coinníollacha sonraithe dá bhforáiltear leis an ordú.”.

(5) Leasaítear alt 3A d'Acht 1997—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Féadfaidh údarás tithíochta nó comhlacht ceadaithe, maidir le láithreán arna sholáthar ag an údarás tithíochta nó ag an gcomhlacht ceadaithe faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2014, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar ordú eisiata ó láithreán i gcoinne freagróir a gcreidfidh an t-údarás tithíochta nó an comhlacht ceadaithe ina leith go bhfuil sé nó sí ag gabháil d’iompar frithshóisialta agus más rud é—

(a) go mbeidh forais réasúnacha ag an údarás tithíochta nó ag an gcomhlacht ceadaithe lena chreidiúint maidir le duine údairithe—

(i) go bhféadfaidh go gcuirfí é nó í, nó go gcuirfí cosc air nó uirthi, trí fhoréigean, trí bhagairt nó trí eagla dó nó di nó do dhaoine atá bainteach leis nó léi, ó dhul ar aghaidh le hiarratas ar ordú eisiata ó láithreán, nó

(ii) nach bhfuil sé ar intinn aige nó aici, ar cibé cúis eile, iarratas den sórt sin a dhéanamh,

agus

(b) go measfaidh an t-údarás tithíochta nó an comhlacht corpraithe gur cuí sna himthosca go léir, ar mhaithe le dea-bhainistiú eastáit, iarratas a dhéanamh ar ordú eisiata ó láithreán.”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Ní fhéadfar iarratas faoi fho-alt (1) nó (2) a dhéanamh i gcoinne duine atá faoi bhun 12 bhliain d’aois.”,

agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Más rud é, tar éis iarratas faoin alt seo, gurb é tuairim na Cúirte Dúiche, nó na Cúirte Cuarda ar achomharc ón gCúirt Dúiche, go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhfuil nó go raibh an freagróir ag gabháil d’iompar frithshóisialta, féadfaidh sí le hordú (dá ngairtear ‘ordú eisiata ó láithreán’ san Acht seo)—

(a) i gcás freagróir atá faoi bhun 18 mbliana d’aois agus a bhfuil cónaí air nó uirthi ag an láithreán ar ina leith a rinneadh an t-iarratas, a thoirmeasc ar an bhfreagróir, le linn na tréimhse ina mbeidh an t-ordú i bhfeidhm—

(i) dul isteach ar aon láithreán sonraithe eile nó a bheith air nó a bheith ann nó ina chomharsanacht nó a bheith in aon áit shonraithe nó ina comharsanacht, nó

(ii) gach ní nó aon ní dá dtagraítear i bhfomhír (i) a dhéanamh mura gcomhlíonfar coinníollacha sonraithe dá bhforáiltear leis an ordú,

(b) i gcás freagróir atá faoi bhun 18 mbliana d’aois agus nach bhfuil cónaí air nó uirthi ag an láithreán ar ina leith a rinneadh an t-iarratas, a

thoirmeasc ar an bhfreagróir, don tréimhse a mbeidh an t-ordú i bhfeidhm lena linn—

- (i) dul isteach ar an láithreán sin nó ar aon láithreán sonraithe eile, nó a bheith air nó ann nó ina chomharsanacht, nó a bheith in aon áit shonraithe nó ina comharsanacht, nó
- (ii) gach ní nó aon ní dá dtagraítear i bhfomhír (i) a dhéanamh mura gcomhlíonfar coinníollacha sonraithe dá bhforáiltear leis an ordú,

(c) in aon chás eile—

- (i) a ordú don fhreagróir, má tá cónaí air nó uirthi ag an láithreán ar ina leith a rinneadh an t-iarratas, an láithreán sin a fhágáil agus gan dul isteach air arís le linn na tréimhse ina mbeidh an t-ordú i bhfeidhm, agus
- (ii) cibé acu atá nó nach bhfuil cónaí ar an bhfreagróir ag an láithreán ar ina leith a rinneadh an t-iarratas, a thoirmeasc ar an bhfreagróir don tréimhse a mbeidh an t-ordú i bhfeidhm lena linn—
 - (I) dul isteach ar an láithreán sin nó aon láithreán sonraithe eile nó a bheith air nó ann nó ina chomharsanacht nó a bheith in aon áit shonraithe nó ina comharsanacht, nó
 - (II) gach ní nó aon ní dá dtagraítear i gclásal (I) a dhéanamh mura gcomhlíonfar coinníollacha sonraithe dá bhforáiltear leis an ordú.”.

(6) Leasaítear alt 4 d’Acht 1997 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Más rud é, ar iarratas a dhéanamh ar ordú eisiata maidir le teach, nó idir an t-iarratas a dhéanamh agus é a chinneadh, gurb é tuairim na cúirte go bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint, mura ndéanfar an t-ordú láithreach, go bhfuil baol láithreach ann go ndéanfar dochar suntasach d’aon duine a bhfuil cónaí air nó uirthi, nó atá ag obair, nó atá i láthair go dleathach ar shlí eile sa teach sin nó ina chomharsanacht nó i gcomharsanacht eastáit tithíochta ina bhfuil an teach sin suite, féadfaidh an chúirt, le hordú (dá ngairtear ‘ordú eisiata eatramhach’ san Acht seo)—

- (a) i gcás freagróir atá faoi bhun 18 mbliana d’aois agus a bhfuil cónaí air nó uirthi ag an teach ar ina leith a rinneadh an t-iarratas, a thoirmeasc ar an bhfreagróir, go dtí go ndéanfaidh an chúirt ordú eile nó go dtí cibé tráth eile a shonróidh an chúirt—
 - (i) dul isteach i dteach sonraithe eile nó a bheith ina chomharsanacht, nó a bheith in aon áit nó ceantar sonraithe nó ina chomharsanacht nó ina chomharsanacht, arb é atá inti nó ann áit nó ceantar ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na tithe faoi rialú agus faoi bhainistiú údarás tithíochta, nó
 - (ii) gach ní nó aon ní dá dtagraítear i bhfomhír (i) a dhéanamh mura gcomhlíonfar coinníollacha sonraithe,

ach ní dhéanfar *ex parte* de bhua fho-alt (3) aon ordú eisiata eatramhach i leith freagróir lena mbaineann an mhír seo,

(b) i gcás freagróir atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus nach bhfuil cónaí air nó uirthi ag an teach ar ina leith a rinneadh an t-iarratas, a thoirmeasc ar an bhfreagróir—

(i) dul isteach sa teach sin nó in aon teach sonraithe eile nó a bheith ina chomharsanacht nó a bheith in aon áit nó ceantar sonraithe eile nó ina comharsanacht nó ina chomharsanacht, arb é atá inti nó ann áit nó ceantar ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na tithe faoi rialú agus faoi bhainistiú údarás tithíochta, nó

(ii) gach ní nó aon ní dá dtagraítear i bhfomhír (i) a dhéanamh mura gcomhlíonfar coinníollacha sonraithe dá bhforáiltear leis an ordú,

ach ní dhéanfar *ex parte* de bhua fho-alt (3) aon ordú eisiata eatramhach i leith freagróir lena mbaineann an mhír seo,

(c) in aon chás eile—

(i) a ordú don fhreagróir, má tá cónaí air nó uirthi ag an teach ar ina leith a rinneadh an t-iarratas, an teach sin a fhágáil go dtí go ndéanfaidh an chúirt ordú eile nó go dtí cibé tráth eile a shonróidh an chúirt, agus gan dul isteach ann arís le linn na tréimhse ina mbeidh an t-ordú i bhfeidhm, agus

(ii) is cuma cibé acu atá nó nach bhfuil cónaí ar an bhfreagróir ag an teach ar ina leith a rinneadh an t-iarratas, a thoirmeasc ar an bhfreagróir—

(I) dul isteach sa teach sin nó in aon teach sonraithe eile nó a bheith ina chomharsanacht, nó a bheith in aon áit nó ceantar sonraithe nó ina comharsanacht nó ina chomharsanacht, arb é atá inti nó ann áit nó ceantar ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na tithe faoi rialú agus faoi bhainistiú údarás tithíochta, nó

(II) gach ní nó aon ní dá dtagraítear i gclásal (I) a dhéanamh mura gcomhlíonfar coinníollacha sonraithe dá bhforáiltear leis an ordú.”.

(7) Leasaítear alt 5 d'Acht 1997 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) (a) Aon fhreagróir atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus a sháróidh ordú eisiata nó ordú eisiata eatramhach, de réir mar a bheidh, beidh cion déanta aige nó aici agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme D nó, de rogha na cúirte, coinneáil i scoil choinneála leanaí (mar a mhínítear in alt 3 d'Acht na Leanaí, 2001) ar feadh tréimhse nach faide ná 3 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(b) Aon fhreagróir (seachas freagróir lena mbaineann mír (a)) a sháróidh ordú eisiata nó ordú eisiata eatramhach, beidh cion déanta aige nó aici agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme B nó, de rogha na cúirte, príósúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.”.

- (8) Leasaítear alt 12 d’Acht 1997 trí “, ar ghearán a dhéanamh leis nó léi ag an tionónta nó ag an údarás tithíochta,” a scriosadh.
- (9) Leasaítear alt 14 d’Acht 1997 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):
- “(1) D’ainneoin aon ní in Achtanna na dTithe, 1966 go 2014, nó i scéim leithroinnte arna déanamh faoi alt 22 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, féadfaidh údarás tithíochta—
- (a) diúltú teaghais a leithroinnt ar theaghlach, nó leithroinnt na teaghaise air a iarchur, ar teaghais í dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt sin 22, más rud é—
- (i) go measfaidh an t-údarás go bhfuil nó go raibh aon duine den teaghlach ag gabháil d’iompar frithshóisialta nó nach mbeadh leithroinnt ar an teaghlach sin ar mhaithe le dea-bhainistiú eastáit, nó
- (ii) go mainneoidh an teaghlach faisnéis a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le daoine den teaghlach a bhfuil cónaí orthu le chéile nó a bheartaíonn cónaí a dhéanamh le chéile mar chuid den teaghlach, ar faisnéis í a iarrfaidh an t-údarás agus a mheasfaidh an t-údarás is gá i dtaca le leithroinnt,
- nó
- (b) diúltú cead a thabhairt do dhuine dul chun cónaí nó cónaí a dhéanamh athuir nó dul isteach i dteaghais, nó a bheith i dteaghais, dá dtagraítear in alt 22(1)(a) den Acht sin, nó tabhairt an cheada sin a iarchur, más rud é—
- (i) go measfaidh an t-údarás go bhfuil nó go raibh an duine ag gabháil d’iompar frithshóisialta nó nach mbeadh sé ar mhaithe le dea-bhainistiú eastáit an cead sin a thabhairt, nó
- (ii) go mainneoidh tionónta na teaghaise nó an duine lena mbaineann faisnéis a sholáthar a iarrfaidh an t-údarás agus a measfaidh an t-údarás is gá i dtaca le breith a thabhairt i dtaobh cibé acu a dhéanfaidh sé an cead sin a thabhairt nó a dhiúltú nó tabhairt an cheada sin a iarchur.”.
- (10) Leasaítear Acht 1997 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 14A:

“Údarú chun carbhán a áitiú ar láithreán

14A. D’ainneoin aon ní in Achtanna na dTithe, 1966 go 2014, féadfaidh údarás tithíochta diúltú duine a údarú chun carbhán a áitiú ar láithreán, nó údarú den sórt sin a iarchur, más rud é—

- (a) go measfaidh an t-údarás go bhfuil nó go raibh an duine sin nó duine dá theaghlach nó dá teaghlach ag gabháil d’iompar frithshóisialta nó nach mbeadh sé ar mhaithe le dea-bhainistiú eastáit an duine sin nó an duine sin den teaghlach a bheith ag áitiú carbháin ar an láithreán, nó
- (b) go mainneoidh an duine sin faisnéis a thabhairt, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le daoine a bhfuil nó a mbeidh cónaí orthu leis an duine sin, ar

faisnéis í a iarrfaidh an t-údarás tithíochta agus a mheasfaidh an t-údarás tithíochta is gá maidir leis an iarratas ar an údarú sin.”.

(11) Leasaítear Acht 1997 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 18:

“Imeaglú, etc.

18. (1) Beidh cion déanta ag duine má chuireann sé nó sí faoi deara aon bhagairt, imeaglú nó ciapadh a dhéanamh, nó má fhéachann sé nó sí leis an gcéanna a dhéanamh, nó má dhéanann sé nó sí comhéigean, bac, treampán nó cur isteach—

(a) ar oifigeach nó ar fhostaí de chuid údarás tithíochta i leith feidhmiú feidhme de chuid an údaráis ag an oifigeach nó ag an bhfostaí sin, nó

(b) ar dhuine de theaghlach oifigigh nó fostaí den sórt sin in oirchill nó de dhroim feidhmiú feidhmeanna de chuid an údaráis tithíochta ag an oifigeach nó ag an bhfostaí, nó

(c) ar aon duine a sholáthraíonn nó a sholáthróidh fianaise in aon imeachtaí faoin Acht seo nó faoi *Chuid 2 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014.*

(2) Aon duine a dhéanfaidh cion faoi fho-alt (1), dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d’aicme A nó, de rogha na cúirte, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.”.

(12) Leasaítear Acht 1997 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 21:

“Fianaise

21. Más rud é, in aon imeachtaí faoi alt 3, 3A, 4 nó 9 den Acht seo nó faoi *Chuid 2 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014*, go ndéarfadh comhalta den Gharda Síochána nó oifigeach nó fostaí de chuid údarás tithíochta go gcreideann sé nó sí go bhfuil nó go raibh duine ag gabháil d’iompar frithshóisialta, ansin, más deimhin leis an gCúirt go bhfuil forais réasúnacha ann leis an gcreidiúint sin agus go gcuirfí duine eile, nó go gcoiscfí é nó í, trí fhoréigean, trí bhagairt nó trí eagla, ó fhianaise a thabhairt chuige sin, beidh an ráiteas ina fhianaise ar an iompar frithshóisialta sin.”.

Cuid 2 agus leasú ar Acht 2009

20. Leasaítear Acht 2009 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 29:

“Athbhreithniú ar chomhaontuithe tionóntachta láithreacha

29A. (1) Más rud é, le haon fhoráil d’Acht nó fúithi (cibé acu is Acht é arna achtú roimh an Acht seo a rith nó dá éis sin) go ndéanfar difear do théarma nó coinníoll de chuid comhaontú tionóntachta láithreach nó go n-eascróidh an gá le téarma nó coinníoll nua leis an bhforáil sin nó fúithi, ansin, gan dochar d’éifeacht chuí a bheith leis an bhforáil sin, féadfaidh an tAire a fhorordú le

rialacháin go ndéanfaidh údarás tithíochta, ar mhaithe le dea-bhainistiú eastáit—

- (a) na téarmaí agus na coinníollacha a athbhreithniú ar mhodh a bheidh forordaithe amhlaidh, agus
 - (b) fógra maidir leis an bhforáil sin a thabhairt do na tionóntaí lena mbaineann ar mhodh a bheidh forordaithe amhlaidh.
- (2) Chun críocha an ailt seo, féadfar le rialacháin arna ndéanamh faoi alt 3—
- (a) a cheangal ar údarás tithíochta lena mbaineann athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha i gcomhaontuithe tionóntachta láithreacha—
 - (i) trí théarma nó coinníoll forordaithe a chur in ionad téarma nó coinníoll dá ndéantar difear,
 - (ii) trí théarma nó coinníoll nua a chur isteach, nó
 - (iii) go páirteach trí chur in ionad agus trí chur isteach amhlaidh,
 - (b) a cheangal go ndéanfar téarmaí nó coinníollacha uile, nó cuid de théarmaí agus coinníollacha, comhaontuithe tionóntachta láithreacha a atheisiúint chuig tionóntaí lena mbaineann d’fhonn na nithe dá dtagraítear faoi mhír (a) a chur i gcuntas, agus
 - (c) an modh ar a gcuirfear an t-athbhreithniú in iúl do na tionóntaí lena mbaineann a fhorordú, ina n-áireofar scríobh chuig gach tionónta lena mbaineann, agus féadfar ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a áireamh ann:
 - (i) trína fhoilsiú i nuachtán a scaiptear laistigh de limistéar riaracháin an údarás tithíochta lena mbaineann nó, mura bhfuil teaghais lena mbaineann suite sa limistéar sin, sa limistéar ina bhfuil sí suite;
 - (ii) trína chur ar fáil ar an idirlíon ag seoladh gréasáin an údarás áitiúil lena mbaineann.”.

CUID 3

TIONÓNTAÍ DO CHEANNACH TITHE

Léiriú (Cuid 3)

21. Sa Chuid seo—

ciallaíonn “margadhluach coigeartaithe”, i gcás inar sholáthair an ceannaitheoir don údarás tithíochta an láithreán ar ar tógadh teach ar shuim ainmniúil, margadhluach an tí, gan méid atá comhionann leis an mbreis (más ann) atá ag margadhluach an láithreáin thar an tsuim sin a áireamh;

ciallaíonn “teach incheannaithe” teach incheannaithe arna sholáthar faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 nó faoi Chuid 2 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2002 nó teaghais incheannaithe arna ceannach faoi shocruithe ceannaigh

teaghaise incheannaithe faoi Chuid 5 d'Acht 2009, de réir mar a bheidh, agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

tá le “scéim leithroinnte” an bhrí a thugtar dó le halt 22 d'Acht 2009;

tá le “tréimhse mhuirearaithe” an bhrí a thugtar dó le *halt 26*;

tá le “sciar muirearaithe” an bhrí a thugtar dó le *halt 26*;

tá le “ordú muirir” an bhrí a thugtar dó le *halt 26*;

ciallaíonn “comhlimistéir, comhdhéanmhais, comhoibreacha nó comhsheirbhísí” limistéir, déanmhais, oibreacha agus seirbhísí ar comhlimistéir, comhdhéanmhais, comhoibreacha agus comhsheirbhísí iad, nó a mbeartaítear gur comhlimistéir, comhdhéanmhais, comhoibreacha agus comhsheirbhísí iad, maidir le teaghaisí agus a theachtar leo, lena n-áirítear, más iomchuí, bóithre rochtana agus taobh-bhóithre, gnéithe ailtireachta, limistéir chúrsaíochta, cosáin, comhstaighrí inmheánacha, spásanna oscailte, limistéir lotha, seomraí áiseanna agus an chuid sin den díon nó den taobh amuigh d'aon fhoirgneamh nach mbeartaítear gur cuid í, nó nach cuid í, d'aon teaghais aonair;

tá le “lascaine” an bhrí a thugtar dó le *halt 26*;

folaíonn “teaghais”, faoi réir *alt 22(3)*—

- (a) aon fhoirgneamh nó aon chuid d'fhoirgneamh, lena n-áirítear teach, teaghaisín, árasán, teaghasán nó brú, atá á áitiú nó á háitiú nó a bheartaítear a áitiú mar ghnátháit chónaithe, agus
- (b) aon fhotheach, clós, gairdín nó talamh eile a chomhghabhann leis nó léi nó a theachtar de ghnáth ina theannta nó ina teannta;

ciallaíonn “teach”, seachas in *alt 22(1)*, teaghais lena mbaineann an Chuid seo;

tá le “scaoileadh incriminteach” an bhrí a thugtar dó le *halt 26*;

ciallaíonn “margadhluach” an praghas a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis go ndíolfaí an teach air, ar an margadh oscailte, ar an dáta lena mbaineann, sa bhailríocht agus sa bhail láithreach atá air agus gan é a bheith faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear in *alt 25(2)* ná faoi réir ordú muirir;

ciallaíonn “feabhsuithe ábhartha” feabhsuithe arna ndéanamh ar theach, le toiliú i scríbhinn roimh ré ón údarás tithíochta lena mbaineann, ag an tionónta roimh cheannach faoin gCuid seo nó ag an gceannaitheoir, nó acu araon, de réir mar is cuí, cibé acu ba fheabhsuithe iad chun an teach a leathnú, a mhéadú, a dheisiú nó a athchóiriú, ach ní fholaíonn sé—

- (a) maisiú, ná
- (b) aon fheabhsuithe arna ndéanamh ar shlí eile ar an talamh, lena n-áirítear teach a fhoirgniú;

ciallaíonn “glan-mhargadhluach coigeartaithe” margadhluach coigeartaithe tí arna laghdú le liúntas atá comhionann leis an méid den mhargadhluach is inchurtha i leith feabhsuithe ábhartha;

ciallaíonn “glan-mhargadhluach” margadhluach tí arna laghdú le liúntas atá comhionann leis an méid den mhargadhluach is inchurtha i leith feabhsuithe ábhartha;

ciallaíonn “sciar muirearaithe neamhíochta” an sciar muirearaithe, arna laghdú de shuim na scaoilte incriminteacha arna gcur chun feidhme faoi *alt 26(3)* (lena n-áirítear aon scaoilte incriminteacha arna n-íoc ag an gceannaitheoir faoi *alt 28*);

ciallaíonn “airgead ceannaigh”, i ndáil le teach lena mbaineann an Chuid seo, luach airgid phraghas ceannaigh an tí, arna laghdú den lascaine;

ciallaíonn “praghas ceannaigh”, i ndáil le teach lena mbaineann an Chuid seo, praghas an tí arna chinneadh ag údarás tithíochta;

ciallaíonn “ceannaitheoir” duine a cheannaíonn teach faoin gCuid seo agus folaíonn sé duine a dtagann leas an cheannaitheora nó leas a chomharba nó a comharba i dteideal chun bheith dílsithe dó nó di dá éis sin (seachas ar chomaoin luachmhar) agus ionadaí pearsanta an duine sin nó an chomharba sin i dteideal;

ciallaíonn “margadhluach iomchuí” an margadhluach coigeartaithe, an margadhluach, an glan-mhargadhluach coigeartaithe nó an glan-mhargadhluach, de réir mar a bheidh;

ciallaíonn “socruithe athsceidealaithe” socruithe a bhaineann le riaráiste cíosa, ranníocaí cíosa, muirear, táillí nó aon airgid eile a íoc atá dlite agus le híoc i leith teaghais nó láithreán lena mbaineann Caibidil 3 de Chuid 2 d’Acht 2009 agus folaíonn sé socruithe dá dtagraítear in alt 34(2) d’Acht 2009;

ciallaíonn “tionónta” aon duine a bhfuil teach ligthe ag údarás tithíochta leis nó léi faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2014 nó faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000;

tá le “ordú aistrithe” an bhrí a thugtar dó le *halt 25*;

tá le “dáta dílseacháin” an bhrí a thugtar dó le *halt 25*.

An méid a bhaineann Cuid 3 le tithe áirithe

22. (1) Faoi réir *fho-ailt (2)* agus *(3)*, tá feidhm ag an gCuid seo maidir le teach arna sholáthar ag údarás tithíochta faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2014 nó arna sholáthar faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, seachas teach incheannaithe nó aicme tí a bheidh forordaithe faoin gCuid seo mar aicme tí atá eisiata ó dhíol.

(2) Féadfaidh údarás tithíochta teach incheannaithe a dhíol faoin gCuid seo más rud é nach mbeidh an teach ag teastáil níos mó ón údarás chun críocha tithíocht incheannaithe agus go mbeidh an teaghais leithroinnte ag an údarás ar theaghlach de réir scéim leithroinnte.

(3) Maidir le teach a cheannach faoin gCuid seo, níl feidhm aige sin maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) teaghais lánscartha ar leithligh i bhfoirgneamh is foirgneamh—

(i) arna roinnt ina theaghais agus ina theaghais amháin nó níos mó nó ina mhaoin amháin eile nó níos mó nó iad araon, agus

(ii) ar gá socruithe a dhéanamh ina leith maidir leis na comhlímistéir, na comhdhéanmhais, na comhoibreacha nó na comhsheirbhísí go léir nó aon chuid díobh a chothabháil agus a bhainistiú go rialta seachas ag duine a bhféadfadh, murach an fo-alt seo, gurbh é nó í an ceannaitheoir é nó í,

- (b) teach a fhéadfar a dhíol faoi Chuid 3 d'Acht 2009 le linn na tréimhse 5 bliana dar tosach dáta leithroinnte na teaghaise faoi scéim leithroinnte ar theaghlach incháilithe de réir bhrí na Coda sin.

Dícháiliúcháin chun teach a cheannach

23. (1) Ní rachaidh údarás tithíochta ar aghaidh le teach a dhíol faoin gCuid seo le tionónta más rud é—

- (a) (i) aon tráth le linn na 3 bliana díreach roimh iarratas a dhéanamh chun an údarás ar theach a cheannach faoin gCuid seo, go raibh an tionónta, nó duine dá theaghlach nó dá teaghlach, i riaráiste cíosa, ranníocaí cíosa, muirear, táillí nó aon airgid eile a bhí dlíte agus ag dul d'údarás tithíochta nó do chomhlacht ceadaithe ar feadh tréimhse charnach 12 sheachtain nó níos mó i leith teaghais nó láithreán lena mbaineann Caibidil 3 de Chuid 2 d'Acht 2009, agus
- (ii) faoi réir *fho-alt (2)*, nach mbeidh socrúithe athsceidealaithe déanta ag an tionónta nó ag an duine den teaghlach lena mbaineann leis an údarás tithíochta nó leis an gcomhlacht ceadaithe lena mbaineann chun an riaráiste sin a íoc, nó, i gcás socrúithe den sórt sin a bheith déanta aige nó aici, nach mbeidh téarmaí na socrúithe sin comhlíonta go substaintiúil aige nó aici i dtuairim an údarás nó an chomhlachta,

nó

- (b) gur cheannaigh an tionónta teaghais roimhe sin faoi alt 90 den Phríomh-Acht, faoi Chuid 3 nó 4 d'Acht 2009 nó faoin gCuid seo.

- (2) Le linn *fo-alt (1)(a)(ii)* a fheidhmiú, tabharfaidh údarás tithíochta neamhaird ar an gcás inar deimhin leis an údarás nó leis an gcomhlacht ceadaithe lena mbaineann gurbh imthosca nach raibh aon neart ag an tionónta nó ag an duine den teaghlach lena mbaineann orthu ba chúis leis an mainneachtain aige nó aici téarmaí na socrúithe athsceidealaithe a chomhlíonadh go substaintiúil.

Ioncam tionónta a ríomh

24. (1) San alt seo—

ciallaíonn “Acht 2010” an tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010;

ciallaíonn “páirtnéir sibhialta” gach duine atá i bpáirtnéireacht shibhialta nó i gcaidreamh dlíthiúil lena mbaineann alt 3 d'Acht 2010 agus atá ina gcónaí le chéile;

ciallaíonn “comhchónaitheoir” comhchónaitheoir de réir bhrí alt 172(1) d'Acht 2010;

forléireofar “ioncam ináirithe” de réir *fho-ailt (3)* agus *(4)*;

ciallaíonn “céile” gach duine de lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile.

- (2) Le linn dó ioncam bliantúil tionónta a bhfuil iarratas déanta aige nó aici ar theach a cheannach faoin gCuid seo a ríomh, déanfaidh údarás tithíochta—

- (a) ioncam ináirithe gach tionónta den teach sin a áireamh, agus

- (b) i gcás céile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir a bheith ag tionónta, ioncam ináirithe chéile nó pháirtneir sibhialta an tionónta a bhfuil cónaí air nó uirthi sa teaghais nó aon chomhchónaitheoir de chuid an tionónta a bhfuil cónaí air nó uirthi sa teaghais a áireamh le linn an ríofa.
- (3) Féadfaidh an tAire ó am go ham ordacháin i scríbhinn a eisiúint chuig údarás tithíochta nó chuig aicme údarás tithíochta maidir leis an modh ar a ndéanfaidh gach údarás ioncam ináirithe a chinneadh chun críocha na Coda seo.
- (4) Féadfar na nithe seo a leanas a shonrú in ordacháin arna n-eisiúint faoi *fho-alt (3)*—
- (a) na foinsí agus na haicmí ioncaim a áireoidh údarás tithíochta le linn dó ioncam ináirithe a chinneadh agus na foinsí agus na haicmí ioncaim a dtabharfaidh údarás tithíochta neamhaird orthu le linn an cinneadh sin a dhéanamh,
- (b) cibé acu an ndéanfaidh údarás tithíochta aon íocaíochtaí sonraithe ó thionónta agus, más infheidhme, ó dhuine lena mbaineann *fo-alt (2)(b)*, a bhaineann le hioncam a asbhaint as ioncam comhlán, agus féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh sna híocaíochtaí sonraithe sin—
- (i) cáin ioncaim,
- (ii) muirear sóisialach uilíoch faoi Chuid 18D den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, agus
- (iii) ranníocaí de réir bhrí na Rialachán Leasa Shóisialaigh (Ranníocaí Comhdhlúite agus Inárachaitheacht), 1996 (I.R. Uimh. 312 de 1996), agus
- (c) an fhaisnéis agus na sonraí a bheidh le soláthar ag tionónta chun a chumasú go ndéanfar ioncam ináirithe a ríomh agus a fhíorú.
- (5) Déanfaidh údarás tithíochta ar eisíodh ordacháin chuige faoin alt seo na hordacháin sin a chomhlíonadh.
- (6) Gan dochar *d'fho-alt (7)*, aon uair a thabharfaidh an tAire ordacháin faoin alt seo, déanfaidh sé nó sí na hordacháin a fhoilsiú nó cuirfidh sé nó sí faoi deara iad a fhoilsiú ar cibé modh is cuí leis nó léi sna himthosca.
- (7) Déanfaidh údarás tithíochta cóip d'aon ordacháin a eiseofar chuige faoin alt seo a chur ar fáil lena hiniúchadh ag daoine den phobal, gan mhuirear, ar an Idirlíon agus ag a phríomhoifig agus i cibé áiteanna eile is cuí leis, le linn gnáthuaireanta oibre.

Teach a dhíol le tionónta

25. (1) Faoi réir na Coda seo agus fhorálacha eile Achtanna na dTithe, 1966 go 2014 agus de réir cibé rialacháin a dhéanfar faoi *alt 30*, féadfaidh údarás tithíochta, i gcomaoin an t-údarás d'fháil an airgid ceannaigh, teach lena mbaineann an Chuid seo a dhíol, sa bhailríocht agus sa bhail atá air ar an dáta díola, le tionónta an tí, trí ordú (dá ngairtear “ordú aistrithe” sa Chuid seo) san fhoirm fhorordaithe, a bheidh sainráite agus a oibreoidh chun an leas a shonrófar san ordú a dhílsiú, ar an dáta a shonrófar san ordú (dá ngairtear an “lá dílseacháin” sa Chuid seo), de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a shonraítear i *bhfo-alt (2)* (ar téarmaí

agus coinníollacha iad a mbeidh feidhm acu le linn na tréimhse muirearaithe) agus téarmaí agus coinníollacha ordaithe muirir.

- (2) Beidh ar áireamh sna téarmaí agus sna coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*:
- (a) go mbeidh an teach ar áitiú mar ghnátháit chónaithe an cheannaitheora nó duine de theaghlach an cheannaitheora mura rud é go dtabharfaidh an t-údarás tithíochta a thoilíú roimh ré i scríbhinn;
- (b) nach ndéanfar an teach ná aon chuid de, gan toiliú i scríbhinn roimh ré ón údarás tithíochta, a dhíol, a shannadh, a ligean nó a fholigean nó a dhiúscairt ar shlí eile nó a mhorgáistiú, a mhuirearú nó a choimhthiú, ar shlí seachas trí réadtiomnú nó oibriú dlí;
- (c) téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le hathdhíol an tí faoi *alt 29*;
- (d) nach mbeidh an ceannaitheoir ina thrúig nó ina trúig le haon núis, ná nach gceadóidh sé nó sí d'aon duine a mbeidh cónaí air nó uirthi sa teach a bheith ina thrúig nó ina trúig le haon núis, ná nach mbeidh an ceannaitheoir ciontach in aon iompraíocht ar dóigh di a bheith ina trúig le crá a thabhairt dá chomharsana nó dá comharsana nó le cur isteach orthu, ná nach gceadóidh sé nó sí iompraíocht den sórt sin, agus, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, nach ngabhfaidh sé nó sí d'iompar frithshóisialta ná nach gceadóidh sé nó sí d'aon duine a mbeidh cónaí air nó uirthi sa teach gabháil d'iompar frithshóisialta.
- (e) nach gceadóidh an ceannaitheoir go feasach do dhuine, ar ina choinne nó ina coinne a bheidh ordú eisiata faoi alt 3 d'Acht 1997 nó ordú eisiata eatramhach faoi alt 4 den Acht sin i bhfeidhm i leith an tí, dul isteach sa teach de shárú ar an ordú eisiata nó ar an ordú eisiata eatramhach, de réir mar a bheidh;
- (f) téarmaí agus coinníollacha—
- (i) maidir leis an gceannaitheoir do chothabháil an tí, agus
- (ii) maidir leis an gceannaitheoir do sholáthar agus do chothabháil árachas maoin leordhóthanach i leith an tí;
- (g) cibé téarmaí agus coinníollacha maidir le díol an tí a fhorordófar chun críocha ordú aistrithe.
- (3) Ach amháin mar a fhoráiltear le haon achtachán eile nó le rialacháin arna ndéanamh faoi, má dhíoltar teach faoin Acht seo le tionónta, ní intuigthe as sin go bhfuil aon bharánta ann ar thaobh an údaráis tithíochta i ndáil le bailriocht nó bail an tí ná i ndáil lena oiriúnacht mar áit chónaithe do dhaoine.
- (4) Níl feidhm ag alt 211(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 agus alt 183 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 maidir le teach a dhíol faoin gCuid seo.

Ordú muirir

26. (1) A luaithe is indéanta tar éis teach a dhíol faoin gCuid seo, déanfaidh an t-údarás tithíochta, faoi réir cibé rialacháin a dhéanfar faoi *alt 30*, ordú (dá ngairtear “ordú muirir” sa Chuid seo) san fhoirm fhorordaithe, lena ndéanfar muirearú ar an teach sna téarmaí a shonraítear san alt seo i leith na tréimhse a shonrófar san ordú (dá

ngairtear an “tréimhse mhuirearaithe” sa Chuid seo), ar tréimhse í a fhéadfar a laghdú de réir *alt 28*.

- (2) Cruthófar leis an ordú muirir muirear i bhfabhar an údaráis tithíochta i leith sciar céatadánach neamhroinnte (dá ngairtear an “sciar muirearaithe” sa Chuid seo) sa teach a bheidh coibhéiseach leis an gcéatadán (dá ngairtear an “lascaine” sa Chuid seo) dá laghdaíodh praghas ceannaigh an tí chun an t-airgead ceannaigh is iníochta ag an gceannaitheoir a ríomh.
 - (3) (a) Faoi réir *mhír (b)*, déanfar an sciar muirearaithe a laghdú gach bliain de chionúireacht a bheidh coibhéiseach le 2 faoin gcéad den chothromas iomlán sa teach (ar cionúireacht í dá ngairtear “scaoileadh incriminteach” san alt seo), ar chothromdháta an dáta dílseacháin, i leith gach bliana iomláine tar éis an dáta sin ar lena linn a chomhlíonfar téarmaí agus coinníollacha an ordaithe aistrithe agus an ordaithe muirir, go dtí cibé acu seo a leanas is túsce a tharlóidh—
 - (i) faoi réir *alt 29*, an chéad uair a athdhíolfar an teach,
 - (ii) an ceannaitheoir d’íoc mhéid iomlán an mhuirir neamhíochta leis an údarás tithíochta de réir *alt 28(1)(a)*,
 - (iii) sa chás ina ndearnadh fócaíocht leis an údarás tithíochta faoi *alt 28(1)(b)*, scaoileadh incriminteach a fheidhmiú faoin ordú muirir lena laghdófar an sciar muirearaithe neamhíochta go nialas, nó
 - (iv) faoi réir *alt 27*, dul in éag don tréimhse mhuirearaithe.
 - (b) Is laghdú carnach an laghdú ar an sciar muirearaithe don tréimhse 5 bliana ón dáta dílseacháin agus ní bheidh feidhm aige go dtí go mbeidh an tréimhse sin imithe in éag, ach más rud é, le linn na tréimhse sin, nach mbeidh téarmaí agus coinníollacha an ordaithe aistrithe agus an ordaithe muirir comhlíonta ag an gceannaitheoir in aon bhliain de na blianta sin, ansin ní chuirfear i gcuntas sa laghdú ar an sciar muirearaithe don tréimhse sin laghdú a bheidh dlíthe thairis sin i leith aon bhlianta ar lena linn nach ndearnadh comhlíonadh den sórt sin.
 - (c) Más rud é, faoi *mhír (b)*, nach mbeidh an laghdú ar an sciar muirearaithe don tréimhse lena mbaineann le cur i gcuntas, ansin déanfaidh an t-údarás tithíochta, a luaithe is indéanta dá éis sin, fógra i scríbhinn a thabhairt don cheannaitheoir ina thaobh sin agus i dtaobh na gcúiseanna nach bhfuil sé á chur i gcuntas.
- (4) Déanfaidh an t-údarás tithíochta, aon tráth a iarrfaidh an ceannaitheoir air é, ráiteas i scríbhinn san fhoirm fhorordaithe a thabhairt don cheannaitheoir ina léireofar, i leith an mhuirir sa teach—
 - (a) an sciar muirearaithe a bheidh sonraithe san ordú muirir,
 - (b) céatadán carnach na scaoilte incriminteacha a bheidh curtha chun feidhme maidir leis an sciar muirearaithe faoin alt seo, lena n-áirítear scaoilte incriminteacha a bheidh curtha chun feidhme faoi *alt 28(1)(b)*,
 - (c) céatadán carnach na scaoilte incriminteacha i leith an sciar mhuirearaithe a bheidh curtha ar fionraí faoi *alt 27*,
 - (d) an sciar muirearaithe neamhíochta, agus

- (e) an méid ama a bheidh fágtha den tréimhse mhuirearaithe.
- (5) Maidir le hordú muirir, measfar gur morgáiste dlíthiúil faoi Chuid 10 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009 é agus gur forghníomhaíodh é, ar an lá dílseacháin don teach, i bhfabhar an údaráis tithíochta ar mhuirear sna téarmaí dá bhforáiltear san alt seo.
- (6) Dá réir sin, maidir leis an údarás tithíochta, amhail ar thráth déanta an ordaithe muirir agus ón tráth sin—
- (a) measfar gur morgáistí é ar an teach chun críocha Chuid 10 den Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha, 2009, agus
- (b) beidh aige, i ndáil leis an muirear dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)*, na cumhachtaí go léir a thugtar leis an Acht sin do mhorgáistithe faoi mhorgáistí arna ndéanamh trí ghníomhas.
- (7) I gcás go ndéanfaidh údarás tithíochta ordú muirir, cuirfidh sé faoi deara, a luaithe is indéanta dá éis sin, go gclárófar an t-ordú i gClárann na nGníomhas nó i gClárann na Talún, de réir mar is cuí, agus is tuairisc leordhóthanach ar an muirear ar ina leith a bheidh an t-ordú á chlárú a lua gurb é an muirear sin an muirear dá dtagraítear in *alt 26(2)*.
- (8) Aon ordú muirir a dhéanann difear do theach ar talamh cláraithe é de réir bhrí an Achta um Chlárú Teidil, 1964, beidh sé incláraithe mar ualach ar an talamh sin cibé acu atá nó nach bhfuil an duine a ainmneofar san ordú mar úinéir na talún cláraithe faoin Acht sin mar úinéir na talún.
- (9) Féadfaidh údarás tithíochta, faoi réir *fhfo-alt (10)*, comhaontú a dhéanamh le sealbhóir ar cheadúnas faoi Acht an Bhainc Ceannais, 1971, le cumann foirgníochta nó le foras airgeadais eile go mbeidh tosaíocht ag muirear a bheartaíonn sé a chruthú le hordú muirir, amhail in aghaidh morgáiste nó muirear a bheartaítear a chruthú i bhfabhar an tsealbhóra, an chumainn nó an fhorais sin, ar tosaíocht í atá éagsúil leis an tosaíocht a bheadh ag an muirear thairis sin mura n-achtófaí an fo-alt seo.
- (10) Ní fhéadfaidh údarás tithíochta comhaontú dá dtagraítear i *bhfo-alt (9)* a dhéanamh ach amháin má mheasann sé, maidir leis an gcomhaontú—
- (a) go gcumasóidh sé do thionónta a mbeartaíonn sé teach a dhíol leis nó léi faoin gCuid seo, airleacan airgid a fháil ón sealbhóir, ón gcumann nó ón bhforas dá dtagraítear i *bhfo-alt (9)* chun an teach a cheannach, nó
- (b) go gcumasóidh sé do cheannaitheoir—
- (i) airleacan airgid láithreach ón sealbhóir, ón gcumann nó ón bhforas dá dtagraítear i *bhfo-alt (9)* a athmhaoiniú, nó
- (ii) airleacan breise airgid a fháil ón sealbhóir, ón gcumann nó ón bhforas dá dtagraítear i *bhfo-alt (9)*, chun aon chríche.
- (11) Féadfaidh an t-údarás tithíochta aon mhéid a thiocfaidh chun bheith iníoctha leis faoi *alt 27* nó *29*, de réir mar a bheidh, a ghnóthú, gan dochar d'aon chumhacht eile chuige sin, ón duine lena mbaineann mar fhiach conartha shimplí in aon chúirt dlínse inniúla.

- (12) D'fhonn amhras a sheachaint, ní mheasfar gur tíolacas chun críocha alt 3 den Acht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976 nó alt 28 den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 ordú muirir ná muirear a eascraíonn faoi.
- (13) (a) Ar an teagmhas is luaithe de na teagmhais a shonraítear i *bhfo-alt (3)(a)* tarlú agus faoi réir téarmaí agus coinníollacha an ordaithe aistrithe agus an ordaithe muirir a bheith comhlíonta, déanfaidh an t-údarás tithíochta, i gcás go n-iarrfaidh an ceannaitheoir air déanamh amhlaidh, gníomhas urscaoilte a fhorghníomhú i leith an ordaithe muirir.
- (b) Beidh an t-údarás tithíochta faoi dhliteanas i leith aon chaiteachais a thabhfófar le linn gníomhas urscaoilte a fhorghníomhú agus a chlárú ach ní bheidh sé, thairis sin, faoi dhliteanas i leith aon chaiteachais a thabhóidh ceannaitheoir faoin alt seo nó faoi *alt 27, 28 nó 29*.

Scaoileadh incriminteach a fhionraí

27. (1) Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt le *halt 26(3)(b)* i leith na tréimhse 5 bliana ón lá dílseacháin, féadfaidh údarás tithíochta scaoileadh incriminteach dá bhforáiltear faoi *alt 26* a fhionraí i leith aon bhliain dar críoch cothromdháta an lae dílseacháin, i gcás go mainneoidh an ceannaitheoir aon cheann de théarmaí agus coinníollacha an ordaithe aistrithe nó an ordaithe muirir a chomhlíonadh.
- (2) I gcás go mbeidh scaoileadh incriminteach curtha ar fionraí ag údarás tithíochta faoi *fho-alt (1)*—
- (a) déanfaidh an t-údarás tithíochta, a luaithe is indéanta dá éis sin, fógra i scríbhinn maidir leis an bhfionraí agus na cúiseanna atá leis an bhfionraí a thabhairt don cheannaitheoir, agus
- (b) faoi réir *alt 28*, déanfaidh an t-údarás tithíochta, ar dhul in éag don tréimhse mhuirearaithe, ráiteas i scríbhinn a thabhairt don cheannaitheoir, san fhoirm fhorordaithe, ina léireofar an méid atá ionadaíoch do luach an sciar mhuirearaithe neamhíochta sa teach ar dháta éagtha na tréimhse muirearaithe, arna ríomh tríd an sciar sin a fheidhmiú ar mhargadhluach iomchuí an tí ar dháta éagtha na tréimhse muirearaithe.
- (3) Déanfaidh an ceannaitheoir, laistigh de 2 mhí tar éis an ráiteas dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a fháil, an méid a bheidh leagtha amach sa ráiteas a íoc leis an údarás tithíochta.
- (4) I gcás go mainneoidh an ceannaitheoir an méid dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a íoc laistigh den tréimhse dá dtagraítear san *fho-alt* sin, ansin, beidh feidhm ag *alt 26(11)* i leith an mhéid lena mbaineann.
- (5) Chun críocha an ailt seo, is é an t-údarás tithíochta a chinnfidh margadhluach iomchuí tí nó, i gcás nach gcomhaontóidh an ceannaitheoir leis an margadhluach iomchuí a chinnfear amhlaidh, is luachálaí neamhspleách, a bheidh ainmnithe ag an gceannaitheoir as painéal daoine cúcháilithe, arna bhunú ag an údarás tithíochta, ar daoine iad d'aicme nó de thuirisc a fhorordaítear faoi *alt 30*, a chinnfidh é.

Íocaíocht le linn na tréimhse muirearaithe i leith sciar muirearaithe nó scaoileadh incriminteach

28. (1) Féadfaidh ceannaitheoir, ar chothromdháta cúig bliana an dáta dílseacháin nó ar aon chothromdháta dá éis sin den dáta dílseacháin le linn na tréimhse muirearaithe agus le toiliú an údaráis tithíochta—
- (a) ar an gchothromdháta nó laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an t-údarás tithíochta, luach an sciar mhuirearaithe neamhíochta sa teach ar aon chothromdháta den sórt sin (lena n-áirítear scaoileadh incriminteach arna fhionraí ag an údarás faoi *alt 27(1)*), is luach a ríomhtar tríd an sciar sin a fheidhmiú ar mhargadhluach iomchuí an tí an lá sin, a íoc leis an údarás tithíochta,
- (b) faoi réir *fho-alt (2)*, méid, arb éard é luach aon scaoilte incrimintigh amháin nó níos mó (seachas scaoileadh incriminteach arna fhionraí ag an údarás faoi *alt 27(1)*) ar aon chothromdháta den sórt sin, a íoc leis an údarás tithíochta i leith sciar muirearaithe an údaráis tithíochta sa teach, agus i gcás go ríomhfar luach aon scaoilte incrimintigh amháin mar 2 faoin gcéad de mhargadhluach iomchuí an tí ar an gchothromdháta lena mbaineann.
- (2) Bainfidh íocaíocht ag ceannaitheoir faoi *fho-alt (1)(b)* le líon scaoilte incriminteacha atá comhionann le haon nó is iolraí ar aon.
- (3) I gcás go ndéanfaidh ceannaitheoir íocaíocht leis an údarás tithíochta faoi *fho-alt (1)(b)*, ansin—
- (a) d'fhonn an sciar muirearaithe neamhíochta sa teach a ríomh, déileálfar le scaoileadh incriminteach a íocfar faoin alt seo amhail is dá bhfeidhmeofaí é ar an sciar muirearaithe ar an dáta lena mbaineann, agus
- (b) laghdófar an tréimhse mhuirearaithe den líon blianta atá comhionann le líon na scaoilte incriminteacha lena mbaineann an íocaíocht.
- (4) Chun críocha an ailt seo, is é an t-údarás tithíochta a chinnfidh margadhluach iomchuí tí nó, i gcás nach gcomhaontóidh an díoltóir leis an margadhluach iomchuí a chinnfear amhlaidh, is luachálaí neamhspleách, a bheidh ainmnithe ag an díoltóir as painéal daoine cuícháilithe, arna bhunú ag an údarás tithíochta, ar daoine iad d'aicme nó de thuirisc a fhorordaítear faoi *alt 30*, a chinnfidh é.

Rialú ar athdhíol tí

29. (1) I gcás go mbeartóidh ceannaitheoir teach a dhíol le linn na tréimhse muirearaithe, tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn roimh ré don údarás tithíochta de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a bheidh sonraithe san ordú aistrithe.
- (2) Féadfaidh an t-údarás tithíochta, ar fhógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a fháil, an teach a cheannach ar shuim atá comhionann le luach an sciar neamh-muirearaithe sa teach, a ríomhtar trí mhargadhluach an tí an dáta athdhíola a laghdú den sciar muirearaithe neamhíochta sa teach an dáta sin.
- (3) Gan dochar d'aon chumhacht eile chuige sin, féadfaidh údarás tithíochta diúltú toiliú leis an teach a dhíol le haon duine le linn na tréimhse muirearaithe más rud é gur

mian leis an údarás an teach a cheannach de réir *fho-alt (2)* nó gurb é tuairim an údaráis—

- (a) gur lú an praghas díola beartaithe ná an margadhluach,
 - (b) go bhfuil nó go raibh an duine sin ag gabháil d'iompar frithshóisialta nó nach mbeadh an díol ar mhaithe le dea-bhainistiú eastáit (de réir bhrí alt 1 d'Acht 1997), nó
 - (c) go bhfágfadh an díol beartaithe, dá gcuirfí i gcrích é, an díoltóir, nó aon duine a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil leis go mbeadh cónaí air nó uirthi leis nó léi, gan tithíocht leordhóthanach.
- (4) I gcás go ndéanfaidh ceannaitheoir teach a athdhíol le duine seachas údarás tithíochta le linn na tréimhse muirearaithe, íocfaidh an ceannaitheoir leis an údarás tithíochta lena mbaineann luach an sciar mhuirearaithe neamhíochta sa teach dáta athdhíola an tí, is luach a ríomhtar tríd an sciar sin a fheidhmiú ar mhargadhluach iomchuí an tí an dáta sin.
- (5) I gcás go bhfágfadh an méid is iníochta faoi aon cheann d'fhorálacha an ailt seo go laghdófaí fáltais an díola (gan aird a thabhairt ar chostais agus táillí aturnae ná gníomhaire eastáit) faoi bhun an airgid ceannaigh, déanfar an méid is iníochta faoin ordú muirir a laghdú a mhéid is gá chun an toradh sin a sheachaint.
- (6) (a) Faoi réir *mhír (b)*, i gcás go ndéanfaidh ceannaitheoir teach atá faoi réir ordú muirir a mbeidh a thréimhse muirearaithe imithe in éag agus nach mbeidh an méid dá dtagraítear in *alt 27(2)* íochta ina leith de réir an ailt sin, beidh feidhm ag *alt 26(11)*.
- (b) Ní chuirfear i gcuntas aon fheabhsuithe ábhartha a dhéanfar ar an teach tar éis dheireadh na tréimhse muirearaithe.
- (7) Chun críocha an ailt seo, is é an t-údarás tithíochta a chinnfidh margadhluach nó margadhluach iomchuí tí nó, i gcás nach gcomhaontóidh an díoltóir leis an margadhluach nó leis an margadhluach iomchuí a chinnfear amhlaidh, is luachálaí neamhspleách, a bheidh ainmnithe ag an díoltóir as painéal daoine cuícháilithe, arna bhunú ag an údarás tithíochta, ar daoine iad d'aicme nó de thairisc a fhorordaítear faoi *alt 30*, a chinnfidh é.
- (8) Ní bheidh an t-údarás tithíochta faoi dhliteanas i leith aon chaiteachais a thabhóidh díoltóir faoi *fho-alt (7)*.

Rialacháin (Cuid 3)

30. Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh i ndáil le gach ceann nó le haon cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

- (a) an aicme nó na haicmí tí a eisiatar ó dhíol faoin gCuid seo;
- (b) d'fhonn iarratas a dhéanamh chun teach a cheannach faoin gCuid seo, an tréimhse íosta ar lena linn a cheanglaítear ar dhuine a bheith ag fáil tacaíocht do thithíocht shóisialta faoi Chaibidil 3 de Chuid 2 d'Acht 2009, is tréimhse a fhéadfaidh a bheith éagsúil de réir na foirme tacaíochta do thithíocht shóisialta

- a bheidh i gceist, ach nach giorra in aon chás ná aon bhliain amháin roimh an dáta a dhéanfar an t-iarratas sin;
- (c) an aicme nó na haicmí tionóntaí a bhféadfar socruithe ceannaigh incrimintigh a dhéanamh leo;
 - (d) an t-íosmhéid ioncain bhliantúil a cheanglaítear a bheith ag tionónta chun iarratas a dhéanamh ar theach a cheannach faoin gCuid seo;
 - (e) an modh chun praghas ceannaigh tí a chinneadh, ar modh é—
 - (i) ar a bhféadfar idirdhealú a dhéanamh idir aicmí tithe,
 - (ii) ar a bhféadfar aois an tí, agus an costas measta ar an údarás tithíochta as teach a sholáthar, de réir na gcaighdeán náisiúnta tógála agus na mbeartas deartha le haghaidh tithíocht údarais áitiúil a bheidh i réim, ar an láithreán céanna is teach atá deartha chun cóiríocht a chur ar fáil do theaghlach san aicme chéanna ar di a dearadh an teach atá á cheannach, a chur i gcuntas, agus áireofar ar aon mhodh den sórt sin chun an costas measta sin a chinneadh, i measc nithe eile, an costas maidir le láithreán a fháil, táillí dlíthiúla agus táillí gairmiúla eile;
 - (f) an modh chun an lascaine a chinneadh a bheidh le hasbhaint as an bpraghas ceannaigh chun an t-airgead ceannaigh a ríomh, ar modh é lena gcuirfear i gcuntas ioncam bliantúil tionóntaí lena ndíolfar tithe faoin gCuid seo;
 - (g) an tréimhse ar lena linn a bheidh feidhm ag ordú muirir i leith teach arna dhíol faoi shocrú ceannaigh incrimintigh faoin gCuid seo, ar tréimhse í a fhéadfar a athrú ag brath ar an lascaine a asbhainfear as an bpraghas ceannaigh chun an t-airgead ceannaigh a ríomh, ach nach giorra, in aon chás, ná 20 bliain ón dáta dílseacháin;
 - (h) foirm agus modh ordaithe aistrithe agus ordaithe muirir agus na téarmaí agus na coinníollacha a bheidh le sonrú ann;
 - (i) an aicme nó na haicmí nó an tuairisc daoine atá cuícháilithe, faoi threoir a gcáilíochtaí agus a dtaithí, chun margadhluach nó margadhluach iomchuí teaghaise nó láithreáin, de réir mar a bheidh, a chinneadh chun críocha na Coda seo;
 - (j) foirm an ráitis chun críocha *ailt 26(4)* agus *27(2)(b)*;
 - (k) aon nithe eile den sórt sin a mheasfaidh an tAire is gá agus is cuí maidir le socruithe ceannaigh incrimintigh.

Cuid 3 agus leasú ar an bPríomh-Acht

31. Leasaítear an Príomh-Acht in alt 90—

- (a) trí fho-ailt (1)(a)(i), (2), (3), (4A) agus (6A) a scriosadh, agus
- (b) i bhfo-alt (7), trí mhíreanna (a), (b) agus (c) a scriosadh agus tríd an méid seo a chur in ionad mhír (1):

“(l) i gcás díol faoin alt seo, toiliú an Aire leis an díol a fháil;”.

Cuid 3 agus leasú ar Acht 1992

32. Leasaítear Acht 1992 trí alt 26(2) a scriosadh.

Cuid 3 agus leasú ar Acht 1997

33. Leasaítear Acht 1997 in alt 14(2)—

- (a) trí “nó” a scriosadh ag deireadh mhíreanna (b) agus (c), trí “nó” a chur isteach ag deireadh mhír (d) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

“(e) i gCuid 3 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014,”,

agus

- (b) trí “nó” a scriosadh ag deireadh mhír (iii), trí “nó” a chur isteach ag deireadh mhír (iv) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (iv):

“(v) i gcás Chuid 3 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014, le tionónta,”.

Cuid 3 agus leasú ar Acht 2009

34. Leasaítear Acht 2009—

- (a) in alt 10(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iv):

“(iv) teaghais a dhíol, nó toiliú lena díol, faoi alt 90(1)(b) den Phríomh-Acht le duine seachas údarás tithíochta eile;”,

- (b) in alt 13—

- (i) trí “, faoi Chuid 3 nó 4 den Acht seo nó faoi Chuid 3 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014” a chur in ionad “nó faoi Chuid 3 nó 4” i mír (a),

- (ii) trí “nó faoi alt 29 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014” a chur isteach i mír (b) i ndiaidh “faoi alt 48 nó 76”, agus

- (iii) trí “nó faoi alt 27 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014” a chur isteach i mír (d) i ndiaidh “faoi alt 47 nó 75”,

- (c) in alt 19(2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) teaghais a dhíol faoi alt 90 den Phríomh-Acht nó faoi Chuid 3 nó 4, nó teach a dhíol faoi Chuid 3 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014;”,

- (d) in alt 20, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) (a) Faoi réir mhír (b), ní bheidh teaghlach incháilithe le haghaidh tacaíocht do thithíocht shóisialta más rud é—

- (i) aon tráth le linn na 3 bliana díreach roimh an measúnacht ar thithíocht shóisialta a dhéanamh, go raibh an teaghlach nó duine dá theaghlach nó dá teaghlach i riaráiste cíosa, ranníocaí cíosa, muirear, táillí nó aisíocaíochtaí iasachta nó aon airgid eile a bhí dlite agus ag dul d’údarás tithíochta nó do chomhlacht ceadaithe ar feadh tréimhse charntha 12 sheachtain nó níos faide i leith teaghais nó láithreán lena mbaineann Caibidil 3 de Chuid 2 d’Acht 2009, agus
- (ii) nach mbeidh socruithe athsceidealaithe déanta ag an teaghlach nó ag an duine lena mbaineann leis an údarás tithíochta nó leis an gcomhlacht ceadaithe lena mbaineann chun an riaráiste sin a íoc, nó, i gcás socruithe den sórt sin a bheith déanta, nach mbeidh téarmaí na socruithe sin comhlíonta go substaintiúil aige nó aici i dtuairim an údaráis nó an chomhlachta.
- (b) Tabharfar neamhaird ar mhainneachtain ag teaghlach nó ag duine de theaghlach téarmaí socruithe athsceidealaithe a chomhlíonadh go substaintiúil in aon chás inar deimhin leis an údarás tithíochta nó leis an gcomhlacht ceadaithe lena mbaineann gurbh imthosca nach raibh aon neart ag an teaghlach sin nó ag an duine sin den teaghlach orthu ba chúis leis an mainneachtain.”,
- (e) in alt 28(4)(e), trí “, faoi Chuid 3 nó 4 den Acht seo nó faoi *Chuid 3 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014*” a chur in ionad “nó faoi Chuid 3 nó 4”,
- (f) in alt 32(6) trí “nó” a scriosadh i bhfomhír (ii) agus an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):
- “(iia) teach a cheannach faoi *Chuid 3 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014*, nó”,
- (g) in alt 43(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a) sa mhíniú ar “teaghlach incháilithe”:
- “(a) teaghlach arna mheasúnú ag údarás tithíochta faoi alt 20 mar theaghlach atá cáilithe le haghaidh tacaíocht do thithíocht shóisialta, agus ar ar leithroinneadh teaghais lena mbaineann an Chuid seo de réir scéim leithroinnte agus a dhéanann iarratas ar an teaghais a cheannach faoin gCuid seo laistigh de 5 bliana ó dháta na leithroinnte sin, nó”,
- (h) in alt 43, tríd an méid seo a chur in ionad fho-alt (2):
- “(2) (a) Ní rachaidh údarás tithíochta ar aghaidh le teaghais a dhíol faoi shocrú ceannaigh incrimintigh le teaghlach dá dtagraítear i mír (b) den mhíniú ar ‘teaghlach incháilithe’ i bhfo-alt (1) más rud é—
- (i) aon tráth le linn na 3 bliana díreach roimh iarratas a dhéanamh chun an údaráis ar theaghais a cheannach faoin gCuid seo, go raibh an teaghlach nó duine den teaghlach i riaráiste cíosa, ranníocaí cíosa, muirear, táillí nó aon airgid eile a bhí dlite agus ag dul d’údarás tithíochta nó do chomhlacht ceadaithe ar feadh tréimhse charntha 12 sheachtain nó níos faide i leith teaghais nó láithreán lena mbaineann Caibidil 3 de Chuid 2 d’Acht 2009, agus

- (ii) faoi réir mhír (b), nach mbeidh socrúithe athsceidealaithe déanta ag an teaghlach nó ag an duine lena mbaineann leis an údarás tithíochta nó leis an gcomhlacht ceadaithe lena mbaineann chun an riaráiste sin a íoc, nó, i gcás socrúithe den sórt sin a bheith déanta aige nó aici, nach mbeidh téarmaí na socrúithe sin comhlíonta go substaintiúil aige nó aici i dtuairim an údaráis nó an chomhlachta.
- (b) Le linn dó mír (a)(ii) a fheidhmiú, tabharfaidh údarás tithíochta neamhaird ar an gcás inar deimhin leis an údarás nó leis an gcomhlacht ceadaithe lena mbaineann gurbh imthosca nach raibh aon neart ag an teaghlach nó ag an duine lena mbaineann orthu ba chúis leis an mainneachtain aige nó aici téarmaí na socrúithe athsceidealaithe a chomhlíonadh go substaintiúil.”,
- (i) in alt 45(2), trí mhír (d) a scriosadh;
- (j) in alt 64(9), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):
- “(a) más rud é—
- (i) aon tráth le linn na 3 bliana díreach roimh iarratas a dhéanamh chun an údaráis ar árasán a cheannach faoin gCuid seo, go raibh an tionónta, nó duine dá theaghlach nó dá teaghlach, i riaráiste cíosa, ranníocaí cíosa, muirear, táillí nó aon airgid eile a bhí dlite agus ag dul, ar feadh tréimhse charntha 12 sheachtain nó níos faide, d’údarás tithíochta nó do chomhlacht ceadaithe i leith teaghais nó láithreán lena mbaineann Caibidil 3 de Chuid 2 d’Acht 2009, agus
- (ii) faoi réir fho-alt (9A), nach mbeidh socrúithe athsceidealaithe déanta ag an tionónta nó ag an duine den teaghlach leis an údarás tithíochta nó leis an gcomhlacht ceadaithe lena mbaineann chun an riaráiste sin a íoc, nó, i gcás socrúithe den sórt sin a bheith déanta aige nó aici, nach mbeidh téarmaí na socrúithe sin comhlíonta go substaintiúil aige nó aici i dtuairim an údaráis nó an chomhlachta,”
- agus
- (k) in alt 64, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):
- “(9A) Le linn dó fo-alt (9)(a)(ii) a fheidhmiú, tabharfaidh údarás tithíochta neamhaird ar an gcás inar deimhin leis an údarás nó leis an gcomhlacht ceadaithe lena mbaineann gurbh imthosca nach raibh aon neart ag an tionónta nó ag an duine den teaghlach lena mbaineann orthu ba chúis leis an mainneachtain ag an tionónta sin nó ag an duine sin den teaghlach téarmaí na socrúithe athsceidealaithe a chomhlíonadh go substaintiúil.”.

CUID 4

CÚNAMH TITHÍOCHTA

Léiriú (Cuid 4)**35. Sa Chuid seo—**

ciallaíonn “cúnamh tithíochta” údarás tithíochta d’íoc cíos le haghaidh teaghaise le tiarna talún thar ceann teaghlach cáilithe de réir na Coda seo;

ciallaíonn “tiarna talún” an duine atá i dteideal de thuras na huairé an cíos is iníochta faoi thionóntacht i dteaghais a soláthraítear cúnamh tithíochta ina leith a fháil seachas mar ghníomhaire do dhuine eile;

tá le “plódú” an bhrí a thugtar dó in alt 63 den Phríomh-Acht;

tá le “cárta seirbhíse poiblí” an bhrí chéanna atá leis in alt 263 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005;

ciallaíonn “teaghlach cáilithe” teaghlach atá cáilithe le haghaidh tacaíocht do thithíocht shóisialta de réir alt 20 d’Acht 2009, ar foirm chuí tacaíochta do thithíocht shóisialta ina leith cúnamh tithíochta faoin gCuid seo;

ciallaíonn “ranníoc cíosa” tionónta is duine de theaghlach cáilithe d’íoc ranníoc leis an údarás tithíochta i leith an chíosa le haghaidh teaghaise arna íoc ag an údarás le tiarna talún thar ceann theaghlach an tionónta;

léifear “tacaíocht do thithíocht shóisialta” de réir alt 19 d’Acht 2009;

folaíonn “tionóntacht” tionóntacht thréimhsiúil agus tionóntacht ar feadh téarma socraithe, cibé acu ó bhéal nó i scríbhinn nó intuigthe, agus folaíonn sé fothionóntacht, agus léifear focail ghaolmhara dá réir sin.

Srian le feidhm an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004

36. Ach amháin i gcás teaghais lena mbaineann *alt 47*, ní fhorléireofar teaghais a soláthraítear cúnamh tithíochta ina leith faoin gCuid seo mar theaghais arna ligean ag údarás poiblí, nó le húdarás poiblí, chun críocha alt 3(2)(c) den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004.

Cúnamh tithíochta faoi Chuid 4 agus tacaíocht do thithíocht shóisialta faoi Acht 2009

37. Faoi réir rialacháin arna ndéanamh chun críocha fho-alt (4)(f) d’alt 20 d’Acht 2009, measfar, maidir le cúnamh tithíochta a sholáthar faoin gCuid seo, gur foirm chuí tacaíochta do thithíocht shóisialta é sin le haghaidh teaghlach a gcinnfidh údarás tithíochta faoin alt sin 20 go bhfuil sé cáilithe le haghaidh tacaíocht den sórt sin.

Teaghais a bheith á roinnt ag níos mó ná teaghlach amháin

38. Féadfaidh teaghlach cáilithe d’aicme teaghlach a fhorordaítear chun críocha an ailt seo cáiliú le haghaidh cúnamh tithíochta i leith teaghais atá á roinnt le duine amháin nó níos mó nach comhalta den teaghlach, ach sin amháin mura mbeidh plódú sa teaghais mar thoradh ar shocrú den sórt sin.

Cúnamh tithíochta

- 39.** (1) Féadfaidh údarás tithíochta, faoi réir *fho-alt (3)*, cúnamh tithíochta a sholáthar do theaghlach cáilithe de réir na Coda seo.
- (2) Chun go soláthrófar cúnamh tithíochta faoin gCuid seo do theaghlach cáilithe i leith teaghaise—
- (a) aimseoidh an teaghlach sin an teaghais a bhfuil cúnamh tithíochta á lorg aige ina leith,
- (b) comhlíonfaidh an teaghais lena mbaineann na coinníollacha a leagtar síos in *alt 41*,
- (c) comhlíonfaidh an tiarna talún na coinníollacha a leagtar síos in *alt 42*,
- (d) déanfaidh an duine den teaghlach cáilithe arb é nó í tionónta na teaghaise atá ar áitiú ag an teaghlach sin ranníoc cíosa a íoc leis an údarás tithíochta de réir *alt 44*, agus
- (e) beidh an t-údarás tithíochta deimhin de gur tionóntacht de mheon macánta atá nó a bheadh sa tionóntacht lena mbaineann.
- (3) Le linn dó cúnamh tithíochta a sholáthar do theaghlach cáilithe de réir *fho-alt (1)*, cinnteoidh údarás tithíochta nach mó, i leith na bliana airgeadais lena mbaineann, comhiomlán íocaíochtaí an údaráis maidir leis an gcúnamh sin ná an t-airgead a chuirfear ar fáil don údarás chuige sin an bhliain sin as an Vóta le haghaidh Comhshaoil, Pobail agus Rialtas Áitiúil sna Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí (de réir bhrí *alt 17(1)* (a cuireadh isteach leis an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2013) den Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú), 2011).

Níl údarás tithíochta faoi dhliteanas i leith cíos atá dlite do thiarna talún

- 40.** Má íocann údarás tithíochta cúnamh tithíochta le tiarna talún nó lena ghníomhaire nó lena gníomhaire, ní intuigthe as sin go bhfuil aon dliteanas ar thaobh an údaráis tithíochta maidir le cíos a bheidh dlite don tiarna talún nó i leith aon oibleagáid tionónta eile faoin tionóntacht lena mbaineann.

Ceanglais i ndáil le teaghais

- 41.** (1) Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt leis an alt seo, is coinníoll de chúnamh tithíochta a sholáthar do theaghlach i leith teaghaise gur deimhin leis an údarás tithíochta lena mbaineann go gcomhlíonann an teaghais caighdeáin a fhorordaítear faoi *alt 18 d'Acht 1992*.
- (2) (a) Measfar an coinníoll dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a bheith comhlíonta más rud é go ndearna an t-údarás tithíochta, laistigh de thréimhse fhorordaithe roimh an dáta a thabharfaidh an teaghlach fógra don údarás i dtaobh na teaghaise a bhfuil cúnamh tithíochta á lorg ina leith, an teaghais a iniúchadh agus gur dheimhin leis gur chomhlíon an teaghais an coinníoll sin.
- (b) (i) I gcás nach mbeidh feidhm ag *mír (a)*, ansin, maidir leis an údarás tithíochta—

- (I) déanfaidh sé socrú, laistigh de thréimhse fhorordaithe tar éis an dáta a chuirfear tús leis an gcúnamh tithíochta, chun an teaghais a iniúchadh chun a dheimhniú don údarás go gcomhlíonann an teaghais an coinníoll dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, agus
- (II) féadfaidh sé cúnamh tithíochta a sholáthar i leith na teaghaise lena mbaineann go dtí go ndéanfar an teaghais a iniúchadh amhlaidh,
- agus tabharfaidh an t-údarás fógra don teaghlach cáilithe dá réir sin.
- (ii) Sa mhír seo, ciallaíonn an tagairt do thús a chur le cúnamh dáta tosaigh na tréimhse ar ina leith a rinne an t-údarás tithíochta an chéad fócaíocht chíosfaoin gCuid seo le tiarna talún na teaghaise.
- (c) Féadfaidh údarás tithíochta cúnamh tithíochta a sholáthar i leith teaghais is ábhar d'fhógra feabhsúcháin marthanach arna thabhairt faoi alt 18A d'Acht 1992 agus tabharfaidh sé fógra don teaghlach cáilithe dá réir sin.
- (d) (i) Ní bheidh teaghais is ábhar d'imeachtaí faoi alt 18B d'Acht 1992 nó a mbeidh fógra toirmisc faoin alt sin i bhfeidhm ina leith, nó scoirfidh sí de bheith, incháilithe le haghaidh cúnamh tithíochta.
- (ii) D'ainneoin *fhomhír (i)*, i gcás go mbeidh cónaí ar theaghlach sa teaghais a mbeidh fógra toirmisc faoi alt 18B d'Acht 1992 i bhfeidhm ina leith, féadfaidh an t-údarás tithíochta cúnamh tithíochta a sholáthar, nó leanúint den chéanna a sholáthar, i leith na teaghaise ar feadh tréimhse a bheidh forordaithe faoin bhfomhír seo chun a chumasú don teaghlach cáilithe malairt teaghaise a aimsiú.
- (iii) I gcás go mbeidh feidhm ag *fomhír (ii)*, tabharfaidh an t-údarás tithíochta fógra don teaghlach cáilithe i dtaobh na tréimhse forordaithe faoin bhfomhír sin ar lena linn a bheidh cúnamh tithíochta á sholáthar i leith na teaghaise lena mbaineann.
- (3) (a) I gcás go gcinnfidh údarás tithíochta nach bhfreastalaíonn teaghais a bhfuil cúnamh tithíochta á lorg ina leith, nó is ábhar do chúnamh tithíochta, riachtanais chóiríochta teaghlaigh cháilithe, nó nach gcomhlíonann sí iad a thuilleadh, de dheasca plódú, ansin ní bheidh an teaghais, nó scoirfidh sí de bheith, incháilithe le haghaidh cúnamh tithíochta.
- (b) I gcás ina mbeidh feidhm ag *mír (a)* agus ina mbeidh cónaí ar an teaghlach sa teaghais, féadfaidh an t-údarás tithíochta cúnamh tithíochta a sholáthar, nó leanúint de chúnamh tithíochta a sholáthar, i leith na teaghaise ar feadh tréimhse a fhorordófar faoin mír seo chun a chumasú don teaghlach cáilithe malairt teaghaise a aimsiú.
- (c) I gcás go mbeidh feidhm ag *mír (b)*, tabharfaidh an t-údarás tithíochta fógra don teaghlach cáilithe i dtaobh na tréimhse forordaithe faoin mír sin ar lena linn a bheidh cúnamh tithíochta á sholáthar i leith na teaghaise lena mbaineann.
- (4) (a) Faoi réir *mhír (b)*, féadfaidh údarás tithíochta ceann díobh seo a leanas a ainmniú—

- (i) limistéar arna shonrú ag an Aire mar limistéar athghiniúna d'fhonn foráil do lánpháirtíú sóisialta níos fearr,
- (ii) limistéar arna shonrú ag an údarás mar limistéar ina bhfuil gá gníomhú i gcoinne leithlisiú míchuí i dtithíocht idir daoine ó chúlraí sóisialta éagsúla nó an céanna a sheachaint,

agus ní bheidh teaghais a bheidh suite i limistéar den sórt sin arna shonrú amhlaidh nárbh ábhar do chúnamh tithíochta an dáta a rinneadh an t-ainmniú incháilithe le haghaidh cúnamh tithíochta.

- (b) I gcás gur mó ná líon forordaithe líon na dtoghthóirí rialtais áitiúil a bheidh de thuras na huairé i limistéar dá dtagraítear i *mír (a)(ii)*, beidh ainmniú an limistéir sin faoin mír sin faoi réir thoiliú an Aire, agus féadfaidh an tAire a ordú don údarás an t-ainmniúchán a leasú ar mhodh a ordóidh sé nó sí.
- (c) I *mír (b)*, ciallaíonn “toghthóir rialtais áitiúil” duine atá i dteideal vótáil ag toghchán áitiúil faoi Chuid 4 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Ceanglais i ndáil le tiarna talún

42. (1) San alt seo, ciallaíonn “uimhir thagartha chánach”—

- (a) i ndáil le pearsa aonair, an uimhir phearsanta seirbhíse poiblí (de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005) atá ag an bpearsa aonair sin, nó
- (b) i ndáil le comhlacht corpraithe—
 - (i) an uimhir thagartha atá luaite ar aon fhoirm tuairisceáin ioncaim nó fógra measúnachta a eiseoidh oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim chuig an gcomhlacht corpraithe sin, nó
 - (ii) uimhir chláráithe an chomhlachta chorpraithe chun críocha na nAchtanna Cánach Breisluacha.

(2) Ní sholáthróidh údarás tithíochta cúnamh tithíochta i leith teaghaise mura rud é go ndéanfaidh tiarna talún na teaghaise, ar iarraidh ón údarás, na nithe seo a leanas a sholáthar i scríbhinn don údarás—

- (a) i gcás nach mbeidh a chárta nó a cárta seirbhíse poiblí tugtha ar aird aige nó aici don údarás faoi *fho-alt (5)*, a uimhir nó a huimhir thagartha chánach, agus
- (b) faoi réir *fho-alt (3)*, deimhniú imréitigh cánach reatha arna eisiúint chuige nó chuici faoi alt 1095 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

(3) (a) Faoi réir *fho-alt (6)*, más rud é nach mbeidh an coinníoll i *bhfo-alt (2)(b)* comhlíonta agus nach mbeidh cúnamh tithíochta á sholáthar i leith teaghais eile a bheidh ar úinéireacht ag an tiarna talún lena mbaineann, féadfaidh an t-údarás tithíochta cúnamh tithíochta a sholáthar i leith na teaghaise lena mbaineann de bhua an fho-ailt seo—

- (i) go dtí go soláthróidh an tiarna talún an deimhniú lena mbaineann don údarás,

- (ii) go dtí go dtiocfaidh íocaíocht eile cúnaimh tithíochta ag an údarás tithíochta chun bheith dlite a d'fhágfadh, dá n-íocfaí í, gur mhó iomlán na n-íocaíochtaí ón údarás leis an tiarna talún in aon tréimhse 12 mhí ná méid forordaithe, nó
- (iii) go dtí deireadh na tréimhse a bheidh forordaithe chun críche na fomhíre seo, cibé ceann de na teagmhais sin is túsce a tharlóidh.
- (b) Sa chás ina mbeidh feidhm ag *mír (a)*, tabharfaidh an t-údarás tithíochta fógra don teaghlach cáilithe i dtaobh na n-imthosca ina mbeidh cúnaimh tithíochta á sholáthar agus dá éis sin gur tharla an ceann is túsce de na teagmhais a leagtar amach sa mhír sin.
- (4) I gcás go dtarlóidh teagmhas dá dtagraítear i *mír (ii)* nó *(iii) d'fho-alt (3)(a)*, ansin, faoi réir *fho-alt (6)*—
- (a) scoirfidh an teaghais lena mbaineann de bheith incháilithe le haghaidh cúnaimh tithíochta ach féadfaidh an t-údarás tithíochta leanúint de chúnaimh tithíochta a sholáthar i leith na teaghaise faoin scéim ar feadh tréimhse fhorordaithe chun a chumasú don teaghlach cáilithe teaghais eile a aimsiú, agus
- (b) tabharfaidh an t-údarás tithíochta fógra don teaghlach cáilithe dá réir sin.
- (5) Déanfaidh tiarna talún ar theaghais a mbeidh cúnaimh tithíochta á íoc nó á lorg ina leith faoin gCuid seo, ar iarraidh ón údarás tithíochta lena mbaineann—
- (a) i gcás go mbeidh cárta seirbhísí poiblí eisithe chuig an tiarna talún, é a thabhairt ar aird don údarás,
- (b) cibé faisnéis a sholáthar a éileoidh an t-údarás ó am go ham chun a chinneadh an bhfuil cúnaimh tithíochta iníoctha, nó an leanann sé de bheith iníoctha, sa chás.
- (6) Féadfaidh an tAire na himthosca a fhorordú ina bhféadfar, go dtí go soláthrófar deimhniú imréitigh cánach iomchuí, leanúint de chúnaimh tithíochta a íoc nó cúnaimh tithíochta a íoc más rud é—
- (a) gur aistríodh aon leas sa teaghais lena mbaineann agus gur tháinig duine chun bheith ina thiarna talún nó ina tiarna talún chun cúnaimh tithíochta a íoc i leith na teaghaise sin dá thoradh sin, agus
- (b) go mbeidh ar feitheamh soláthar deimhnithe imréitigh cánach ag an duine sin d'aon údarás tithíochta i leith teaghais amháin eile nó níos mó (cibé acu mar chuid den aistriú sin nó ar shlí eile) a bhfuil sé nó sí mar thiarna talún uirthi nó orthu,

agus, i gcás nach mbeidh forordú déanta ag an Aire maidir le himthosca lena mbainfeadh an fo-alt seo, ansin, i gcás gur cuí déanamh amhlaidh i leith na n-imthosca sin, feidhmeoidh an t-údarás tithíochta lena mbaineann rialacháin arna ndéanamh chun críocha an fho-ailt seo nó *fho-alt (4)* fara aon mhodhnuithe is gá.

Íocaíochtaí cúnamh tithíochta

43. (1) Soláthrófar cúnamh tithíochta i bhfoirm íocaíochtaí míosúla ón údarás tithíochta leis an tiarna talún nó lena ghníomhaire nó lena gníomhaire trí mheán leictreonach, ach amháin i gcás go gcomhaontóidh an t-údarás le socrú eile i gcás áirithe.
- (2) (a) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag féachaint do na himthosca agus do shuíomh na teaghaise is ábhar do chúnamh tithíochta, an méid uasta cíosa a fhorordú a bhféadfar cúnamh tithíochta a sholáthar ina leith le haghaidh aicmí sonraithe de theaghlaigh cáilithe.
- (b) Féadfaidh an tAire an méid uasta cíosa a chinneadh a bhféadfar cúnamh tithíochta a sholáthar ina leith le haghaidh aicmí de theaghlaigh cáilithe, seachas aicmí a bheidh forordaithe faoi *mhír (a)*, ag féachaint do na himthosca agus do shuíomh na teaghaise is ábhar do chúnamh tithíochta.
- (c) Más rud é, tar éis rialacháin a dhéanamh faoi *mhír (a)*, go ndéanfar an méid uasta cíosa a soláthraítear cúnamh tithíochta ina leith i gcás áirithe a laghdú go dtí méid is lú ná an méid cíosa is iníoctha faoi thionóntacht, déanfaidh an t-údarás tithíochta a luaithe is indéanta é sin a chur in iúl don duine den teaghlach cáilithe lena mbaineann arb é nó í tionónta na teaghaise agus comhairle a thabhairt dó nó di a iarraidh ar an tiarna talún an méid cíosa is iníoctha faoin tionóntacht a laghdú dá réir sin.
- (d) I gcás dá dtagraítear i *mír (c)*, más rud é nach laghdófar an cíos is iníoctha faoin tionóntacht go dtí an cíos uasta, nó faoin gcíos uasta, a soláthrófar cúnamh tithíochta ina leith maidir leis an teaghlach cáilithe lena mbaineann, ansin—
- (i) i gcás go mbeidh buntáiste eacnamaíoch ann déanamh amhlaidh nó chun cruatan míchuí a sheachaint don teaghlach cáilithe lena mbaineann, féadfaidh an t-údarás tithíochta lena mbaineann leanúint de chúnamh tithíochta a sholáthar i leith an mhéid uasta cíosa ab infheidhme sula ndearnadh na rialacháin go dtí go rachaidh an tionóntacht in éag,
- (ii) i gcás seachas an cas a leagtar amach i *bhfomhír (i)*, féadfaidh an t-údarás tithíochta cúnamh tithíochta a sholáthar i leith an chíosa is iníoctha faoin tionóntacht i leith tréimhse a bheidh forordaithe faoin bhfomhír seo chun a chumasú don teaghlach cáilithe teaghais eile a aimsiú, agus air sin scoirfidh sé de chúnamh tithíochta a sholáthar i leith na teaghaise, agus
- (iii) i gceachtar cas, tabharfaidh an t-údarás tithíochta fógra don teaghlach cáilithe i dtaobh na n-imthosca ina leanfar de chúnamh tithíochta a sholáthar.

Teaghlach cáilithe d'íoc ranníoc cíosa

44. (1) Déanfaidh an duine de theaghlach cáilithe arb é nó í tionónta na teaghaise is ábhar do chúnamh tithíochta ranníoc cíosa a íoc leis an údarás tithíochta lena mbaineann, is ranníoc cíosa arna chinneadh de réir alt 31 d'Acht 2009, i leith an teaghlach d'áitiú na teaghaise sin.
- (2) Féadfaidh an tAire, chun críocha an ailt seo, an modh a fhorordú ar a n-íocfaidh tionónta ranníoc cíosa, nó ina n-íocfar ranníoc cíosa thar a cheann nó a ceann, leis an údarás tithíochta.

Neamh-incháilitheacht le haghaidh cúnamh tithíochta, etc.

45. (1) San alt seo, ciallaíonn “cineál sonraithe tacaíochta do thithíocht shóisialta” tacaíocht do thithíocht shóisialta de chineál dá dtagraítear i mír (a), (b) nó (d) d’alt 19(2) d’Acht 2009.
- (2) Tá feidhm ag *fo-alt (3)* maidir le teaghlach cáilithe atá ag fáil cúnamh tithíochta agus a bhfuil iarratas déanta aige chun an údarás tithíochta ar aistriú go dtí cineál sonraithe tacaíochta do thithíocht shóisialta.
- (3) I gcás go ndiúltoídh teaghlach lena mbaineann an fo-alt seo líon forordaithe de thairiscintí réasúnacha de chineál sonraithe tacaíochta do thithíocht shóisialta in aon tréimhse leanúnach a bheidh forordaithe, ansin—
- (a) ní bhreithneoidh an t-údarás lena mbaineann iarratas an teaghlaigh sin ar aistriú go ceann tréimhse fhorordaithe tar éis an diúltaithe dheireanaigh le linn na tréimhse leanúnaí a bheidh forordaithe amhlaidh, agus
- (b) ní bheidh an tréimhse fhorordaithe sin ináirithe in aon slí dá éis sin chun tosaíocht choibhneasta an teaghlaigh sin maidir le haistriú go dtí cineál sonraithe tacaíochta do thithíocht shóisialta a chinneadh.
- (4) Le linn tairiscint a dhéanamh maidir le tacaíocht do thithíocht shóisialta lena mbaineann *fo-alt (3)*, féadfaidh údarás tithíochta, mura rud é go mbeidh sé forordaithe chun críche an fho-ailt lena mbaineann, tréimhse a shonrú ar laistigh di is gá glacadh leis an tairiscint, nó dáta a shonrú ar gá glacadh leis an tairiscint roimhe, sula rachaidh sí in éag agus má éagann an tairiscint, measfar gur diúltú é chun críocha an fho-ailt sin.
- (5) (a) Maidir le teaghlach a bheidh ag fáil tacaíocht do thithíocht shóisialta seachas cúnamh tithíochta, ní bheidh sé incháilithe le haghaidh an chúnamh sin, ach amháin i gcás gur deimhin le húdarás tithíochta nach bhfuil ar chumas an teaghlaigh leanúint de chónaí sa teaghais lena mbaineann mar gheall ar imthosca eisceachtúla, lena n-áirítear easáitiú mar gheall ar dhóiteán, tuile nó aon éigeandáil eile, nach gníomh, nó mainneachtain gníomhú, de chuid an teaghlaigh nó duine den teaghlach ba chúis leis nó léi.
- (b) Féadfaidh údarás tithíochta, i leith teaghlach a gheobhaidh cúnamh tithíochta in imthosca lena mbaineann *mír (a)*, an cúnamh sin a sholáthar i leith méid cíosa is mó ná an méid uasta cíosa a bheidh forordaithe nó cinnte faoi *alt 43(2)*—
- (i) maidir leis an aicme teaghlaigh lena mbaineann an teaghlach, agus
- (ii) maidir le himthosca agus suíomh na teaghaise lena mbaineann,
- i gcás gur deimhin leis an údarás tithíochta, ag féachaint d’imthosca uile an cháis, go bhfuil gá réasúnach ag an teaghlach fanacht i gceantar na teaghaise ar ceanglaíodh ar an teaghlach aistriú as.
- (c) Aon teaghlach a gheobhaidh cúnamh tithíochta sna himthosca a leagtar amach i *mír (a)*, scoirfidh sé de bheith incháilithe le haghaidh an chúnamh sin—
- (i) nuair is deimhin leis an údarás tithíochta go bhfuil an teaghais dá dtagraítear i *mír (a)* oiriúnach lena háitiú ag an teaghlach, nó

- (ii) nuair a dhéanfaidh an t-údarás tithíochta teaghais chuí a sholáthar don teaghlach, nó a leithroinnt ar an teaghlach, i gceantar na teaghaise sin faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2014 (seachas i leith na himthoisce eisceachtúla lena mbaineann *mír (a)* nó aon imthoisce eisceachtúil dá éis sin).

(6) D'ainneoin aon ní sa Chuid seo, féadfaidh údarás tithíochta—

- (a) diúltú cúnamh tithíochta a sholáthar, nó diúltú leanúint de chúnamh tithíochta a sholáthar, do theaghlach cáilithe más rud é—
 - (i) go measfaidh an t-údarás go bhfuil nó go raibh aon duine den teaghlach ag gabháil d'iompar frithshóisialta, nó
 - (ii) go mainneoidh an teaghlach faisnéis a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis i ndáil leis na daoine seo a leanas—
 - (I) daoine a bhfuil cónaí orthu le chéile nó a bheartaíonn cónaí a dhéanamh le chéile mar chuid den teaghlach, nó
 - (II) daoine eile a bhfuil cónaí ar an teaghlach leo nó a mbearaíonn an teaghlach cónaí a dhéanamh leo,

ar faisnéis í a iarrfaidh an t-údarás agus a mheasfaidh an t-údarás is gá chun críocha na Coda seo,

nó

- (b) diúltú cead a thabhairt do dhuine a bheartaíonn dul chun cónaí nó cónaí a dhéanamh athuair nó dul isteach i dteaghais, nó a bheith i dteaghais, is ábhar do chúnamh tithíochta más rud é—
 - (i) go measfaidh an t-údarás go bhfuil nó go raibh an duine ag gabháil d'iompar frithshóisialta, nó
 - (ii) go mainneoidh an teaghlach cáilithe nó an duine lena mbaineann faisnéis a sholáthar a iarrfaidh an t-údarás agus a mheasfaidh an t-údarás is gá i dtaca le breith a thabhairt i dtaobh cibé acu a dhéanfaidh sé an cead sin a thabhairt nó a dhiúltú.

Athrú teaghaise

46. (1) (a) Faoi réir *fho-alt (2)*, maidir le teaghlach cáilithe a bheidh ag fáil cúnamh tithíochta, scoirfidh sé de bheith incháilithe le haghaidh tacaíocht do thithíocht shóisialta go ceann tréimhse fhorordaithe nach faide ná bliain amháin más rud é go n-aistreoidh an teaghlach ó theaghais is ábhar don chúnamh sin agus go lorgóidh sé cúnamh tithíochta i leith teaghais eile laistigh de thréimhse fhorordaithe dar tosach an dáta a chuirfear tús leis an gcúnamh sin agus go ndéanfaidh sé amhlaidh ar chúiseanna seachas de dhroim oibriú *alt 41, 42* nó *43(2)(d)(ii)*.
- (b) I *mír (a)*, ciallaíonn an tagairt do thús a chur le cúnamh dáta tosaigh na tréimhse ar ina leith a rinne an t-údarás tithíochta an chéad íocaíocht chíosfaoin gCuid seo le tiarna talún na teaghaise.

(2) Níl feidhm ag *fo-alt (1)* más rud é—

(a) maidir le tiarna talún na teaghaise ar aistrigh an teaghlach cáilithe aisti—

(i) gur sheirbheáil sé nó sí fógra foirceanta ar an tionónta lena mbaineann sular tháinig an tionóntacht chun bheith ina tionóntacht de chuid Chuid 4 de réir bhrí an Achta um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, nó

(ii) gur fhoirceann sé nó sí an tionóntacht ar fhoras a shonraítear sa Tábla a ghabhann le halt 34 den Acht sin, i gcás tionóntacht de chuid Chuid 4 de réir na brí sin,

(b) go ndeachaigh téarma thionóntacht an teaghlaigh sa teaghais in éag, nó

(c) gur deimhin leis an údarás tithíochta—

(i) mar gheall ar phlódú, nár fhreastail an teaghais ar aistrigh an teaghlach aisti do riachtanais chóiríochta an teaghlaigh cháilithe, nó

(ii) gur aistrigh an teaghlach ón teaghais chun dul i mbun fostaíochta nó chun fostaíocht a athrú nó chun críocha oideachais, nó mar gheall ar imthosca eisceachtúla, lena n-áirítear easáitiú mar gheall ar dhóiteán, tuile nó aon éigeandáil eile nó ar chúiseanna eisceachtúla leighis nó trócaireacha.

Cúnamh tithíochta i leith cóiríocht arna soláthar faoin scéim cúnamh chaipitiúil

47. (1) San alt seo, ciallaíonn “scéim cúnamh chaipitiúil” an scéim cúnamh chaipitiúil chun cóiríocht tithíochta a sholáthar arna hoibriú faoi alt 6 d’Acht 1992 agus alt 12 d’Acht 2009.

(2) D’ainneoin aon ní sna forálacha eile den Chuid seo, féadfaidh an tAire, i gcás go measfaidh sé nó sí gur cóir agus cothromasach sna himthosca déanamh amhlaidh, an modh a fhorordú ar a ndéanfaidh údarás tithíochta, faoi réir *fho-alt (6)* agus ag féachaint d’imthosca airgeadais an teaghlaigh lena mbaineann agus dá gcumas cíos a íoc, cúnamh tithíochta a sholáthar i leith an chíos is iníochta ag an duine den teaghlach is tionónta de chuid comhlacht ceadaithe i leith teaghais a áitiú a bheidh ag fáil cúnamh faoin scéim cúnamh chaipitiúil.

(3) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, féadfaidh an tAire aon cheann de na nithe seo a leanas a fhorordú:

(a) an modh ar a gcinnfidh údarás tithíochta cibé acu ar chóir nó nár chóir cúnamh tithíochta a sholáthar i leith teaghlach áirithe;

(b) an modh ar a ríomhfaidh údarás an méid cúnamh tithíochta a bheidh iníochta in aicme áirithe cáis;

(c) an méid uasta cúnamh tithíochta is iníochta ag féachaint do chomhdhéanamh an teaghlaigh lena mbaineann;

(d) an modh ar a soláthrófar cúnamh tithíochta;

- (e) i gcás go mbeidh feidhm ag *fo-alt (6)*, na nósanna imeachta a leanfaidh údarás tithíochta má mheasann sé go bhfuil nó go raibh aon duine den teaghlach lena mbaineann ag gabháil d'iompar frithshóisialta;
 - (f) aon choinníollacha a chomhlíonfar chun go mbeidh cúnaimh tithíochta iníoctha.
- (4) (a) Déanfaidh tionónta teaghaise a soláthrófar cúnaimh tithíochta ina leith faoin alt seo cíos a íoc leis an gcomhlacht ceadaithe lena mbaineann de réir théarmaí na scéime cúnaimh chaipitiúil, arna laghdú de mhéid an chúnaimh tithíochta is iníoctha i leith an chíosa sin.
- (b) I gcás go mbeidh feidhm ag *mír (a)*, ansin maidir leis an mainneachtain ag an tionónta an méid cíosa dá dtagraítear sa mhír sin a íoc, faoi réir fhorálacha Achtanna na dTithe, 1966 go 2014, is é is toradh leis go scoirfidh an teaghlach lena mbaineann sé nó sí de bheith incháilithe le haghaidh cúnaimh tithíochta.
- (5) Má íocann údarás tithíochta cúnaimh tithíochta le comhlacht ceadaithe faoin alt seo, ní intuigthe as sin go bhfuil aon dlíteanas ar thaobh an údaráis tithíochta maidir le cíos a bheidh dlite don chomhlacht ceadaithe nó i leith aon oibleagáid tionónta eile faoin tionóntacht lena mbaineann.
- (6) Féadfaidh údarás tithíochta, faoi réir aon rialacháin lena mbaineann *fo-alt (3)(e)*, diúltú cúnaimh tithíochta a sholáthar, nó diúltú leanúint de chúnaimh tithíochta a sholáthar, i leith teaghlaigh faoin alt seo i gcás go measfaidh an t-údarás go bhfuil nó go raibh aon duine den teaghlach ag gabháil d'iompar frithshóisialta.

Athbhreithniú ar bhreitheanna áirithe

48. (1) Seachas i leith breitheanna ar athbhreithniú faoin alt seo, féadfaidh an tAire aicme amháin nó níos mó de bhreith arna tabhairt ag údarás tithíochta faoin gCuid seo a fhorordú (dá ngairtear “breith fhorordaithe” san alt seo) lena mbaineann an t-alt seo.
- (2) Beidh feidhm ag an alt seo i gcás nach gcomhaontóidh teaghlach le breith fhorordaithe a thabharfaidh údarás tithíochta faoin gCuid seo.
- (3) Féadfaidh teaghlach nach gcomhaontóidh le breith fhorordaithe a thabharfaidh údarás tithíochta faoin gCuid seo a iarraidh i scríbhinn ar údarás tithíochta (dá ngairtear “iarraidh ar athbhreithniú” san alt seo) athbhreithniú a dhéanamh ar an mbreith.
- (4) Maidir le hiarraidh ar athbhreithniú—
- (a) tabharfar sracléiriú inti ar na forais ar a ndíospóideann an teaghlach an bhreith fhorordaithe agus beidh ag gabháil léi aon doiciméid tacaíochta iomchuí, agus
 - (b) luafar inti cibé acu is mian nó nach mian le duine den teaghlach uiríll ó bhéal a dhéanamh leis an údarás tithíochta mar chuid den athbhreithniú.
- (5) (a) Faoi réir *mhír (b)*, gheobhaidh an t-údarás tithíochta iarraidh ar athbhreithniú laistigh de 8 lá oibre ón mbreith fhorordaithe a eisiúint chuig an teaghlach.
- (b) Féadfaidh an tAire na cineálacha imthosca maolaitheacha ar dá ndroim a fhéadfar, de rogha an údaráis tithíochta lena mbaineann agus ar a bheith deimhin de go bhfuil aon imthoisic den sórt sin i gceist, an tréimhse 8 lá oibre dá

dtagraítear i *mír (a)* a fhadú ar iarratas ón teaghlach nó thar ceann an teaghlaigh go ceann cibé tréimhse a chinnfidh an t-údarás tithíochta, ach ní faide aon tréimhse bhreise a chinnfear amhlaidh, i dteannta na 8 lá oibre ón mbreith fhorordaithe lena mbaineann a eisiúint, ná 16 lá oibre ón eisiúint sin.

- (6) Ar iarraidh bhailí ar athbhreithniú a fháil, ceapfaidh príomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil lena mbaineann mar athbhreithnitheoir ar an mbreith fhorordaithe lena mbaineann oifigeach nó fostaí de chuid údarás áitiúil nach raibh baint aige nó aici leis an mbreith fhorordaithe a thabhairt agus is airde céim ná an t-oifigeach nó an fostaí a thug an bhreith sin.
- (7) Déanfaidh an t-athbhreithnitheoir an bhreith fhorordaithe a athbhreithniú amhail is dá mbeadh an ní á chinneadh den chéad uair agus ar bhonn na faisnéise a bheidh ar fáil dó nó di.
- (8) Féadfaidh athbhreithnitheoir cibé fiosruithe a dhéanamh agus bualadh le haon duine, lena n-áirítear an teaghlach a bheidh ag iarraidh an athbhreithnithe, ar cuí leis nó léi bualadh leis nó léi sna himthosca.
- (9) Ach amháin i gcás go gcomhaontóidh an t-athbhreithnitheoir agus an teaghlach a mhalairt i scríbhinn, tabharfaidh an t-athbhreithnitheoir breith ar an athbhreithniú laistigh de 10 lá oibre ó lá a cheaptha nó a ceaptha nó, más rud é—
- (a) gur mian leis an teaghlach uirill ó bhéal a dhéanamh leis an athbhreithnitheoir, nó
- (b) gur mian leis an athbhreithnitheoir bualadh leis an teaghlach nó le duine den teaghlach mar chuid den athbhreithniú,

laistigh de 20 lá oibre ó lá a cheaptha nó a ceaptha.

- (10) Déanfar le breith ar iarraidh ar athbhreithniú ó theaghlach—
- (a) an bhreith fhorordaithe a dhaingniú ina téarmaí bunaidh,
- (b) más cuí, an bhreith fhorordaithe a athrú i dtéarmaí sonraithe, nó
- (c) an bhreith fhorordaithe a neamhniú agus, más cuí, breith eile a thabhairt,

agus luafar inti na cúiseanna atá le déanamh amhlaidh agus déanfaidh an t-údarás tithíochta cóip i scríbhinn de bhreith an athbhreithnitheora agus de na cúiseanna atá aige nó aici a chur chuig an teaghlach.

- (11) Ní dhéanfar aon athrú ar bhreith fhorordaithe a mholfaidh an t-athbhreithnitheoir faoi *fho-alt (10)(b)*, seachas chun aon earráid chléireachais de chineál neamhábhartha a cheartú, gan deis a thabhairt i dtosach don teaghlach trácht nó uirill a dhéanamh maidir leis an athrú sin.
- (12) Féadfaidh teaghlach a mbeidh iarraidh ar athbhreithniú déanta aige, aon tráth sula geríochnófar an t-athbhreithniú, fógra i scríbhinn a thabhairt don údarás tithíochta go bhfuil an iarraidh ar athbhreithniú á tarraingt siar aige ach beidh aon tarraingt siar den sórt sin faoi réir *fho-alt (13)*.
- (13) Féadfaidh athbhreithnitheoir, d'ainneoin athbhreithniú a bheith tarraingthe siar ag an teaghlach agus i gcás gur deimhin leis an athbhreithnitheoir go bhfuil sé in ord

déanamh amhlaidh, leanúint den athbhreithniú faoin alt seo amhail is dá mba rud é nach ndearnadh an tarraingt siar agus tabharfaidh an t-údarás tithíochta fógra don teaghlach i scríbhinn dá réir sin.

- (14) Más rud é, in athbhreithniú faoin alt seo, go ndéarfadh comhalta den Gharda Síochána nó oifigeach de chuid údarás tithíochta go gcreideann sé nó sí go bhfuil nó go raibh duine ag gabháil d'iompar frithshóisialta, ansin, má chreideann an t-athbhreithnitheoir go bhfuil forais réasúnacha ann leis an méid sin a chreidiúint, féadfaidh an t-athbhreithnitheoir glacadh leis an ráiteas sin mar fhianaise ar an iompar frithshóisialta sin.
- (15) In athbhreithniú ar rabhadh tionóntachta faoin alt seo, beidh aird chuí ag an údarás tithíochta lena mbaineann agus ag an athbhreithnitheoir ar chéannacht daoine a chosaint, is daoine a chuir iompar frithshóisialta in iúl don údarás nó don athbhreithnitheoir in imthosca ina bhféadfaí, i dtuairim an údaráis nó an athbhreithnitheora, mura ndéanfaí amhlaidh—
- (a) na daoine sin, nó daoine atá bainteach leo, a chur i mbaol foréigin, bagartha nó eagla de dhroim an méid sin a chur in iúl amhlaidh, nó
- (b) na daoine sin a chosc ar shlí eile ar an méid sin a chur in iúl amhlaidh mar gheall ar an bhforéigean, ar an mbagairt nó ar an eagla sin.

Cuid 4 agus leasú ar Acht 2009

49. (1) Leasaítear alt 19 d'Acht 2009, i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(b) cúnaimh tithíochta a sholáthar faoi *Chuid 4 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014*.”.

- (2) Leasaítear alt 20 d'Acht 2009—

- (a) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) foirm oiriúnach de thacaíocht den sórt sin le haghaidh an teaghlaigh sin.”,

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Féadfaidh údarás tithíochta measúnacht ar thithíocht shóisialta a dhéanamh i leith teaghlaigh i gcás go mbeidh duine den teaghlach ag fáil forlíonadh faoi alt 198(3) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 i leith an mhéid cíosa is iníochta i leith a áite cónaithe nó a háite cónaithe.”,

- (c) i mír (f) d'fho-alt (4), trí “ar fhoirm oiriúnach” a chur in ionad “ar an bhfoirm is oiriúnaí”,

- (d) i mír (g) d'fho-alt (4), trí “duine den” a chur isteach roimh “teaghlach”,

- (e) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

- “(4A) (a) Más rud é, mar gheall ar imthosca cáis áirithe, nach féidir le húdarás tithíochta a shuíomh de thuras na huairé an bhfuil cóiríocht eile ar fáil do theaghlach a d’fhreastalódh do riachtanas tithíochta an teaghlaigh, féadfaidh an t-údarás, faoi réir na bhforálacha eile den alt seo, a chinneadh go bhfuil an teaghlach cáilithe le haghaidh na bhfoirmeacha tacaíochta do thithíocht shóisialta a shonraítear i míreanna (bb) agus (d) d’alt 19(2) d’Acht 2009.
- (b) Déanfaidh an t-údarás tithíochta athbheithniú ar chinneadh faoi mhír (a) i gceann tréimhsí a bheidh forordaithe chun críocha an ailt seo.
- (c) Aon teaghlach lena mbaineann mír (a) agus a bheidh ag fáil tacaíocht do thithíocht shóisialta d’fhoirm dá dtagraítear sa mhír sin, ní bheidh sé incháilithe chun cur isteach ar aistriú go dtí foirm de thacaíocht den sórt sin nach dtagraítear di i mír (a) ach, má chinneann údarás tithíochta dá éis sin nach bhfuil cóiríocht eile ar fáil don teaghlach a d’fhreastalódh dá riachtanas tithíochta, ansin beidh an fad ama a bhí an teaghlach ag fáil tacaíocht do thithíocht shóisialta den fhoirm sin ináirithe, de réir scéim leithroinnte an údaráis tithíochta, chun críocha iarratas ón teaghlach ar aistriú go dtí tacaíocht do thithíocht shóisialta d’fhoirm eile.”
- (f) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):
- “(5A) (a) Faoi réir mhír (b), scoirfidh teaghlach a bheidh ag fáil tacaíocht do thithíocht shóisialta de bheith incháilithe le haghaidh na tacaíochta sin más rud é—
- (i) sna 3 bliana roimhe sin, go raibh an teaghlach nó duine den teaghlach i riaráiste cíosa, ranníocaí cíosa, muirear, táillí nó aon airgid eile a bhí dlite agus ag dul d’údarás tithíochta nó do chomhlacht ceadaithe ar feadh tréimhse chomh fada 12 sheachtain nó níos mó i leith teaghais nó láithreán lena mbaineann Caibidil 3 de Chuid 2 d’Acht 2009, agus
- (ii) nach mbeidh socruithe athsceidealaithe déanta ag an teaghlach nó ag an duine den teaghlach lena mbaineann leis an údarás tithíochta nó leis an gcomhlacht ceadaithe lena mbaineann chun an riaráiste sin a íoc, nó, i gcás socruithe den sórt sin a bheith déanta aige nó aici, nach mbeidh téarmaí na socruithe sin comhlíonta go substaintiúil aige nó aici i dtuairim an údaráis nó an chomhlachta.
- (b) Tabharfar neamhaird ar mhainneachtain ag teaghlach nó ag duine de theaghlach téarmaí socruithe athsceidealaithe a chomhlíonadh go substaintiúil in aon chás inar deimhin leis an údarás tithíochta nó leis an gcomhlacht ceadaithe lena mbaineann gurbh imthosca nach raibh aon neart ag an teaghlach sin nó ag an duine sin den teaghlach orthu ba chúis leis an mainneachtain.
- (5B) (a) I gcás go ndiúltoídh teaghlach cáilithe a bheidh taifeadta i dtaifead na dteaghlach cáilithe, is clár arna chothabháil ag údarás tithíochta, líon forordaithe tairiscintí réasúnacha maidir le cineál sonraithe tacaíochta

do thithíocht shóisialta in aon tréimhse leanúnach a bheidh forordaithe, ansin—

- (i) beidh an teaghlach neamh-incháilithe le haghaidh tacaíocht do thithíocht shóisialta go ceann tréimhse fhorordaithe tar éis an diúltaithe dheireanaigh le linn na tréimhse leanúnaí sin, agus
- (ii) ní bheidh an tréimhse fhorordaithe neamh-incháilitheachta ináirithe in aon slí dá éis sin chun tosaíocht choibhneasta an teaghlaigh sin maidir le tacaíocht do thithíocht shóisialta a chinneadh.

(b) Le linn tairiscint a dhéanamh maidir le tacaíocht do thithíocht shóisialta dá dtagraítear i mír (a), féadfaidh údarás tithíochta, mura rud é go mbeidh sé forordaithe chun críche na míre lena mbaineann, tréimhse a shonrú ar laistigh di is gá glacadh leis an tairiscint, nó dáta a shonrú ar gá glacadh leis an tairiscint roimhe, sula rachaidh sí in éag agus má éagann an tairiscint, measfar gur diúltú é chun críocha an fho-alt sin.

(c) San fho-alt seo, ciallaíonn ‘cineál sonraithe tacaíochta do thithíocht shóisialta’ tacaíocht do thithíocht shóisialta de chineál dá dtagraítear i mír (a), (b) nó (d) d’alt 19(2).”,

agus

(g) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (10):

“(10) Ní cheanglófar ar údarás tithíochta measúnacht ar thithíocht shóisialta a dhéanamh i leith teaghlach a bheidh ag fáil tacaíocht do thithíocht shóisialta agus a bheidh ag iarraidh aistriú chuig, nó leas a bhaint as, cineál eile tacaíochta do thithíocht shóisialta.”.

(3) Leasaítear alt 31 d’Acht 2009 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) (a) San alt seo, folaíonn tagairtí do chíos ranníoc cíosa is iníochta ag tionónta faoi chomhaontú tionóntachta de chuid Chaibidil 4.

(b) San alt seo, seachas i bhfo-alt (6)(h), folaíonn tagairtí do chíos ranníoc cíosa is iníochta faoi alt 44 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 ag tionónta is duine de theaghlach cáilithe de réir bhrí alt 35 den Acht sin.”.

(4) Leasaítear alt 32 d’Acht 2009—

(a) i bhfo-alt (1), trí “agus” a scriosadh san áit dheireanach a bhfuil sé i mír (b) agus tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(ba) teaghlach a mbeidh cinneadh déanta ag údarás tithíochta ina leith go bhfuil sé cáilithe le haghaidh tacaíocht do thithíocht shóisialta agus a bheidh ag iarraidh cúnamh tithíochta i leith teaghais áirithe, agus”,

(b) i mír (b) d’fho-alt (2), trí “i mír (a), (b) nó (ba) d’fho-alt (1)” a chur in ionad “i bhfo-alt (1)(a) nó (b)”, agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(5A) Gan dochar d’fho-alt (2), chun a chumasú d’údarás tithíochta breithniú a dhéanamh ar iarraidh ó theaghlach cáilithe chun cúnaimh tithíochta a fháil faoi *Chuid 4 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014* i leith teaghais áirithe, féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena ndéanfar foráil maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) an fhaisnéis agus na sonraí a bheidh le soláthar ag an teaghlach i leith na teaghaise, an tiarna talún a bheidh i gceist agus, i gcásanna iomchuí, an duine nó na daoine lena mbeartaíonn an teaghlach cónaí a dhéanamh sa teaghais, agus fíorú na faisnéise agus na sonraí sin,
- (b) cibé faisnéis bhreise a thabhairt is cúil leis an údarás chun an iarraidh a bhreithniú,
- (c) an tréimhse ar lena linn a sholáthróidh an teaghlach lena mbaineann an fhaisnéis agus na sonraí, lena n-áirítear aon fhaisnéis bhreise, agus
- (d) cibé nithe eile a mheasfaidh an tAire is gá agus is cúil.”.

Feidhm Chuid 4 maidir le húdaráis tithíochta

50. Féadfaidh an tAire, d’fhonn tabhairt isteach cúnaimh tithíochta a éascú, an dáta a fhorordú a dhéanfaidh údaráis tithíochta shonraithe an Chuid seo a chur chun feidhme i leith aicmí sonraithe teaghlaigh agus féadfaidh an tAire dátaí éagsúla agus aicmí éagsúla teaghlaigh a shonrú i leith údaráis tithíochta éagsúla.

Caiteachais a thabhóidh údarás tithíochta faoi Chuid 4

51. Féadfaidh an tAire, le toiliú roimh ré ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, íocaíochtaí a dhéanamh, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, le húdarás tithíochta i leith cuid de na caiteachais nó i leith na gcaiteachas go léir, lena n-áirítear caiteachais riaracháin, arna dtabhú ag an údarás de bhua na Coda seo.

CUID 5

ILGHNÉITHEACH

Míniú (Cuid 5)

52. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 2005” an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005.

An tAire Coimirce Sóisialaí d’asbhaint cíos údaráis áitiúil, etc.

53. (1) San alt seo—

ciallaíonn “glaníocaíochtaí scéime” an méid is iníoctha in aghaidh na seachtaine faoi scéim le faighteoir iomchuí ag an Aire Coimirce Sóisialaí—

- (a) tar éis aon asbhaintí chun na gcríoch dá dtagraítear in alt 341(7) d’Acht 2005, agus
- (b) tar éis aon mhéideanna a asbhaint a cheanglaítear a asbhaint le hordú ó chúirt, agus, i gcás asbhaintí—

- (i) i leith cíosa, folaíonn sé aon mhéid a shonraítear i gcolúin (2) go (8) de Chuid 1 de Sceideal 2 a ghabhann le hAcht 2005 nó i gcolúin (2) go (8) de Chuid 1 de Sceideal 4 a ghabhann leis an Acht sin, nó
- (ii) i leith riaráiste cíosa, ní fholáíonn sé aon mhéid a shonraítear i gcolúin (3) go (8) de Chuid 1 de Sceideal 2 a ghabhann le hAcht 2005 nó i gcolúin (3) go (8) de Chuid 1 de Sceideal 4 a ghabhann leis an Acht sin;

ciallaíonn “Uimhir PSP”, i ndáil le duine, uimhir phearsanta seirbhíse poiblí an duine de réir bhrí alt 262 d’Acht 2005;

ciallaíonn “faighteoir iomchuí” duine atá i dteideal íocaíocht faoin scéim as a bhféadfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí asbhaint a dhéanamh de réir an ailt seo;

ciallaíonn “cíós”—

- (a) cíós is iníoctha ag tionónta le húdarás tithíochta faoi alt 31 d’Acht 2009, nó
- (b) ranníoc cíosa is iníoctha ag duine le húdarás tithíochta faoi alt 25 d’Acht 2009 nó faoi *alt 44*,

agus forléireofar tagairtí do riaráiste cíosa dá réir sin;

tá le “méid riaráiste cíosa a iarrfar” an bhrí a thugtar dó i *bhfo-alt (4)(b)(iii)*;

tá le “méid cíosa a iarrfar” an bhrí a thugtar dó i *bhfo-alt (2)(b)(iii)*;

ciallaíonn “scéim” na forálacha de na hAchtanna Leasa Shóisialaigh lena ndéantar foráil maidir le cibé sochair nó cibé cúnamh nó cibé forlíontaí, de réir mar a bheidh, a shonróidh an tAire le hordú faoi *fho-alt (14)* chun críocha an ailt seo, le toiliú an Aire Coimirce Sóisialaí;

ciallaíonn “íocaíochtaí scéime” an méid is iníoctha faoin scéim le faighteoir iomchuí nó thar ceann faighteoir iomchuí ag an Aire Coimirce Sóisialaí.

- (2) (a) Féadfaidh údarás tithíochta iarraidh a dhéanamh chun an Aire Coimirce Sóisialaí ar an méid cíosa is iníoctha leis an údarás ag an bhfaighteoir iomchuí lena mbaineann a asbhaint as glaníocaíochtaí scéime agus an méid a asbhainfear a tharchur chuig an údarás.
- (b) Sonrófar in iarraidh ó údarás tithíochta faoi *mhír (a)*—
 - (i) Uimhir PSP an fhaighteora iomchuí lena mbaineann,
 - (ii) an dáta tosaigh chun cíós a asbhaint, agus
 - (iii) an méid cíosa a iarrfar ar an Aire Coimirce Sóisialaí (dá ngairtear an “méid cíosa a iarrfar” san alt seo) a asbhaint as glaníocaíochtaí scéime an fhaighteora sin.
- (3) (a) Aon uair a dhéanfaidh údarás tithíochta iarraidh faoi *fho-alt (2)*, déanfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí, ón dáta tosaigh dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(b)(ii)* agus de réir an ailt seo, an méid cíosa a iarrfar a asbhaint as glaníocaíochtaí scéime an fhaighteora iomchuí lena mbaineann agus déanfaidh an tAire sin, a luaithe is indéanta, fógra a thabhairt don údarás tithíochta lena mbaineann dá réir sin.

- (b) Más rud é, aon tráth, nach mbeidh méid leordhóthanach ar fáil i nglaníocaíochtaí scéime an fhaighteora iomchuí chun a chumasú go n-asbhainfear iomlán an mhéid cíosa a iarrfar, déanfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí, chun na críche sin, iomlán an mhéid is féidir a asbhaint faoin alt seo a asbhaint as glaníocaíochtaí scéime an fhaighteora sin agus déanfaidh an tAire sin, a luaithe is indéanta, fógra a thabhairt don údarás tithíochta lena mbaineann i dtaobh an mhéid arna asbhaint amhlaidh.
- (c) Más rud é, aon tráth, nach mbeidh aon mhéid ar fáil i nglaníocaíochtaí scéime an fhaighteora iomchuí chun a chumasú go n-asbhainfear aon chuid den mhéid cíosa a iarrfar, déanfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí, a luaithe is indéanta, fógra a thabhairt don údarás tithíochta lena mbaineann á rá nach ndearnadh an asbhaint a iarradh.
- (d) I gcás go ndéanfaidh údarás tithíochta iarrataí i leith faighteoir iomchuí faoi *fho-alt (2)* agus (4) a bhaineann le híocaíochtaí scéime a bheidh dlíte an dáta céanna, déanfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí asbhaintí i leith na hiarrata faoi *fho-alt (2)* sula ndéanfaidh sé nó sí asbhaintí i leith na hiarrata faoi *fho-alt (4)*.
- (4) (a) Féadfaidh údarás tithíochta iarraidh a dhéanamh chun an Aire Coimirce Sóisialaí ar mhéid i leith riaráiste cíosa a bheidh dlíte don údarás den fhaighteoir sin a asbhaint as glaníocaíochtaí scéime faighteora iomchuí agus an méid a asbhainfear a tharchur chuig an údarás.
- (b) Sonrófar in iarraidh ó údarás tithíochta faoi *mhír (a)*—
- (i) uimhir PSP an fhaighteora iomchuí lena mbaineann,
- (ii) an dáta tosaigh chun riaráiste cíosa a asbhaint, agus
- (iii) an méid riaráiste cíosa a iarrfar ar an Aire Coimirce Sóisialaí (dá ngairtear an “méid riaráiste cíosa a iarrfar” san alt seo) a asbhaint as glaníocaíochtaí scéime an fhaighteora sin.
- (5) (a) Aon uair a dhéanfaidh údarás tithíochta iarraidh faoi *fho-alt (4)*, déanfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí, ón dáta tosaigh dá dtagraítear i *bhfo-alt (4)(b)(ii)* agus de réir an ailt seo, an méid riaráiste cíosa a iarrfar a asbhaint as glaníocaíochtaí scéime an fhaighteora iomchuí, ach beidh aon asbhaint den sórt sin i leith riaráiste cíosa faoi réir an choinníll go laghdófar í, más gá, ionas nach mó suim na n-asbhaintí a dhéanfar de réir alt 341(7) d’Acht 2005 agus i leith riaráiste cíosa ná 15 faoin gcéad den ráta seachtainiúil (de réir na brí dá bhforáiltear le halt 341(7B) d’Acht 2005) sochair nó cúnaimh a bhfuil an faighteoir iomchuí, nó a dtiocfaidh sé nó sí chun bheith, ina theideal.
- (b) Déanfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí, a luaithe is indéanta, fógra a thabhairt don údarás tithíochta lena mbaineann i dtaobh an mhéid riaráiste cíosa a asbhainfear faoi *mhír (a)*.
- (c) Más rud é, aon tráth, nach mbeidh méid leordhóthanach ar fáil i nglaníocaíochtaí scéime an fhaighteora iomchuí chun a chumasú iomlán an mhéid riaráiste cíosa a iarrfar a asbhaint, déanfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí, chun na críche sin, iomlán an mhéid is féidir a asbhaint faoin alt seo a asbhaint as glaníocaíochtaí scéime an fhaighteora sin.

- (d) Más rud é, aon tráth, de bharr aon asbhaintí a dhéanfar de réir alt 341(7) d'Acht 2005 nó i leith cíosa, nach mbeidh aon mhéid ar fáil in iarmhéid ghlaníocaíochtaí scéime an fhaighteora iomchuí chun a chumasú aon chuid den mhéid riaráiste cíosa a iarrfar a asbhaint, déanfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí, a luaithe is indéanta, fógra a thabhairt don údarás tithíochta lena mbaineann á rá nach ndearnadh an asbhaint a iarradh.
- (6) Scoirfidh iarraidh ó údarás tithíochta faoi *fho-alt (2)* nó *(4)* d'éifeacht a bheith léi ar cibé ceann de na teagmhais seo a leanas is túsce a tharlóidh:
- (a) an tAire Coimirce Sóisialaí d'fháil fógra ón údarás lena bhfoirceannfar an iarraidh;
- (b) an tAire Coimirce Sóisialaí d'fháil iarraidh nua ón údarás faoin bhfo-alt céanna a bhainfidh leis an bhfaighteoir iomchuí céanna;
- (c) cothrom dhá bhliain an dáta tosaigh a shonrófar san iarraidh.
- (7) (a) Beidh an tAire Coimirce Sóisialaí cuntasach d'údarás tithíochta as an méid cíosa agus riaráiste cíosa a asbhainfear as glaníocaíochtaí scéime de dhroim iarraidh ón údarás sin faoi *fho-alt (2)* nó *(4)*.
- (b) Déanfar cíos agus riaráiste cíosa a asbhainfidh an tAire Coimirce Sóisialaí faoin alt seo a tharchur chuig an údarás tithíochta lena mbaineann san fhoirm agus ar an modh a chomhaontófar idir an tAire agus an tAire Coimirce Sóisialaí.
- (c) Faoi réir aon socrú eile a chomhaontófar idir an tAire agus an tAire Coimirce Sóisialaí, déanfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí cíos agus riaráiste cíosa a asbhainfear faoin alt seo a tharchur chuig an údarás tithíochta lena mbaineann laistigh de 5 lá oibre tar éis na hasbhainte sin.
- (8) (a) I gcás go gceanglófar ar an Aire Coimirce Sóisialaí faoin alt seo fógra a thabhairt d'údarás tithíochta i dtaobh méid asbhainte i leith cíosa nó riaráiste cíosa nó nach ndearnadh asbhaint a iarradh, beidh an ceanglas sin comhlíonta má tá an tAire sin, i leith an údaráis a mbeidh fógra le tabhairt dó, tar éis a chumasú don údarás rochtain a bheith aige ar an bhfaisnéis lena mbaineann ar mhodh a chomhaontóidh an tAire agus an tAire Coimirce Sóisialaí.
- (b) Maidir le comhaontú idir an tAire agus an tAire Coimirce Sóisialaí chun críocha *mhír (a)*—
- (i) beidh ar áireamh ann an tréimhse ar laistigh di a thabharfar rochtain ar an bhfaisnéis sin don údarás áitiúil lena mbaineann, tar éis an asbhaint a dhéanamh nó tar éis an dáta nach mbeidh an asbhaint a bheidh dlite déanta, agus
- (ii) féadfaidh a bheith ar áireamh ann teorainn ama nó tagairt d'aon teagmhas amháin nó do níos mó ná aon teagmhas amháin do tharlú nach gceanglófar ar an Aire Coimirce Sóisialaí dá éis nó dá n-éis an fhaisnéis sin a chur ar fáil don údarás áitiúil lena mbaineann de réir an fho-ailt seo.
- (9) I gcás go scoirfidh faighteoir iomchuí, ar ina leith a bheidh iarraidh déanta ag an údarás tithíochta lena mbaineann faoin alt seo, de bheith i dteideal íocaíochtaí scéime a fháil aon tráth nuair is iarraidh mharthanach an iarraidh, ansin déanfaidh

an tAire Coimirce Sóisialaí, a luaithe is indéanta, fógra a thabhairt don údarás tithíochta dá réir sin.

- (10) I gcás go mbeidh iarraidh faighte ag an Aire Coimirce Sóisialaí ó údarás tithíochta faoin alt seo ach nach mbeidh an méid iomlán cíosa nó riaráiste cíosa nó cuid den mhéid cíosa nó den riaráiste cíosa dá dtagraítear san iarraidh asbhainte aige nó aici as glaníocaíochtaí scéime faighteora iomchuí, ansin—
- (a) féadfar an méid cíosa nó riaráiste cíosa nár asbhaineadh a áireamh in aon iarraidh dá éis sin a dhéanfaidh an t-údarás tithíochta lena mbaineann chuig an Aire sin i leith an fhaighteora iomchuí lena mbaineann, nó
- (b) féadfaidh an t-údarás tithíochta, gan dochar d'aon chumhacht eile de chuid údarás tithíochta sa ní, comhaontú a dhéanamh leis an bhfaighteoir iomchuí maidir le modh eile chun an méid cíosa nó riaráiste cíosa lena mbaineann a bheidh dlite agus ag dul don údarás a íoc.
- (11) Más rud é—
- (a) gur mó an méid cíosa nó riaráiste cíosa a asbhainfidh an tAire Coimirce Sóisialaí as glaníocaíochtaí scéime faighteora iomchuí ná an méid a d'iarr an t-údarás tithíochta lena mbaineann ar an Aire sin a asbhaint faoin alt seo, agus
- (b) go mbeidh an méid cíosa nó riaráiste cíosa arna asbhaint tarchurtha ag an Aire Coimirce Sóisialaí chuig an údarás tithíochta sin,

ansin déanfaidh an t-údarás sin, faoi réir aon socrú eile ar a gcomhaontófar idir an tAire agus an tAire Coimirce Sóisialaí, méid na breise a aisíoc leis an Aire Coimirce Sóisialaí laistigh de 5 lá oibre tar éis fógra a fháil ón Aire sin i dtaobh an mhéid breise arna tharchur amhlaidh nó teacht ar an eolas ar shlí eile faoin méid breise arna tharchur amhlaidh.

(12) Más rud é, maidir leis an Aire Coimirce Sóisialaí—

- (a) go mbeidh an méid cíosa nó riaráiste cíosa a bheidh iarrtha ag údarás tithíochta faoin alt seo nó méid is lú ná sin asbhainte aige nó aici as glaníocaíochtaí scéime faighteora iomchuí, agus
- (b) go mbeidh an méid sin tarchurtha aige nó aici chuig an údarás tithíochta,

ach nach ndéanfar, ar chúis ar bith, iarmhéid na nglaníocaíochtaí scéime lena mbaineann is iníochta leis an bhfaighteoir iomchuí a íoc go cuí leis an bhfaighteoir sin, ansin tabharfaidh an tAire sin fógra don údarás tithíochta dá réir sin agus déanfaidh an t-údarás, faoi réir aon socrú eile ar a gcomhaontófar idir an tAire agus an tAire Coimirce Sóisialaí, méid na breise a aisíoc leis an Aire Coimirce Sóisialaí laistigh de 5 lá oibre tar éis an fógra a fháil.

- (13) (a) I gcás go mbeidh iarraidh déanta ag údarás tithíochta faoin alt seo, coimeádfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí taifead i ndáil le gach iarraidh den sórt sin ar cibé faisnéis a fhorordóidh an tAire, le toiliú an Aire Coimirce Sóisialaí.
- (b) Déanfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí—
- (i) na taifid dá dtagraítear i *mír (a)* a choimeád ar feadh cibé tréimhse a fhorordóidh an tAire le toiliú an Aire sin, agus

- (ii) na taifid sin a choimeádfaidh sé nó sí amhlaidh a thabhairt ar aird don údarás tithíochta lena mbaineann ar é dá n-iarraidh.
- (14) Féadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Coimirce Sóisialaí, le hordú a fhoráil gurb é a bheidh sa scéim chun críocha an ailt seo cibé sochair nó cibé cúnaimh nó forlíontaí faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a shonrófar san ordú.
- (15) Más rud é go ndéanfaidh an tAire Coimirce Sóisialaí méid cíosa nó riaráiste cíosa a asbhaint, de réir an ailt seo, as glaníocaíochtaí scéime faighteora iomchuí, beidh an tAire sin, ach amháin i gcás aon asbhaint bhreise arna tarchur chuig údarás tithíochta faoi *fho-alt (11)* a mbeidh fógra ina taobh tugtha ag an Aire sin don údarás, saortha agus urscaoilte i leith cibé méid arb ionannas dó an asbhaint, amhail is dá mba rud é gur íocadh an méid sin leis an bhfaighteoir iomchuí iarbhír.

Leasuithe ar Acht 2005

54. (1) Leasaítear Acht 2005 in alt 196 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Aon duine a bheidh ag fáil aon sochar, aon chúnaimh nó aon fhorlíonadh faoin Acht seo as a mbeidh asbhaint á déanamh i leith cíos nó riaráiste cíosa a íoc faoi *alt 53 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014*, ní bheidh sé nó sí i dteideal éileamh a dhéanamh ar liúntas leasa forlíontach faoin alt seo i leith an airgid a bheidh á asbhaint amhlaidh.”,

- (2) Leasaítear Acht 2005 in alt 198—

(a) i bhfo-alt (3F), trí “Faoi réir fho-alt (3FB), ní bheidh duine i dteideal íocaíocht” a chur in ionad “Ní bheidh duine i dteideal íocaíochta”, agus

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3F):

“(3FA) Faoi réir fho-alt (3FB), ní bheidh duine i dteideal íocaíocht dá dtagraítear i bhfo-alt (3) mura rud é, agus faoi réir fho-alt (3H), ar an iarratas a dhéanamh, gur deimhin le duine ainmnithe gur tionónta *bona fide* é nó í an duine, agus—

(a) faoi réir fho-alt (3G) más infheidhme, go raibh sé nó sí ag fáil íocaíocht dá dtagraítear i bhfo-alt (3) i leith tionóntacht eile díreach roimh an iarratas a dhéanamh nó go raibh sé nó sí ag fáil na híocaíochta laistigh de thréimhse shonraithe arna forordú,

(b) go bhfuil cónaí air nó uirthi, don thréimhse a fhorordaítear, i gcóiríocht ar cíos—

(i) a raibh, i dtosach na tionóntachta, ionchas ina leith, a mhéid ba réasúnach sna himthosca go léir, go bhféadfadh an duine an cíos a íoc amach sa todhchaí, agus

(ii) a raibh an duine in ann an cíos a íoc ina leith i dtosach na tionóntachta,

agus tar éis thosach na tionóntachta go bhfuil mórathrú tagtha ar imthosca an duine agus nach bhfuil ar a chumas nó ar a cumas an cíos

a íoc agus nach é nó í an duine sin is cúis leis an athrú sin ar a imthosca nó a himthosca, nó

(c) go bhfuil cónaí air nó uirthi, don tréimhse a fhorordaítear—

(i) i gcóiríocht do dhaoine gan chónaí mar a fhoráiltear faoi alt 10 d’Acht na dTithe 1988, nó

(ii) i bhforas,

ach amháin i gcás go gcinneadh údarás tithíochta i leith an teaghlaigh ar duine de an duine go bhfuil sé cáilithe le haghaidh tacaíocht do thithíocht shóisialta faoi mheasúnacht ar thithíocht shóisialta de bhun alt 20 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

(3FB) (a) Beidh feidhm ag fo-alt (3F), más infheidhme, ach amháin i leith cás lena mbaineann mír (b).

(b) Beidh feidhm ag fo-alt (3FA) maidir le duine más rud é—

(i) go bhforálfar le rialacháin a dhéanfar faoi alt 50 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 go gcuirfidh údarás tithíochta sonraíthe Cuid 4 den Acht sin chun feidhme i leith aicme shonraithe teaghlaigh, agus

(ii) gur duine é nó í de theaghlach laistigh d’aicme teaghlaigh den sórt sin agus gurb é an t-údarás sonraíthe an t-údarás tithíochta maidir leis an teaghlach chun críocha Chuid 4 den Acht sin.”

(3) Leasaítear Acht 2005 in alt 198 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3F):

“(3G) (a) (i) Aon duine a bheidh ag fáil íocaíocht faoi fho-alt (3) i leith tréimhse leanúnach nach giorra ná tréimhse fhorordaithe, déanfaidh sé nó sí—

(I) ar dhuine ainmnithe d’iarraidh air nó uirthi déanamh amhlaidh i scríbhinn, iarratas chun an údarás tithíochta lena mbaineann ar thacaíocht do thithíocht shóisialta dá theaghlach nó dá teaghlach agus, dá dhroim sin, ar mheasúnacht ar thithíocht shóisialta a dhéanamh faoi alt 20 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, agus

(II) faoi réir fhomhír (ii), laistigh de 6 seachtaine ó thráth na hiarrata sin ag duine ainmnithe, daingniú a sholáthar don duine ainmnithe go bhfuil an teaghlach tar éis foirm iarratais arna comhlánú go cuí ar thacaíocht do thithíocht shóisialta a chur ar aghaidh chuig an údarás sin chun go ndéanfar measúnacht ar thithíocht shóisialta amhlaidh.

(ii) Féadfaidh an duine ainmnithe, i gcás gur deimhin leis nó léi go bhfuil fadú ama cóir i gcás áirithe, an tréimhse dá dtagraítear i bhfomhír (i)(II) a fhadú go ceann tréimhse bhreise nach faide in aon chás ná 6 seachtaine.

(iii) I gcás go mainneoidh duine lena mbaineann fomhír (i) an daingniú a sholáthar go cuí de réir fhomhír (i)(II) nó de réir na fomhíre sin agus

fhomhír (ii), ansin scoirfidh sé nó sí de bheith i dteideal íocaíocht faoi fhomhír (3) nuair a bheidh an tréimhse dá dtagraítear i bhfomhír (i)(II) nó i bhfomhír (ii), de réir mar a bheidh, dultha in éag.

(b) Aon duine a bheidh ag fáil íocaíocht faoi fho-alt (3), scoirfidh sé nó sí de bheith i dteideal íocaíocht den sórt sin i gcás go dtabharfaidh údarás tithíochta fógra don Aire á rá gur mhainnigh an teaghlach ar duine de an duine faisnéis bhreise a sholáthar go cuí don údarás a d'iarr an t-údarás d'fhonn faisnéis a fhíorú, chun críocha measúnacht ar thithíocht shóisialta faoi alt 20 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, a bhaineann le hiarratas an teaghlaigh ar thacaíocht do thithíocht shóisialta.

(3H) Aon duine a bheidh ag fáil íocaíocht faoi fho-alt (3), scoirfidh sé nó sí de bheith i dteideal íocaíocht den sórt sin más rud é go gcinnfidh údarás tithíochta go bhfuil an teaghlach ar duine de an duine cáilithe le haghaidh tacaíocht do thithíocht shóisialta agus go dtabharfaidh an t-údarás fógra don Aire á rá—

(a) go bhfuil tacaíocht do thithíocht shóisialta á soláthar don teaghlach sin,

(b) gur foirm chúil thacaíochta don teaghlach sin é cúnaimh tithíochta faoi *Chuid 4 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014* agus go ndearna an teaghlach aon rud nó gur mhainnigh an teaghlach aon rud a dhéanamh ar dá dhroim nár ghlac an teaghlach leis an bhfoirm sin thacaíochta do thithíocht shóisialta, nó

(c) go bhfuil an teaghlach neamh-incháilithe, de bhua oibriú alt 20(5B) d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, le haghaidh tacaíocht do thithíocht shóisialta ar feadh tréimhse a fhorordaítear faoin achtachán sin.”.

(4) Leasaítear Acht 2005 in alt 290A—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“**290A.** (1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le tairbhí—

(a) is tionónta de chuid comhlacht tithíochta, nó

(b) is tionónta de theaghais is ábhar do chúnaimh tithíochta faoi *alt 39 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014,*

agus atá i dteideal sochar a fhorordaítear faoin alt seo.”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Scoirfidh asbhaint agus íocaíocht a dhéanfar de bhun an ailt seo—

(a) más rud é—

(i) go scoirfidh an tairbhí, ar é nó í d'fháil bháis nó ar shlí eile, de bheith ina thionónta nó ina tionónta de chuid comhlacht tithíochta,

(ii) go scoirfidh an tairbhí, ar é nó í d'fháil bháis nó ar shlí eile, de bheith ina thionónta nó ina tionónta de theaghais is ábhar do chúnaimh tithíochta faoi *alt 39 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014,* nó

(iii) go scoirfidh an tairbhí ar shlí eile de theideal a bheith aige nó aici chun sochar a fhorordaítear faoin alt seo,

nó

(b) i gcás go gcuirfear deireadh leis an asbhaint sin agus leis an íocaíocht sin de réir an ailt seo.”,

agus

(c) i bhfo-alt (7), trí “arna leasú leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014” a chur in ionad “a leasaíodh le halt 8 d’Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009”.

Sonraí a roinnt agus a mhalartú

55. (1) D’ainneoin aon achtachán nó riail dlí—

(a) déanfaidh duine iomchuí, ar iarraidh ó údarás tithíochta, cibé faisnéis a sholáthar don údarás tithíochta a bheidh i seilbh nó faoi rialú an duine iomchuí nó, i gcás gur comhlacht corpraithe an duine iomchuí, aon fhochuideachta (de réir bhrí alt 155 d’Acht na gCuideachtaí, 1963) de chuid an duine iomchuí, agus a theastóidh le réasún ón údarás tithíochta chun a chumasú don údarás tithíochta a fheidhmeanna faoi Achtanna na dTithe, 1966 go 2014 a chomhlíonadh, agus

(b) déanfaidh údarás tithíochta, i gceann cibé eatraimh a shonróidh duine iomchuí, cibé faisnéis a sholáthar don duine iomchuí a gheobhaidh an t-údarás tithíochta de bhun Achtanna na dTithe, 1966 go 2014, lena n-áirítear uimhreacha tagartha cánach, agus a theastóidh le réasún ón duine iomchuí chun a chumasú don duine sin feidhmeanna faoi achtachán sonraithe a chomhlíonadh.

(2) San alt seo—

ciallaíonn “duine iomchuí”, de réir mar a éileoidh an comhthéacs—

(a) an tAire Coimirce Sóisialaí,

(b) an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha a bunaíodh faoi alt 150 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004, nó

(c) na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn “achtachán sonraithe”—

(a) i ndáil leis an Aire Coimirce Sóisialaí, na hAchtanna Leasa Shóisialaigh,

(b) i ndáil leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, na hAchtanna um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 agus 2009;

(c) i ndáil leis na Coimisinéirí Ioncaim—

(i) na hAchtanna Cánach,

(ii) na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,

- (iii) na hAchtanna Cánach Breisluacha,
- (iv) an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999, nó
- (v) an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003;

ciallaíonn “uimhir thagartha chánach”—

- (a) i ndáil le pearsa aonair, uimhir phearsanta seirbhíse poiblí (de réir bhrí alt 262 d’Acht 2005) na pearsan aonair sin, nó
- (b) i ndáil le comhlacht corpraithe—
 - (i) an uimhir thagartha atá luaite ar aon fhoirm tuairisceáin ioncaim nó aon fhógra measúnachta a d’eisigh oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim chuig an duine sin, nó
 - (ii) uimhir chláraithe an chomhlachta chorpraithe chun críocha na nAchtanna Cánach Breisluacha.

Leasú ar alt 31 (scéimeanna cíosa agus muirir) d’Acht 2009

56. Leasaítear alt 31 d’Acht 2009—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Más rud é go ndéanfaidh aon duine amháin nó níos mó de theaghlach an tionónta íocaíochtaí i leith cíosa nó riaráiste cíosa, nó go ndéanfaidh sé nó sí nó siad socrúithe athsceidealaithe, nó go ndéanfar an céanna thar a cheann nó thar a ceann nó thar a gceann, ansin ní chruthóidh na híocaíochtaí sin nó na socrúithe sin uathu féin socrú tionóntachta idir an t-údarás tithíochta agus na daoine lena mbaineann agus, dá réir sin, seachas i leith an tionónta, ní eascróidh ná ní leanfaidh aon chearta tionóntachta de dhroim na n-íocaíochtaí nó na socrúithe sin.”,

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(5A) Chun críocha an ailt seo agus ailt 33 agus 34, aon riaráiste cíosa nó íocaíochtaí eile a bheidh dlite d’údarás tithíochta faoi alt 58(3) den Phríomh-Acht, measfar gur riaráiste cíosa nó muirir eile dá dtagraítear i bhfo-alt (3) é nó iad.”,

agus

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (g) d’fho-alt (6):

“(g) cíos agus muirir eile a tharscaoileadh, go hiomlán nó go páirteach, ar bhonn sealadach, i gcás cruatan airgeadais;

(h) faoi réir fho-alt (6A), an modh ar a ndéanfaidh údarás tithíochta, ag féachaint—

- (i) d’imhosca airgeadais teaghlach agus dá gcumas cíos a íoc,

(ii) d'fhorálacha eile de rialacháin arna ndéanamh faoin bhfo-alt seo, agus

(iii) d'aon treoir arna heisiúint sa ní faoi alt 5,

cíos agus muirir faoin alt seo a chinneadh le linn idirthréimhse a rachaidh in éag ar dháta a fhorordóidh an tAire, is dáta nach déanaí ná 2 bhliain tar éis an dáta a thiocfaidh fo-alt (3) i ngníomh.”,

agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(6A) Féadfaidh an tAire, ag féachaint do chomhdhéanamh agus d'imthosca airgeadais teaghlaigh cháilithe a bheidh ag fáil cúnamh tithíochta faoi *Chuid 4 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014* agus dá gcumas cíos a íoc, an ranníoc cíosa a fhorordú a bheidh iníochta le húdarás tithíochta ag tionónta is duine den teaghlach sin le linn na hidirthréimhse dá dtagraítear i mír (h) d'fho-alt (6).”.

Leasú ar an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014

57. Leasaítear Sceideal 4 a ghabhann leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, i mír 14(4), trí “30 Meitheamh 2015” a chur in ionad “31 Nollaig 2014”.

Leasú ar an Acht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981

58. Leasaítear an tAcht um Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe, 1981—

(a) in alt 4(2)(c), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (ii):

“(iii) don Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, lena úsáid aici chun a feidhmeanna a chomhlíonadh,”,

agus

(b) in alt 5, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(ca) don Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, lena úsáid aici chun a feidhmeanna a chomhlíonadh,”.